**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0149/2021**

27.4.2021

# TUARASCÁIL

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha
(2020/2216(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Deirdre Clune

Rapóirtéirí don tuairim (*):
Geert Bourgeois, an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta Nicola Beer, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh Kosma Złotowski, an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht Sabine Verheyen, an Coiste um Chultúr agus um Oideachas Marion Walsmann, an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla Annalisa Tardino, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

(*) Coistí comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................26

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA .............................................30

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH..................................................................................................................................37

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT .........................49

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS ..................................60

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA.....................................................67

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........73

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR...........................................................................................................................74

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE...................................................................................................................75

MOLTAÍ ..................................................................................................................................75

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........78

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR...........................................................................................................................79

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ......80

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........90

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR...........................................................................................................................91

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE....92

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR .........101

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.........................................................................................................................102

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE ................................................................................................................................103

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR .........109

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.........................................................................................................................110

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH....................................112

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH ......................................113

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha**
**(2020/2216(COD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do theachtaireacht an 19 Feabhra 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Shaping Europe's digital future'['Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'] (COM (2020)0067),

– ag féachaint do pháipéar bán an 19 Feabhra 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Artificial Intelligence – a European approach to excellence and trust' ['An Intleacht Shaorga – cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín'] (COM(2020)0065),

– ag féachaint do thuarascáil an 19 Feabhra 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'the safety and liability implications of Artificial Intelligence, the Internet of Things and robotics' ['impleachtaí sábháilteachta agus dliteanais na hIntleachta Saorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an róbataic'] (COM(2020)0064),

– ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Identifying and addressing barriers to the Single Market'['Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu'] (COM(2020)0093),

– ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules' ['Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr'] (COM(2020)0094),

– ag féachaint do theachtaireacht an 13 Samhain 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'New Consumer Agenda – Strengthening consumer resilience for sustainable recovery' ['Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip – Athléimneacht thomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe'] (COM(2020)0696),

– ag féachaint do theachtaireacht an 25 Aibreán 2018 ón gCoimisiún dar teideal 'Artificial Intelligence for Europe' ['Intleacht Shaorga don Eoraip'] (COM(2018)0237),

– ag féachaint don pháipéar oibre dar teideal 'Shaping the digital transformation in Europe' ['An claochlú digiteach san Eoraip a mhúnlú'], Feabhra 2020, arna dhréachtú ag McKinsey & Company don Choimisiún[1],

– ag féachaint do thuarascálacha an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) in 2020 agus do thorthaí an Eorabharaiméadair Speisialta "Attitudes towards the impact of digitalisation on daily lives" ["Dearcaí i leith thionchar an

[1] https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64962

dhigitithe ar shaol laethúil"][2],

– ag féachaint do Chonclúidí an 9 Meitheamh 2020 ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú,

– ag féachaint do theachtaireacht an 19 Feabhra 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'A European Data Strategy' ['Straitéis Eorpach maidir le Sonraí'] (COM(2020)0066],

– ag féachaint do Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise sa Mhargadh Inmheánach, an tráchtáil leictreonach go háirithe ('an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach')[3],

– ag féachaint do Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht táirgí go ginearálta[4],

– ag féachaint do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint in earnáil na cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach)[5],

– ag féachaint do Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagothroma')[6],

– ag féachaint do Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[7],

– ag féachaint do Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear

---

2
https://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinionmobile/index.cfm/survey/getsurveydetail/instruments/special/surveyky/2228;jsessionid=0A2965AA1C68AA476CBA202BE3EE7448.cfusion07001?CFID=9498722&CFTOKEN=32cd2e310977224c-A882F889-08D5-0E55-6CDA27376F14C4BE

3 (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1)

4 IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.

5 IO L 201, 31.7.2002, lch.

6 IO L 149, 11.6.2005, lch. 22

7 IO L 376, 27.12.2006, lch. 36

8 IO L 304, 22.11.2011, lch. 64

Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Eanáir 2016 maidir le 'Towards a Digital Single Market Act' ('I dTreo Gníomh um Margadh Aonair Digiteach')[10],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE[11],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012[12],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí[13],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí[14],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE[15],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne[16],

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2020 maidir le próisis chinnteoireachta uathoibrithe: cosaint tomhaltóirí agus saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a áirithiú[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha: Feidhmiú an Mhargaidh

[9] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1
[10] IO C 11, 12.1.2018, lch. 55.
[11] (IO L 60, 2.3.2018, lch. 1)
[12] (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1)
[13] IO L 328, 18.12.2019, lch. 7
[14] IO L 151, 7.6.2019, lch. 70
[15] IO L 130, 17.5.2019, lch. 92
[16] IO L 186, 11.7.2019, lch. 57
[17] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0032.

Aonair a fheabhsú[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cearta maoine intleachtúla chun teicneolaíochtaí intleachta saorga a fhorbairt[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 ina bhfuil moltaí don Choimisiún faoi chuimsiú gnéithe eitice den intleacht shaorga, den róbataic agus de theicneolaíochtaí gaolmhara[20],

– ag féachaint do rún an 20 Deireadh Fómhair 2020 uaithi ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le córas dliteanais shibhialta i leith na hintleachta saorga[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Eanáir 2021 maidir leis an margadh aonair a neartú: todhchaí na saorghluaiseachta seirbhísí[22],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairimí ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0149/2021),

A. de bhrí go bhfuil constaicí sa mhargadh aonair digiteach fós agus go gcaithfear iad a bhaint chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus de bhrí go bhfuil cur chuige coiteann AE duinelárnach riachtanach chun an méid sin a bhaint amach;

B. de bhrí go bhfuil d’acmhainn ag an digitiú luach suntasach a chur leis an margadh aonair i gcoitinne, agus go bhfuil tábhacht leis d’earnálacha traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta araon agus gur féidir leis a bheith ina bhuntáiste iomaíoch ar an margadh domhanda;

C. de bhrí go dtugann an margadh aonair digiteach dúshláin dhifriúla do mhargaí traidisiúnta, ba cheart an prionsabal “ go bhfuil an méid atá neamhdhleathach as líne neamhdhleathach ar líne freisin” a urramú;

D. de bhrí go bhfuil an intleacht shaorga faoi réir ceanglais dlí cheana féin;

E. de bhrí go bhfuil gá le muinín an phobail in IS a chothú trí lánurraim do chearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, cosaint sonraí agus slándáil a chur san áireamh trí

---

[18] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0272.
[19] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0277.
[20] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0275.
[21] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0276.
[22] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0007.

réamhshocrú agus nuálaíocht a chothú san Eoraip;

F. de bhrí gur aithníodh sa Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga an talmhaíocht mar cheann de na hearnálacha inar féidir le IS éifeachtúlacht a mhéadú agus gur ceann de chuspóirí ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta sa todhchaí (CBT) é an fheirmeoireacht chliste a chur chun cinn; de bhrí go bhféadfadh taighde agus obair IS i réimse na talmhaíochta agus na feirmeoireachta ainmhithe tarraingteacht na hearnála a mhéadú i measc daoine óga agus feabhas a chur ar fheidhmíocht talmhaíochta i gceantair a bhfuil srianta nádúrtha orthu, agus ar leas ainmhithe agus ar tháirgiúlacht; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus le straitéis na bithéagsúlachta cuidiú le feirmeoirí táirgeacht ardchaighdeán a shaothrú, agus caillteanas cothaitheach agus a úsáid lotnaidicídí agus leasachán a laghdú faoi 2030;

G. de bhrí go mbeidh a thuilleadh infheistíochta i bpríomhchumasóirí an gheilleagair dhigitigh agus comhordú le beartais an aistrithe ghlais ag teastáil chun an t-aistriú digiteach a dhéanamh;

H. de bhrí go mbeidh neart buntáistí ag gabháil leis an intleacht shaorga (IS) ach go mbeidh rioscaí áirithe i gceist freisin;

I. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar institiúidí AE, faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a áirithiú nach gcuirfear srian míchuí ar chearta gach duine chun príobháideachais, chun sonraí a chosaint, chun tuairimí a nochtadh agus chun comhthionóil, ar an neamh-idirdhealú, ar an dínit agus cearta bunúsacha eile trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn;

J. de bhrí go bhfuil rioscaí ag baint le húsáid IS agus go bhfuil ábhair imní ann maidir le heitic, raon feidhme agus trédhearcacht bhailiú, úsáid agus scaipeadh sonraí pearsanta;

***Cuid 1 deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh***

1. á chreidiúint gur cheart do bheartas digiteach AE na príomh-bhunsraitheanna a chruthú agus tacú leo chun go mbeadh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha Eorpacha chun tosaigh i nuálaíocht dhigiteach iontaofa, dhuinelárnach; á chreidiúint gur bunsraith amháin den sórt sin é an margadh aonair digiteach agus go mbaineann sé le lánacmhainneacht teicneolaíochtaí nua a áirithiú trí bhacainní náisiúnta nach bhfuil bonn cirt leo a bhaint, trí shoiléireacht dhlíthiúil a bhunú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, chun leasa shaoránaigh na hEorpa agus chun iomaíocht a neartú; á chreidiúint gur féidir an toradh sin a bhaint amach le cur chuige comhchoiteann Eorpach a bheith againn a bheidh níos eagraithe maidir le comhtháthú agus comhchuibhiú an mhargaidh; á chreidiúint go mbeidh gá le gníomhú breise ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon chun é sin a bhaint amach;

2. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá margadh aonair digiteach atá ag feidhmiú go hiomlán chun leasa na dtomhaltóirí agus na bhfiontar agus á iarraidh go dtacófaí le FBManna ina gclaochlú digiteach agus ag dréim leis go dtabharfaidh an Coimisiún seiceáil oiriúnachta isteach do FBManna sula ndéanfar reachtaíocht a bheartú;

3. á chreidiúint go gcaithfidh cur chuige an AE i leith digitiú a bheith i gcomhréir go hiomlán le cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, neodracht theicneolaíoch, neodracht

líonra' agus rialacha cosanta sonraí, cuimsitheacht agus neamh-idirdhealú;

4. á chreidiúint gur féidir le digitiú agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail IS rannchuidiú le cuspóirí Straitéis Thionsclaíoch AE agus an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus roinnt de na deacrachtaí a chruthaíonn géarchéim COVID-19 a shárú; á chreidiúint, ina theannta sin, go bhféadfadh cur chuige beartais a threisíonn go frithpháirteach i dtreo an Chomhaontaithe Ghlais, na Straitéise Tionsclaíche agus an digitithe cuidiú le réadú a gcuspóirí agus ceannaireacht theicneolaíoch AE a chothú freisin; á chur i bhfios go bhfuil an acmhainneacht ag réitigh digiteacha amhail teilea-obair agus feidhmchláir IS chun tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa Mhargadh Aonair Digiteach; á mheas gur deis í géarchéim COVID-19 freisin chun dlús a chur leis an digitiú, agus go gcaithfidh an t-aistriú digiteach an leas poiblí i gcoitinne a dhéanamh; á chreidiúint go bhféadfadh an claochlú digiteach cuidiú le freastal ar riachtanais réigiún uirbeach, tuaithe agus scoite in AE;

5. ag cur béim ar an acmhainneacht atá ag teicneolaíochtaí nua chun aistriú go geilleagar ciorclach inbhuanaithe, trí shamhlacha gnó ciorclacha a thabhairt isteach, éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras próiseála agus stórála sonraí a chur chun cinn agus cur le slabhraí luacha níos inbhuanaithe agus úsáid acmhainní a bharrfheabhsú;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún glacadh agus forbairt na teicneolaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn agus an Comhaontú Glas á chur i gcrích, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil atá ag an gcomhroinnt sonraí agus ag na bonneagair a theastaíonn chun imscaradh digiteach inbhuanaithe a áirithiú;

7. á chur i bhfáth go mbeidh sé ríthábhachtach comhroinnt agus rochtain ar thacair sonraí bunriachtanacha dea-shainithe a chumasú chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Chomhaontaithe Ghlais; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na tacair sonraí atá bunriachtanach chun na críche sin;

8. á chreidiúint gur cheart cleachtais a bhaineann an bonn ó chearta tomhaltóirí, cosaint sonraí agus cearta saothair a dhíothú;

9. á thabhairt chun suntais gur cheart don Choimisiún cur chuige meáite a bheadh slán i bhfad na haimsire agus fianaise-bhunaithe a ghlacadh i leith na reachtaíochta agus bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta a chruthaíonn margadh aonair digiteach lena n-áirithítear soláthar seirbhísí poiblí a bheidh iomaíoch, cothrom, inrochtana, neodrach ó thaobh teicneolaíochta de, báúil leis an nuáil, a mbeidh áit lárnach ag an duine ann, a bheidh iontaofa agus a dhéanfaidh sochaí agus geilleagar a thógáil a bheidh slán ó thaobh na sonraí de;

10. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh coinníollacha comhionanna i réim maidir le cánachas ar an ngeilleagar digiteach agus ar an ngeilleagar traidisiúnta, trí chomhthuiscint a fháil ar an áit a gcruthaítear luach;

11. á chur i bhfios i gcás inarb ábhartha go bhféadfadh FBManna agus gníomhaithe eacnamaíocha eile leas a bhaint as samhlacha comhoibríocha mar fhoinse bogearraí oscailte agus saor in aisce, ag brath ar chásanna nó ar chomhthéacs éagsúil trí na buntáistí féideartha, an chibearshlándáil, an príobháideachas agus an chosaint sonraí a chur i gcuntas agus gan dochar don reachtaíocht is infheidhme; á chreidiúint gur féidir leis sin rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach Eorpach sa réimse digiteach;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún cloí lena threoirphrionsabail ina mholtaí reachtacha amach anseo, agus ilroinnt an mhargaidh aonair dhigitigh a sheachaint, aon bhacainní gan údar agus ceanglais riaracháin neamhriachtanacha a bhaint, tacú le nuálaíocht go háirithe do FBManna, agus na dreasachtaí iomchuí a úsáid. a chruthaíonn machaire comhréidh, agus rochtain chomhionann ar dheiseanna infheistíochta;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún maidir le ceanglais reachtaíochta, bídís ina gceanglais reatha nó ina gceanglais nua, a áirithiú go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil; á chreidiúint go gcaithfidh an forfheidhmiú a bheith ag obair go héifeachtach trasna teorainneacha agus trasna earnálacha, le comhoibriú breise idir údaráis, agus aird chuí á tabhairt ar shaineolas agus ar inniúlacht ábhartha gach údaráis ar leith; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún creat treorach a chur ar fáil chun comhordú a áirithiú i gcás aon cheanglais rialála nua maidir le IS nó réimsí gaolmhara;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún díriú ar thimpeallacht rialála nuálaíochta atá chun leasa an tomhaltóra, ag neartú na tacaíochta airgeadais agus institiúide do gheilleagar digiteach na hEorpa i ndlúthchomhordú leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí trí bhearta amhail: infheistiú in oideachas, taighde agus forbairt, tacú le nuálaíochtaí san Eoraip, rochtain níos leithne agus níos leithne a sholáthar ar shonraí tionsclaíocha agus poiblí ar ardchaighdeán atá inléite agus idir-inoibritheach, ag tógáil bonneagar digiteach, ag méadú infhaighteacht ghinearálta scileanna digiteacha laistigh den daonra, ag cur ceannaireacht theicneolaíoch chun cinn don timpeallacht ghnó, agus timpeallacht rialála comhréireach agus chomhchuibhithe a chruthú;

15. á mheas gur féidir le soláthar poiblí cliste, amhail ardán Eorpach GovTech, tacú le forbairtí digiteacha ar fud AE;

16. á mheas go mbeidh infheistíocht shuntasach agus comhar poiblí príobháideach i réimse IS agus i bpríomhtheicneolaíochtaí nua eile ag teastáil; á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as cláir chistiúcháin an Aontais chun tacú le digitiú ár sochaí agus ár dtionscal sa mhéid go bhfuil siad bunaithe ar phrionsabail na héifeachtúlachta, na trédhearcachta agus na cuimsitheachta; á iarraidh go ndéanfar na cistí éagsúla a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí idir na cláir; ag moladh tosaíocht straitéiseach a thabhairt do chistí chun an bonneagar digiteach is gá a thógáil; á iarraidh go gcuirfidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (Next Generation EU), mar aon le cistiú poiblí agus príobháideach, leis an infheistíocht mar léiriú ar uaillmhian an Aontais a bheith ina cheannaire teicneolaíochta domhanda, agus a thaighde agus a eolas á bhforbairt agus lántairbhe á bhaint as an digitiú do gach duine sa tsochaí;

17. á mheas gur dúshlán speisialta é IS do FBManna agus go bhféadfadh ceanglais rialála casta neamhriachtanacha tionchar díréireach a bheith acu ar a n-iomaíochas; Ba cheart go gcuideodh an t-aistriú chuig réitigh IS leis na cuideachtaí sin agus níor cheart go gcruthódh reachtaíocht nua maidir le húsáid IS ualaí riaracháin nach bhfuil údar cuí leo agus a n-iomaíochas sa mhargadh a chur i mbaol;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar comhordú níos leithne ar an infheistíocht i bplean téarnaimh NextGenerationEU; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí nithiúla a mholadh laistigh den phlean sin chun tacú le teicneolaíochtaí agus bonneagar ardtionchair in AE amhail intleacht shaorga, ríomhaireacht

ardfheidhmíochta, ríomhaireacht chandamach, néalbhonneagar, ardáin, cathracha cliste, 5G agus bonneagar snáithín;

19. á mheabhrú gurb iad na FBManna cnámh droma gheilleagar na hEorpa agus go dteastaíonn tacaíocht speisialta uathu ó chláir mhaoiniúcháin an Aontais chun an t-aistriú digiteach a dhéanamh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a dtacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus Micrifhiontair, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (MSMS) a neartú, tríd an gClár Margaidh Aonair, Moil Nuálaíochta Digití agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus teicneolaíochtaí digiteacha á bhforbairt agus á gcur chun feidhme, chun claochlú digiteach a chur chun cinn tuilleadh agus ar an gcaoi sin a chumasú dóibh a n-acmhainneacht dhigiteach agus a n-iomaíochas a fhorbairt go hiomlán ó thaobh fáis agus post de san Eoraip;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil ganntanas suntasach ann maidir le caipiteal fiontair agus síl Eorpach, agus maidir le cistiú cothromais príobháideach, i gcomparáid le margaí eile; á mheas gur minic a dhéanann gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha méadú mar thoradh air sin i margaí tríú tír seachas leathnú in AE; á chreidiúint go gcuireann sé sin cosc ar gheilleagar níos leithne na hEorpa an oiread tairbhí iarmharta a fháil ó fhiontair de thionscnamh na hEorpa; ag cur béim ar ról díréireach mór na n-eintiteas poiblí sa chistiú nuálaíochta agus taighde atá ann faoi láthair agus ar na difríochtaí suntasacha sna héiceachórais nuathionscanta agus sa mhaoiniú atá ar fáil idir na Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige cuimsitheach Eorpach a mholadh chun na foinsí caipitil d'infheistíochtaí teicneolaíochta in AE a leathnú, lena n-áirítear tionscnaimh chun tacú le hinfheistiú aingil ag ceannairí na hearnála príobháidí Eorpaí, chomh maith lena áirithiú go mbeidh caipiteal fiontair agus síl ar fáil do chuideachtaí Eorpacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta;

21. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an clár don Eoraip Dhigiteach chomh maith leis na cláir Fís Eorpach agus Cónascadh na hEorpa riachtanach chun claochlú digiteach na hEorpa a chur chun cinn agus gur cheart dóibh cistiú leormhaith a fháil; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na cláir sin a imscaradh a luaithe is féidir; ag meabhrú nach mór do na Ballstáit seasamh lena dtiomantas faoi straitéis Eoraip 2020 3 % dá n-olltáirgeacht intíre a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú chun an AE a shuíomh mar cheannaire sa phróiseas glactha agus caighdeánaithe do theicneolaíochtaí nua, ag áirithiú go bhfuil IS dírithe ar an duine agus go bhfuil sé ag teacht le luachanna, cearta agus noirm bhunúsacha na hEorpa; á thabhairt chun suntais gur gá a bheith ag obair le hagraíochtaí caighdeánaithe, leis an tionscal agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta freisin maidir le caighdeáin domhanda a leagan síos, i bhfianaise cineál domhanda na ceannaireachta agus na forbartha teicneolaíochta; á mheas, maidir le Comhaontuithe Ceardlainne CEN a bheith in úsáid i réimsí sonracha amhail IS, gur bealach é chun a éifeachtúlalacht a mhéadú agus caighdeáin chomhchuibhithe á gcruthú;

23. ag tacú leis an gcuspóir ón gCoimisiún infhaighteacht agus comhroinnt sonraí neamhphearsanta a mhéadú, chun geilleagar na hEorpa a neartú; á mheas, agus an cuspóir sin á chomhlíonadh, gur cheart rioscaí a bhaineann le rochtain mhéadaithe ar shonraí neamhphearsanta mar ath-shainaithint sonraí a chur i gcuntas;

24. á chreidiúint go bhfuil gá le rochtain ar níos mó sonraí a spreagadh do FBManna agus á

iarraidh dreasachtaí a bheith ann chun rochtain a thabhairt do FBManna ar shonraí neamhphearsanta arna dtáirgeadh ag geallsealbhóirí príobháideacha eile i bpróiseas deonach le tairbhiú frithpháirteach, ar cheart dó na cosaintí riachtanacha go léir a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán AE 2016/679 chomh maith leis an gcreat dlíthiúil ar chearta maoine intleachtúla;

25. ag tabhairt dá haire go ndéanann gnóthais phoiblí méid suntasach sonraí neamhphearsanta a ghiniúint, a bhailiú agus a phróiseáil, le linn seirbhísí poiblí a chomhlíonadh nó le linn conarthaí soláthair phoiblí, arb é atá ann luach suntasach dá n-athúsáid tráchtála agus dá leas don tsochaí; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát chun sonraí den sórt sin a chur ar fáil níos leithne lena n-athúsáid ar mhaithe leis an leas ginearálta, chun cuspóirí na Treorach maidir le Sonraí Oscailte a chur chun cinn;

26. á mheabhrú gur geilleagar sonraí a oibríonn don Aontas Eorpach ar fad atá de dhíth orainn, óir is príomhchumasóir an digithe é; á mheas go bhféadfadh leibhéal ard cosanta sonraí do IS iontaofa cuidiú le muinín na dtomhaltóirí a fheabhsú; á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach don Aontas ardleibhéal smachta ar a sonraí a ráthú do na custaiméirí agus, i gcás inarb ábhartha, do na tomhaltóirí agus na caighdeáin chosanta is airde do shonraí pearsanta á n-áirithiú, agus go mbeadh rialacha soiléire agus cothromaithe inter alia ann maidir le cearta maoine intleachtúla, ach á mheas go bhfuil sé riachtanach a bheith oscailte i leith tríú tíortha, agus go bhfuil tábhacht le saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta trasna teorainneacha;

27. ag cur béim ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar an Ionstraim um Margaí Digiteacha, agus á chreidiúint gur cheart dóibh rannchuidiú le tacú le nuálaíocht, leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí a ráthú agus cearta, muinín agus sábháilteacht úsáideoirí ar líne a fheabhsú; ag cur béim ar an ngá lena áirithiú go bhfanfaidh margadh na hEorpa gníomhach agus an-iomaíoch;

28. á chur in iúl gur cheart go mbeadh ról tábhachtach ag cosaint tomhaltóirí san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus go bhfuil sí suite de go gcuirfeadh trédhearcacht níos láidre agus dícheall cuí le haghaidh margaí ar líne le sábháilteacht táirgí agus, dá bhrí, sin go neartódh sé muinín na dtomhaltóirí i margaí ar líne;

29. á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, go bhfuil gá le freagrachtaí soiléire do mhargaí ar líne atá bunaithe ar phrionsabal na comhréireachta; á chur in iúl gur cheart an fhreagracht atá ar ardáin óstála inneachair maidir le hearraí a dhíoltar nó a ndéantar fógraíocht orthu a shoiléiriú chun an bhearna dhlíthiúil a dhúnadh inar theip ar cheannaitheoirí an sásamh a fháil a bhfuil siad ina theideal de réir an dlí nó an chonartha maidir le hearraí a sholáthar mar shampla mar gheall ar neamhábaltacht an phríomhdhíoltóir a shainaithint, mar shampla, an prionsabal 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí gnó';

30. á chur in iúl gur geal léi an Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí atá á mholadh ag an gCoimisiún, agus ag spreagadh an Choimisiúin chun an reachtaíocht i ndáil le cosaint tomhaltóirí a nuashonrú, sa mhéid is iomchuí, chun teicneolaíocht teicneolaíochtaí nua agus an fhéidearthacht go bhféadfaí dochar a dhéanamh do thomhaltóirí a chur san áireamh ar bhealach níos fearr, go háirithe do na grúpaí is leochailí agus breithniú á dhéanamh ar thionchar phaindéim COVID-19; á mheas gur cheart go gcumhachtófaí do

thomhaltóirí Eorpacha ról gníomhach a bheith acu san aistriú digiteach agus go mbraitheann muinín na dtomhaltóirí agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha ar a gcearta a bheith á gcosaint i ngach cás;

31. á mheabhrú go bhfuil geobhlocáil gan údar ar sheirbhísí ar líne ina bhac suntasach ar an Margadh Aonair, agus idirdhealú gan chúis idir tomhaltóirí na hEorpa; ag cur sonrú i gcéad athbhreithniú an Choimisiúin ar an Rialachán maidir le Geobhlocáil agus ag tathant ar an gCoimisiún leanúint dá mheasúnú, agus dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara agus an t-éileamh méadaitheach ar rochtain trasteorann ar sheirbhísí closamhairc á i gcuntas chun cúrsaíocht ábhar ardchaighdeáin a chothú ar fud AE;

32. ag athdhearbhú chearta bunúsacha AE chun príobháideachais, agus chun sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear i measc nithe eile, an toiliú feasach sainráite mar a chumhdaítear i rialachán RGCS; á chur i bhfios gur cheart toiliú a bheith bunaithe ar fhaisnéis intuigthe agus inrochtana go héasca ar an gcaoi a n-úsáidfear agus a bpróiseálfar na sonraí pearsanta agus gur cheart é sin a urramú agus algartaim á n-úsáid;

33. á chur in iúl gur geal léi Straitéis Nua Cibearshlándála an AE don Deacáid Dhigiteach, atá fíor-riachtanach chun muinín na saoránach a chinntiú agus chun leas iomlán a bhaint as nuálaíocht, nascacht agus uathoibriú sa chlaochlú digiteach, agus cearta bunúsacha á gcosaint, agus á iarraidh go gcuirfear na bearta a leagtar amach i bhfeidhm go héifeachtúil agus go tapa.

34. á iarraidh ar na Ballstáit an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a chur chun feidhme gan mhoill, chun bacainní do shaoránaigh faoi mhíchumas a bhaint go héifeachtach agus chun go ndéanfaí infhaighteacht seirbhísí inrochtana, chomh maith le hoiriúnacht na gcoinníollacha faoina gcuirtear seirbhísí ar fáil, a áirithiú, leis an gcuspóir Margadh Aonair Digiteach atá cuimsitheach go hiomlán agus inrochtana a bhaint amach a áirithíonn go gcaithfear go cothrom le daoine faoi mhíchumas agus go gcuimseofar iad; ag meabhrú fhéidearthacht na mBallstát agus ag spreagadh leathnú chur i bhfeidhm na Treorach maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach chomhlachtaí na hearnála poiblí chuig limistéir atá ar oscailt i gcomhair úsáid phoiblí, go háirithe san earnáil sláinte, iompair, poist nó teileachumarsáide[23];

*Cuid 2 feabhas ar úsáid IS do thomhaltóirí na hEorpa*

35. á chreidiúint go láidir go bhfuil sé de chumas ag IS, má fhorbraítear é de réir na reachtaíochta is infheidhme, réimsí áirithe a fheabhsú do shaoránaigh na hEorpa, agus buntáistí agus luach suntasach a thairiscint don gheilleagar, sábháilteacht, slándáil, oideachas, cúram sláinte, iompar agus an comhshaol; á chreidiúint go gcaithfear sábháilteacht, slándáil, cuimsitheacht, neamh-idirdhealú, inrochtaineacht agus cothroime, go háirithe do ghrúpaí tomhaltóirí a mheastar a bheith i gcásanna leochaileacha, táirgí agus seirbhísí atá á dtiomáint ag IS a áirithiú ionas nach bhfágfar aon duine taobh thiar agus gur cheart a gcuid buntáistí a bheith ar fáil ar fud na sochaí;

36. á aithint, chun tairbhe a bhaint as IS, go gcaithfidh an Coimisiún, na Ballstáit, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus pobal na heolaíochta a bheith ag comhoibriú

[23] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, mír 34.

le chéile go héifeachtach chun éiceachóras a chruthú le haghaidh IS sábháilte duinelárnach a rachaidh chun leasa na sochaí go léir;

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil dea-acmhainneacht ag baint le IS, ach go bhféadfadh ardrioscaí áirithe a bheith i gceist leis freisin de bharr saincheisteanna amhail claonadh agus doiléire; á chreidiúint gur féidir leis na rioscaí seo iad féin a léiriú ag brath ar chomhthéacs sonrach agus cásanna úsáide IS; á iarraidh go mbeidh próisis inrianaitheachta sna córais IS-bhunaithe trédhearcach agus go mbeifear in ann iad a athbhreithniú i gcás ina léirítear díobháil thromchúiseach;

38. á mheas gur féidir le heaspa muiníne agus muiníne na dtomhaltóirí cosc a chur ar ghlacadh forleathan IS seachas cuid de na bacainní ar fhorbairt, ar ghlacadh agus ar rialáil éifeachtach teicneolaíochtaí digiteacha in AE; ag tarraingt aird ar easpa tuisceana na saoránach ar na próisis trína ndéanann ardchórais faisnéise algartamacha agus saorga cinntí;

39. ag tabhairt dá haire go dteastaíonn creat dlíthiúil soiléir intuartha ó thomhaltóirí i gcás mífheidhmiú táirgí;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur go leanúnach ar an gcuid den riarachán poiblí a bheidh freagrach as reachtaíocht amach anseo maidir le IS a chur chun feidhme;

41. á chur in iúl gur geal léi an páipéar bán ón gCoimisiún maidir le IS agus á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála comhchoiteann AE a fhorbairt maidir le IS a bheidh duinelárnach, bunaithe ar rioscaí, soiléir agus slán i bhfad na haimsire; á chreidiúint go bhfuil gá leis sin chun córais uathoibrithe cinnteoireachta a mhaoirsiú agus gur cheart go gcomhlánódh sé sin an reachtaíocht atá ann cheana a bhaineann le IS agus a áirithiú go bhfuil sí comhréireach de réir leibhéal an riosca;

42. á chur i bhfáth go bhfuil gá a áirithiú go bhfuil go leor smachta ag an duine ar chinnteoireacht algartamach agus go bhfuil sásraí córa agus éifeachtacha cúitimh i bhfeidhm;

43. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí a bhfuil oiliúint agus scileanna bunúsacha acu ar IS a ligfeadh dóibh leas níos mó a bhaint as na teicneolaíochtaí seo agus, ag an am céanna, iad féin a chosaint ar aon bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann;

44. ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil IS ar leibhéil éagsúla faoi réir reachtaíocht Eorpach atá ann cheana féin, go n-ardaíonn IS ceisteanna dlí nua, nach bhfuil réitithe go dtí seo, a théann i bhfeidhm ar thomhaltóirí agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar an gCoimisiún treoir shoiléir a eisiúint maidir le feidhmiú agus sineirgíocht idir aon reachtaíocht reatha is infheidhme agus aon bhearta nua atá beartaithe chun na bearnaí dlí atá ann a líonadh agus chun creat dlíthiúil comhréireach comhsheasmhach a bhaint amach; á mheas go bhfuil comhar idir na Ballstáit tábhachtach chun an margadh aonair digiteach a neartú

45. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlúthchomhar a áirithiú agus an creat rialála á fhorfheidhmiú chun Margadh Aonair ilroinnte a chosc;

46. á mheas gur teicneolaíocht fhorásach é I|S a éilíonn reachtaíocht éifeachtach, ní

hamháin treoirlínte, bunaithe ar phrionsabail agus ar chomhréireacht; á chreidiúint, chun é sin a bhaint amach, go gcaithfear sainmhíniú a dhéanamh ar IS go leathan ionas gur féidir le haon bhearta rialála ar fud earnálacha éagsúla fanacht solúbtha agus inoiriúnaithe chun forbairtí amach anseo a chur san áireamh, agus aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na leibhéil riosca éagsúla d'úsáidí IS atá le sainiú tuilleadh laistigh de na creataí earnála; á chreidiúint go gcaithfidh an rialachán a bheidh ann amach anseo léiriú leordhóthanach a thabhairt ar a mhéid a thagann na rioscaí a bhraitear a bhaineann le IS chun cinn go praiticiúil ar na bealaí éagsúla a úsáidtear IS agus a imscartar é;

47. á chur i bhfios go gcuireann algartaim féinfhoghlama ar chumas gnólachtaí léargas cuimsitheach a fháil ar chúinsí pearsanta agus patrúin iompair an tomhaltóra; á iarraidh ar an gCoimisiún teicneolaíochtaí IS a rialáil go cuimsitheach chun cosc a chur ar úsáid éagórach nó mí-úsáid na gcóras sin;

48. á chreidiúint gur cheart gurbh é an cuspóir le creat rialála do IS, margadh inmheánach a chruthú do tháirgí, d'fheidhmchláir agus do sheirbhísí iontaofa IS-chumasaithe, agus go mbunófaí an méid sin ar Airteagal 114 CFAE;

49. ag cur béim ar cheart na dtomhaltóirí a bheith ar an eolas go leormhaith agus ar bhealach atá tráthúil agus inrochtana go héasca faoi chórais IS a bheith ann agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith orthu, agus faoin gcaoi ar féidir cinntí an chórais a sheiceáil, a chonspóid go ciallmhar agus a cheartú;

50. á iarraidh soláthar éigeantach faisnéise a bheith ann chun a léiriú an bhfuil tomhaltóirí ag idirghníomhú le córais IS;

51. á chreidiúint go bhfuil inmhínitheacht agus trédhearcacht ríthábhachtach chun muinín úsáideoirí i gcórais IS a fhorbairt agus a chothabháil; á mheas go gciallaíonn sé sin go gcaithfidh próisis a bheith trédhearcach, cumais agus cuspóir chórais IS a chur in iúl go hoscailte, agus cinntí a mhíniú dóibh siúd a ndéantar difear díreach dóibh;

52. á chreidiúint go gcaithfidh an creat rialála tacú le forbairt chórais iontaofa IS agus gur cheart dó ardchaighdeáin cosanta tomhaltóirí a áirithiú chun muinín an tomhaltóra i dtáirgí cumasaithe IS a neartú; á mheas go bhfuil gá go mbunófaí rioscaí de réir a chéile agus ceanglais dhlíthiúla chomhfhreagracha agus cosaintí i gcoinne díobhála do thomhaltóirí; á chreidiúint freisin gur cheart trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú sa chreat rialála agus foráil a dhéanamh do na ceanglais ábhartha a chur in iúl go soiléir do na tomhaltóirí agus do na húdaráis rialála araon, agus forbróirí agus imscaradh IS a spreagadh go réamhghníomhach chun IS iontaofa a ghlacadh;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún malartú faisnéise a bhaineann le córais algartamacha idir údaráis na mBallstát a chur chun cinn agus tacú le comhthuiscint ar chórais algartamacha sa Mhargadh Aonair a fhorbairt trí threoir, tuairimí agus saineolas a eisiúint;

54. á chreidiúint gur cheart creat den sórt sin a bheith bunaithe ar chur chuige eiticiúil, duinelárnach agus ar chearta bunúsacha ar feadh dhearadh, fhorbairt agus shaolré tháirgí IS, agus an méid sin a bheith bunaithe ar na cearta bunúsacha a chaomhnú agus ar phrionsabail na trédhearcthachta, na hinmhínitheachta (nuair is ábhartha), na cuntasachta agus cearta, oibleagáidí an GDPR - lena n-áirítear íoslaghdú sonraí, teorannú cuspóra agus cosaint sonraí trí dhearadh agus de réir réamhshocrú;

55. á chreidiúint gur cheart raon feidhme na gceanglas nua rialála a chéimniú ionas gurb iad feidhmchláir IS ina gcomhthéacs ar leith, a mheasfar an riosca is airde a bheith ag baint leo, a bheidh faoi réir na gceanglas agus na rialuithe rialála is mó, lena n-áirítear an fhéidearthacht cleachtais dhochracha nó idirdhealaitheacha a thoirmeasc; á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht oibiachtúil a fhorbairt chun an baol dochair a ríomh, de bhreis ar a bhfuil sa reachtaíocht reatha i ndáil le tomhaltóirí; á chreidiúint gur cheart do mhodheolaíocht den sórt sin cur chuige sriantach agus dénártha a sheachaint a d'fhéadfadh imeacht i léig sula i bhfad, agus díriú ina áit sin ar chomhthéacs, feidhmiú agus sainúsáid IS;

56. á chur i bhfáth, ach IS a bheith caighdeánaithe ar fud an Aontais, gur cheart go gcothófaí nuáil agus idir-inoibritheacht, agus go ndéanfaí ardleibhéal cosaint tomhaltóirí a ráthú freisin; á aithint thairis sin, go bhfuil líon suntasach caighdeán IS ann cheana féin, ach go bhfuil sé riachtanach, maidir le IS, go bhforbrófaí agus go gcuirfí chun cinn tuilleadh caighdeán comhchoiteann, amhail iad siúd is infheidhme maidir le comhpháirteanna agus feidhmchláir iomlána;

57. á chreidiúint sé go mbeidh sé indéanta lipéadú deonach iontaofa a chur i bhfeidhm a luaithe a bheidh rialacha dlíthiúla soiléire agus sásraí maoirseachta i bhfeidhm, agus is tábhachtach a chur san áireamh go ndéanann an neamhshiméadracht faisnéise is gné dhílis de chórais foghlama algartamacha ról na scéimeanna lipéadaithe an-chasta; á mheas go bhféadfadh lipéad den sórt sin trédhearcacht na teicneolaíochta bunaithe ar IS a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh aon scéim lipéadaithe den sórt sin a bheith intuigthe do thomhaltóirí agus a thaispeáint go soláthraíonn sí sochar intomhaiste maidir le feasacht na dtomhaltóirí i leith feidhmchláir chomhlíontacha IS, agus iad á gcumhachtú rogha eolasach a dhéanamh, agus is beag a ghlacfar leis an scéim murach sin sa domhan réadach;

58. á chreidiúint go láidir go gcaithfidh ceanglais agus meastóireachtaí rialála nua a bheith intuigthe agus inchurtha chun feidhme, agus gur cheart go gcorprófaí iad, a mhéid is féidir, sna ceanglais atá ann cheana don earnáil agus ualaí riaracháin a choinneáil comhréireach;

59. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uirlisí rialála nuálacha a úsáid amhail 'boscaí gainimh rialála' comhsheasmhach le prionsabal an réamhchúraim, mar chuidiú chun conair shoiléir i dtreo uascálú a chur ar fáil maidir le gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí beaga; á chreidiúint gur cheart go gcabhródh na huirlisí seo le nuálaíocht a spreagadh má chuirtear i bhfeidhm í i dtimpeallacht rialaithe; á chur i bhfios go gcuideoidh cruthú timpeallachta comhleanúnaí le haghaidh tástáil nuálaíocha agus bailíochtú táirgí bunaithe ar theicneolaíochtaí mar IS le gnólachtaí Eorpacha ilroinnt an Mhargaidh Aonair a shárú agus leas a bhaint as an acmhainneacht fáis ar fud AE;

60. á chur i bhfios gurb é an bealach is éifeachtaí le claontacht a laghdú cáilíocht na dtacar sonraí a úsáidtear chun oiliúint a chur ar chórais IS a áirithiú;

61. á chreidiúint gur cheart úsáid IS i gcomhthéacs ardriosca a theorannú do chuspóirí sainiúla, le lánurramú don dlí is infheidhme agus faoi réir aon oibleagáidí trédhearcachta; á chur i bhfios go láidir gur creat reachtach soiléir agus dlíthiúil, agus é sin amháin, a bheidh cinntitheach  sin chun sábháilteacht agus slándáil, sonraí agus

cosaint tomhaltóirí iontaoibh agus tacaíocht an phobail a áirithiú i gcás na riachtanas le himlonnú na dteicneolaíochtaí sin agus i gcás chomhréireacht a n-imlonnaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas go cúramach an bhfuil cásanna úsáide ar leith ann, nó suíomhanna úsáide nó cleachtais úsáide, ar cheart sainchaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear na halgartaim fholuiteacha, a ghlacadh ina leith; á mheas go bhfuil sé riachtanach, sa chás go nglacfaí le caighdeáin theicniúla den sórt sin, go ndéanfaidh údaráis inniúla iad a athbhreithniú agus a athluacháil go rialta, ag cur san áireamh a fhorásaí atá forbairt na teicneolaíochta;

62. á chreidiúint, maidir le boird athbhreithnithe a bheith á mbunú bunú do tháirgí agus seirbhísí IS ag eagraíochtaí agus gnóthais chun na tairbhí féideartha agus an dochar a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, go háirithe an tionchar sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann, a eascróidh as tionscadail ardriosca, iarmhartacha bunaithe ar IS, gur féidir leis a bheith ina uirlis úsáideach chun cabhrú le heagraíochtaí cinntí freagracha a dhéanamh maidir le táirgí agus seirbhísí IS, go háirithe nuair a chuimsíonn siad geallsealbhóirí ábhartha;

63. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí a bheidh oideachais agus taighde i gcás IS; á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh an AE a chumais dhigiteacha a thógáil, trí níos mó daoine a spreagadh chun gairmeacha a shaothrú in earnálacha a bhaineann le TFC, trí oiliúint a chur ar níos mó gairmithe sonraí i réimse IS, chomh maith le daoine gairmiúla i réimsí nua ceangailte mar infheistiú IS agus sábháilteacht IS; á iarraidh infheistíocht shuntasach a bheith ann i Líonra Eorpach Ionaid Barr Feabhais na hIntleachta Saorga agus i gcruthú líonraí ollscoile agus taighde pan-Eorpacha atá dírithe ar IS; á chreidiúint gur cheart go gcabhródh an líonra seo le malartú eolais ar IS a neartú, tacú le tallann a bhaineann le IS laistigh de AE agus tallann nua a tharraingt, an comhar a chothú idir cuideachtaí nuálacha, ardoideachas, institiúidí taighde agus forbróirí IS chomh maith le sainoiliúint agus forbairt a sholáthar. d'údaráis rialála, agus é mar aidhm aige úsáid cheart na dteicneolaíochtaí sin a áirithiú agus saoránaigh Eorpacha a chosaint ar rioscaí agus damáistí féideartha ar a gcearta bunúsacha; ag cur béim, thairis sin, ar a thábhachtaí atá bearta agus bealaí faisnéise chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta digitiú agus dul ar aghaidh go héifeachtach in 'tionsclaíocht 5.0'; ag aithint go méadaítear úsáid agus glacadh réitigh IS chun comhpháirteanna feidhmchláir IS a chomhroinnt agus a athúsáid; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá IS maidir le taighde i bhfothaí IS; ag cur béim ar an ngá atá le taighde cuimsitheach a cheadú ar fheidhmchláir agus ar theicneolaíochtaí uile IS;

64. á iarraidh go ndéanfar measúnuithe tionchair ar iarmhairtí na deighilte digití ar dhaoine aonair agus gníomhaíochtaí nithiúla chun í a leigheas; á iarraidh sé maolú ar thionchar diúltach trí oideachas, athoiliúint agus uasoiliúint; á chur i bhfios go láidir gur gá an ghné inscne a chur i gcuntas, ós rud é nach leor ionadaíocht na mban in ábhair STEM agus i gcuideachtaí digiteacha; á chreidiúint gur cheart aird ar leith a thabhairt ar chláir litearthachta IS;

65. á iarraidh ar an gCoimisiún an creat sábháilteachta agus dliteanais táirgí atá ann cheana a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua ag éirí as teicneolaíochtaí digiteacha éiritheacha amhail an intleacht shaorga; ag tathant ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh, inter alia, ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, go háirithe trí bhreithniú ar an gcoincheap 'ualach cruthúnais' i leith díobháil a dhéanann teicneolaíochtaí digiteacha

atá ag teacht chun cinn a aisiompú, i gcásanna atá sainithe go soiléir agus tar éis measúnú ceart, agus na téarmaí 'táirge', 'damáiste' agus 'locht' a oiriúnú ionas go léireoidh siad castacht na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear táirgí le IS, IoT agus róbataic leabaithe iontu, bogearraí neamhspleácha agus bogearraí nó nuashonruithe lena ngabhann modhnú suntasach ar an táirge as a dtiocfaidh táirge nua de facto;

66. á chur i bhfáth gur cheart nascacht leordhóthanach a fhorbairt chun IS a chur i bhfeidhm, chomh maith le haon teicneolaíocht nua, lena n-áirítear i réigiúin a bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha nó eacnamaíocha rompu; á iarraidh an rochtain mhíchothrom ar theicneolaíocht i gceantair thuaithe a chur i gcuntas go háirithe nuair a úsáidtear cistí de chuid an Aontais chun líonraí 5G a imlonnú, chun láithreacha bána a laghdú agus le haghaidh bonneagar nascachta i gcoitinne; á iarraidh go mbeidh straitéis cumarsáide de chuid an Aontais ann lena gcuirfear faisnéis iontaofa ar fáil do shaoránaigh an Aontais, chomh maith le feachtais ardaithe feasachta maidir le 5G;

67. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar úsáid teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, lena n-áirítear blocshlabhra, eadhon conarthaí cliste sa mhargadh aonair digiteach, agus treoir a thabhairt agus machnamh a dhéanamh ar chreat dlíthiúil iomchuí a fhorbairt chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí, go háirithe ceist na dlíthiúlachta, forfheidhmiú na gconarthaí cliste i gcásanna trasteorann, agus ceanglais nótaireachta i gcás inarb infheidhme;

68. á iarraidh go dtabharfaí caibidlíocht iltaobhach na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i gcrích agus go mbeadh toradh cothrom ar an gcaibidlíocht sin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar thionchar an chlásail maidir le cód foinse atá á phlé faoi láthair sa chaibidlíocht ríomhthráchtála ar an reachtaíocht AE maidir le IS a bheidh ann amach anseo ar leibhéal EDT, lena n-áirítear a tionchar ar chearta tomhaltóirí, agus Parlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sa mheasúnú sin; á chur in iúl gurb oth leis, in éagmais rialacha domhanda, go bhféadfadh bacainní neamhtharaife ar thrádáil dhigiteach a bheith i ndán do chuideachtaí AE, amhail geobhlocáil, logánú sonraí agus ceanglais éigeantacha maidir le haistriú teicneolaíochta, ar bacainní iad nach bhfuil údar maith leo; á thabhairt dá haire go bhfuil na bacainní sin thar a bheith dúshlánach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); á thabhairt chun suntais go bhféadfadh rialacha domhanda maidir le trádáil dhigiteach cosaint tomhaltóirí a mhéadú tuilleadh; ag tacú le moratóir EDT ar tharchuir leictreonacha a bheith buan agus á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir leis an sainmhíniú ar tharchur leictreonach; á iarraidh go ndéanfaí Comhaontú EDT maidir le Teicneolaíocht Faisnéise, agus a leathnú, agus Páipéar Tagartha Sheirbhísí Teileachumarsáide EDT a chur chun feidhme go hiomlán agus a ghlacadh ar bhonn níos forleithne;

69. ag aithint gur ann d'uaillmhian ceannaire domhanda a dhéanamh de AE i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm IS; á iarraidh ar AE oibriú níos dlúithe le comhpháirtithe, mar shampla laistigh den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus EDT, chun caighdeáin dhomhanda le haghaidh IS a shocrú ar mhaithe le bacainní trádála a laghdú agus IS iontaofa a chur chun cinn i gcomhréir le luachanna an Aontais; ag tacú leis an gcomhar maidir le rialacháin idirnáisiúnta agus cineálacha eile comhair idir tíortha ECFE i dtaca leis an ngeilleagar digiteach, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir leis an Intleacht Shaorga; (9) ag spreagadh AE

dlús a chur lena chuid oibre leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeáin maidir leis an ábhar sin; ag cur sonrú i dtabhairt chun críche an chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach Eacnamaíoch Réigiúnach (RCEP) na hÁise atá bunaithe ar rialacha, lenar réitíodh an bealach don tionscadal comhtháthaithe eacnamaíoch is mó ar domhan; á chreidiúint gur cheart don Aontas rialacha digiteacha atá comhsheasmhach le prionsabail dhaonlathacha, le cearta an duine agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; ag tacú, ina leith sin, leis an togra chun Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM a bhunú;

70. ag tacú, ina leith sin, leis an obair atá á déanamh ar chomhaontú trasatlantach maidir le IS chun teacht ar chomhthoil níos láidre agus níos leithne maidir le prionsabail IS eiticiúil agus maidir le rialachas sonraí, agus, faoi chuimsiú na bprionsabal sin, nuálaíocht agus comhroinnt sonraí a chothú chun IS a fhorbairt agus cabhrú le trádáil a éascú agus rialacha comhoiriúnacha agus caighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt sa trádáil dhigiteach, agus ról lárnach á áirithiú ag AE maidir leis na caighdeáin sin a leagan síos; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh caibidil sa chomhaontú trasatlantach sin faoi IS freisin a bheadh tiomnaithe do shlándáil sonraí agus do chosaint sonraí úsáideoirí agus tomhaltóirí chun cosaint rialacha AE a áirithiú; (13) á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis na Stáit Aontaithe, leis an tSeapáin agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo chun rialacha EDT a athchóiriú maidir le, inter alia, fóirdheontais, aistrithe teicneolaíochta éigeantacha agus fiontair atá faoi úinéireacht stáit; (12) á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá CSTanna AE ó thaobh leasanna agus luachanna chuideachtaí, tomhaltóirí agus oibrithe an Aontais a chur chun cinn sa gheilleagar digiteach domhanda agus á mheas go bhfuil siad comhlántach le margadh aonair digiteach iomaíoch; á thabhairt dá haire go bhfuil an comhar leis an Ríocht Aontaithe ríthábhachtach, agus go bhfuil ról tábhachtach aici sa gheilleagar digiteach domhanda;

71. ag tathant ar na Ballstáit tionscadail chun iompar a dhigitiú a chur i gcuntas ina bpleananna téarnaimh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le maoiniú cobhsaí agus leordhóthanach a áirithiú don phróiseas chun bonneagar iompair agus TFC a thógáil le haghaidh córais chliste iompair (ITS), lena n-áirítear 5G a imlonnú ar bhealach slán, forbairt na líonraí 6G agus líonraí gan sreang a bheidh ann amach anseo chun acmhainneacht iomlán an iompair dhigitithe a chur chun cinn agus ardchaighdeáin sábháilteachta iompair á n-áirithiú; á chur i bhfáth, ina leith sin, go mbeidh gá le bonneagar nua a fhorbairt agus an bonneagar atá ann cheana a uasghrádú; á iarraidh ar na Ballstáit bonneagair iompair atá sábháilte, athléimneach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil lena n-éascófar imscaradh seirbhísí soghluaisteachta nasctha agus uathoibrithe; á chur i bhfios nach mór dlús a chur le huasghrádú an bhonneagair ábhartha iompair agus dhigitigh sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T); á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún sásraí a mholadh ina athbhreithniú ar Rialachán TEN-T agus ar an Rialachán maidir le Conairí Lasta Iarnróid chun é a áirithiú;

72. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag IS in earnáil an iompair agus ar a cumas uathoibriú a mhéadú le haghaidh iompar de bhóthar, d’iarnród, d’uisce agus d’aer; ag cur béim ar ról IS maidir leis an ilmhódúlacht agus an t-aistriú módach a chothú chomh maith le cathracha cliste a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thaithí thaistil do gach saoránach trí shreabha iompair, lóistíochta agus tráchta a dhéanamh níos éifeachtúla, níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, amanna turais a ghiorrú, brú tráchta a laghdú, astaíochtaí díobhálacha a laghdú agus

costais a laghdú; á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag córais a bhaineann úsáid as IS in earnáil an iompair ó thaobh sábháilteachta de agus ó thaobh na gcuspóirí arna leagan síos in 'Fís Nialais' a bhaint amach; á chur i bhfáth go gcuideoidh IS le hilmhódúlacht gan stró a fhorbairt tuilleadh, de réir choincheap na Soghluaisteachta mar Sheirbhís (MaaS); á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar conas is féidir forbairt chothromaithe MaaS a éascú, go háirithe i limistéir uirbeacha;

73. á chur in iúl gur geal léi Comhghnóthas Taighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR), agus á iarraidh go dtreiseofar taighde agus infheistíochtaí chun an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht IS in earnáil na heitlíochta i ndáil le tomhaltóirí trí fheabhas a chur ar mhargaíocht, ar dhíolacháin, ar dháileadh, ar phróisis phraghsála agus ar láimhseáil ar an talamh (seiceálacha sábháilteachta, etc.); ag tabhairt dá haire gur féidir le IS loingseoireacht uathoibrithe a fhorbairt i loingseoireacht fhada agus ghearrthurais agus ar uiscebhealaí intíre agus faireachas muirí a fheabhsú i gcomhthéacs trácht long a mhéadú; á iarraidh go ndéanfar IS a chur in úsáid agus go mbeidh leibhéal níos airde digitithe ar mhórscála i ngach calafort Eorpach ann chun éifeachtúlacht agus iomaíochas feabhsaithe a bhaint amach agus ag cur béim ar an ról fíorthábhachtach a bheidh ag digitiú, IS agus róbataic in earnáil na ***turasóireachta***, agus ar an gcaoi sin ag cur le hinbhuanaitheacht an tionscail san fhadtréimhse; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le maoiniú agus dreasachtaí leormhaithe do bhunaíochtaí turasóireachta, go háirithe do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, ionas go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as digitiú agus a dtairiscint do thomhaltóirí a nuachóiriú; ag tabhairt dá haire go gcuideoidh sé sin le ceannaireacht dhigiteach AE a chur chun cinn i dturasóireacht inbhuanaithe trí T&F, comhfhiontair agus comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha;

74. á mheabhrú go bhféadfadh claontacht a bheith mar thoradh ar IS agus dá bhrí sin cineálacha éagsúla idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach; á mheabhrú, i ndáil leis an méid sin, nach mór cearta gach duine a chosaint go hiomlán, agus nár cheart go mbeadh tionscnaimh IS idirdhealaitheach ar bhealach ar bith; ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir leis an gclaonadh agus leis an idirdhealú sin eascairt as tacair sonraí atá claonta cheana féin, rud a léiríonn an t-idirdhealú atá sa tsochaí faoi láthair; á chur i bhfáth go gcaithfidh IS claontacht as a dtagann idirdhealú toirmiscthe a sheachaint agus nár cheart dó próisis idirdhealaithe a atáirgeadh; á chur i bhfios go láidir gur gá na rioscaí sin a chur san áireamh agus teicneolaíochtaí IS á ndearadh, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair le soláthraithe teicneolaíochta IS chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh mharthanacha lena n-éascaítear an t-idirdhealú; á mholadh go léireofaí éagsúlacht na sochaí leis na foirne a dhearann agus a fhorbraíonn IS;

75. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé algartaim a bheith trédhearcach chun cearta bunúsacha a chosaint go hiomlán; á chur i bhfios go láidir gur gá do reachtóirí, i bhfianaise na mórimpleachtaí eiticiúla agus dlíthiúla, breathnú ar shaincheist chasta an dliteanais, go háirithe maidir le damáistí do dhaoine agus do mhaoin, agus gur cheart go mbeadh an dliteanas i ngach feidhm intleachta saorga i gcónaí ag duine nádúrtha nó dlítheanach;

1376. ag cur béim ar an ngá atá ann IS a chur ar fáil go forleathan d'earnálacha agus do

thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCSI) ar fud na hEorpa chun machaire comhréidh agus iomaíocht chóir a choinneáil do na geallsealbhóirí agus do na gníomhaithe uile san Eoraip; ag cur béim ar acmhainneacht na theicneolaíochtaí na hintleachta saorga don CCSI, ó bhainistiú níos fearr lucht féachana nó éisteachta, for-rochtain agus rannpháirtíocht go coimeádaíocht ábhair chuidithe, athluacháil cartlanna cultúrtha, chomh maith le seiceáil fíricí cuidithe agus iriseoireacht sonraí; ag cur béim ar an ngá atá le deiseanna foghlama agus oiliúna a chur ar fáil chun a chur ar chumas na sochaí Eorpaí tuiscint a fháil ar úsáid na hintleacht saorga, na rioscaí agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi; á athdhearbhú, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil sí den tuairim gur gá IS agus nuálaíocht róbataice a chomhtháthú i bpleananna oideachais agus i gcláir oiliúna; ag meabhrú na riachtanas speisialta a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) maidir le IS agus á iarraidh go mbeadh cur chuige comhoibríoch ann ar an leibhéal Eorpach a bheadh ceaptha feabhas a chur ar an acmhainneacht a chuireann an intleacht shaorga ar fáil in VET ar fud na hEorpa; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ríthábhacht ag baint le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[24] (AVMSD) a thrasuí sa dlí náisiúnta chun fíormhargadh aonair digiteach a chuireann éagsúlacht chultúrtha chun cinn a bhaint amach;

77. ag cur béim ar an easpa cistiúcháin caipitil fiontair Eorpaigh, ar an easpa rochtana ar mhaoiniú agus an easpa infhaighteachta sonraí, ag aithint freisin na gconstaicí seachtracha agus inmheánacha maidir le teicneolaíochtaí IS a ghlacadh, go háirithe d'earnálacha nach bhfuil chomh haibí sin agus do FBManna; á iarraidh go mbeidh cur chuige cuimsitheach ann san Aontas, bunaithe ar fiontraíocht a chur chun cinn trí rialáil a thacaíonn le hinfheisteoirí, chun rochtain ar mhaoiniú a áirithiú do ghnólachtaí nuathionscanta a bhfuil gealladh fúthu ar gach céim den fhás; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí comhpháirteacha ar thréigean na ngnólachtaí Eorpacha óga a bhfuil gealladh fúthu a chosc agus a dhíspreagadh, ar gnólachtaí iad nach mbíonn dóthain maoinithe acu go minic tar éis dóibh dul isteach sa mhargadh;

78. á mheabhrú nach bhforáiltear i reachtaíocht reatha an Aontais do cheanglais éigeantacha chibearshlándála do tháirgí agus do sheirbhísí i gcoitinne; á iarraidh go gcuirfí ceanglais fhíor-riachtanacha san áireamh i gcéim an deartha (slándáil trí dhearadh) agus freisin maidir le caighdeáin agus próisis iomchuí chibearshlándála a úsáid le linn shaolré na dtáirgí agus na seirbhísí agus ar fud a slabhraí soláthair araon;

79. á chur i bhfios go mbeidh an ceathrú réabhlóid thionsclaíoch ag brath, i measc nithe eile, ar rochtain ar amhábhair amhail litiam agus dúile tearc-chré, agus gur gá don Aontas laghdú ar a spleáchas ar iad a allmhairiú trí shrian a chur le dearbhthomhailt agus trína gheilleagar ciorclach féin atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de; á mheas go bhféadfaí, le beartas níos láidre maidir leis an ngeilleagar ciorclach a chuirtear i bhfeidhm ar fheistí digiteacha agus leathsheoltóirí, rannchuidiú ag an am céanna le ceannasacht thionsclaíoch an Aontais agus tionchar diúltach na ngníomhaíochtaí mianadóireachta a bhaineann le hamhábhair a sheachaint;

80. á iarraidh go mbeidh straitéis níos soiléire ann do na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, chun glacadh forleathan na dteicneolaíochtaí nua ag FBManna, ag cuideachtaí meánchaipitlithe agus ag gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn; á chur i bhfios gur cheart do líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha cumhdach geografach leathan a

[24] Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.

áirithiú ar fud na hEorpa, lena n-áirítear limistéir thuaithe, iargúlta agus oileánacha, chomh maith le hidirphlé trasearnála a thionscnamh; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis uaillmhianach agus chuimsitheach a dhréachtú chun tacú le cruthú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus é mar aidhm leis sin glúin nua d'aonbheannaigh dhigiteacha Eorpacha a bheith ann laistigh de 10 mbliana go háirithe, ba cheart leis an straitéis go mbreathnófaí ar bhearta mar dhreasachtaí cánach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna nuabhunaithe agus Víosa Tosaigh AE a thabhairt isteach;

81. á chur in iúl gur geal léi straitéis nua néalríomhaireachta an Choimisiúin agus an Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta;

82. á chur in iúl gur geal léi an dea-thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhargaí saothair na hEorpa, lena n-áirítear cruthú post, áiteanna oibre níos sábháilte agus níos cuimsithí, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe san earcaíocht agus i bpá, agus cur chun cinn meaitseála scileanna níos fearr agus sreafaí oibre, ar choinníoll go ndéanfar na rioscaí a mhaolú agus go ndéanfar nuashonrú ar chreataí rialála ar bhonn rialta de réir mar a théann an tonn digiteach chun cinn;

83. á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in oideachas ardcháilíochta, freagrúil agus cuimsitheach, i ngairmoiliúint agus i gcórais foghlama ar feadh an tsaoil chomh maith le beartais athscilithe agus uas-scilithe d'oibrithe in earnálacha a bhféadfadh IS dul i gcion go mór orthu, lena n-áirítear i réimse na talmhaíochta agus na foraoiseachta; á chur i bhfios go láidir nach mór aird ar leith a thabhairt ar chuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste ina leith sin;

84. ag tabhairt dá haire gur ann do bhearna scileanna i margaí saothair na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi Clár Oibre nuashonraithe an Choimisiúin maidir le Scileanna don Eoraip agus an Plean Gníomhaíochta nua don Oideachas Digiteach (2021-2027), lena gcabhrófar le hoibrithe borradh a chur faoina scileanna digiteacha agus na cáilíochtaí a fháil don saol oibre a bheidh ann amach anseo, agus lena gcabhrófar le dul i ngleic le hoiriúnú agus gnóthú cáilíochtaí agus eolais i bhfianaise na n-aistrithe digiteacha agus glasa; á chur i bhfios go láidir gur gá gnéithe eiticiúla IS agus forbairt scileanna chun críoch eiticiúil a áireamh mar chuid lárnach d'aon churaclaim oideachais agus oiliúna d'fhorbróirí agus do dhaoine atá ag obair le IS; á mheabhrú nach mór d'fhorbróirí, ríomhchláraitheoirí, cinnteoirí agus cuideachtaí a bhíonn ag déileáil le IS a bheith ar an eolas faoin bhfreagracht eiticiúil atá orthu; á thabhairt chun suntais gur féidir an bhearna dhigiteach sa tsochaí a shárú leis na scileanna cuí agus an eolas maidir le IS agus gur cheart do réitigh IS tacú le lánpháirtiú grúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair amhail daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta nó i gceantair thuaithe;

85. á thabhairt chun suntais gur croíphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhionannas inscne agus gur cheart é a léiriú i mbeartais uile an Aontais; á iarraidh go dtabharfar aitheantas do ról bunúsach na mban ó chun straitéis dhigiteach na hEorpa a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí an chomhionannais ó thaobh inscne; á mheabhrú go bhfuil rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar digiteach ríthábhachtach chun sochaí dhigiteach rathúil a mhúnlú agus chun borradh a chur faoi mhargadh inmheánach digiteach an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an Dearbhú Gealltanais aireachta maidir le 'Mná san Earnáil Dhigiteach' a chur chun feidhme; á

mheas gur féidir le hintleacht shaorga rannchuidiú go mór chun an t-idirdhealú ar bhonn gnéis a shárú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin roimh mhná chun an comhionannas inscne a chur chun, ar an gcoinníoll go bhforbraítear creat dlíthiúil iomchuí, go ndíothaítear claontachtaí comhfhiosacha agus neamh-chomhfhiosacha agus go n-urramófar prionsabail an chomhionannais inscne;

86. á chur i bhfáth gur earnáil í an talmhaíocht ina mbeidh ról lárnach ag IS maidir le saincheisteanna agus dúshláin táirgthe agus soláthair bia a réiteach; á chur i bhfáth gur mór an deis do nuachóiriú, uathoibriú agus éifeachtúlacht agus inbhuanaithe feabhsaithe na hearnála agraibhia, agus don fhorbairt áitiúil i limistéir thuaithe, lena ndéantar táirgeadh barr a mhéadú agus cáilíocht na mbarr a fheabhsú, iad teicneolaíochtaí IoT agus go háirithe IS; á mheas go bhfuil gá le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na hintleachta saorga agus taighde agus forbairt a mhéadú san earnáil agraibhia chun inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht, cruinneas a fheabhsú; agus táirgiúlacht a stiúradh; ag cur béim an acmhainneacht a bhaineann le IoT agus IS sa talmhaíocht bheacht, go háirithe maidir le dálaí aimsire, cothaithigh ithreach agus riachtanais uisce a bhrath, chomh maith le foirgeacht le lotnaidí agus galair plandaí a shainaithint; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh laghdú suntasach faireachán trí uirlisí uathoibrithe agus digiteacha cabhrú le lorg comhshaoil agus lorg aeráide na talmhaíochta a íoslaghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na hacmhainní agus na hinfheistíochtaí atá tiomnaithe don earnáil talmhaíochta a mhéadú chun na gcríoch sin, agus acmhainní leormhaithe agus uirlisí a fhorbairt le haghaidh taighde ar úsáid IS sna réimsí sin chun go n-éascófaí úsáid níos fearr a bheith á baint ag na feirmeoirí lena mbaineann as na hacmhainní atá ar fáil, éifeachtúlacht agus táirgeadh a mhéadú, agus cruthú mol nuálaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta sa réimse sin a chothú;

87. á chreidiúint gur cheart, le cur i bhfeidhm na hintleachta saorga laistigh den Aontas agus leis an úsáid ghaolmhar a bhaintear as sonraí pearsanta shaoránaigh AE, go n-urramófaí ár luachanna agus ár gcearta bunúsacha mar a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, amhail dínit an duine, príobháideacht, cosaint sonraí agus slándáil; 3. á chur i bhfios go láidir, ós rud é go gcumhdaíonn IS, de réir sainmhínithe, próiseáil sonraí, nach mór di dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú, go háirithe an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS); 7. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na hacmhainní is gá a chur ar fáil d’údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí poiblí le go mbeidh siad in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí agus é a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

88. á thabhairt chun suntais gurb iad infheistíocht sna heolaíochtaí, sa taighde agus san fhorbairt, i réimsí an digithe agus IS, lena gcothaítear rochtain níos fearr ar chaipiteal fiontair, cibearshlándáil láidir de bhonneagair chriticiúla agus de líonraí cumarsáide leictreonaí agus rochtana ar shonraí neamhchlaonta ardcháilíochta saor, na bunchlocha chun ceannasacht dhigiteach an Aontais a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar na bealaí éagsúla ina bhfuil an tAontas i mbaol a bheith spleách ar ghníomhaithe seachtracha; ag tabhairt dá haire go gcuirfidh rialáil dhoiléir, iomarcach nó ilroinnte bac ar theacht chun cinn aonbheannach nuálach ardteicneolaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nó iad a spreagadh chun a gcuid táirgí agus seirbhísí a fhorbairt lasmuigh den Eoraip;

89. ag cur béim ar an bhfíoras gur réamhriachtanas é sochaí ghigighiotáin Eorpach atá slán agus cuimsitheach a bhaint amach chun rath a bheith ar an Aontas ina aistriú digiteach;

ag cur béim ar ról na nascachta, arna cumhachtú go háirithe ag 5G agus ag bonneagar snáithín, maidir le modhanna oibre agus oideachais, samhlacha gnó agus earnálacha iomlána amhail monarú, iompar agus cúram sláinte a athrú ó bhonn, go háirithe i gcomhar le teicneolaíochtaí eile amhail an fíorúlú, an néalríomhaireacht, an ríomhaireacht chiumhais, IS, sliseogú líonra agus uathoibriú, agus go bhfuil an acmhainneacht aige táirgiúlacht níos fearr agus tuilleadh nuálaíochta agus taithí úsáideoirí a bhaint amach;

90. á iarraidh ar an gCoimisiún cuideachtaí Eorpacha a dhreasú chun tús a chur le hacmhainní teicneolaíochta a fhorbairt agus a thógáil don chéad ghlúin eile de líonraí móibíleacha; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag rochtain mhíchothrom ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ag éagothromaíochtaí i nascacht ar fud na mBallstát;

91. ag tabhairt dá haire go bhfuil infheistíocht sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC) ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán IS agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn; á iarraidh go ndéanfar an bhearna infheistíochta sa nascacht a líonadh tríd an gCéad Ghlúin Eile de chuid an Aontais, chomh maith le maoiniú náisiúnta agus príobháideach, chun cúiteamh a dhéanamh as na ciorruithe ar infheistíochtaí an Aontais i dteicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027;

92. á iarraidh cur chuige cuimsitheach ón tsochaí ina iomláine a bheith ann i leith na cibearshlándála; á thabhairt chun suntais gur cheart cineálacha cur chuige nua maidir leis an gcibearshlándáil a cheapadh ar bhonn athléimneachta agus inoiriúnaitheachta i dtaca le strus agus ionsaithe; á iarraidh go mbeadh cur chuige iomlánaíoch ann i leith na cibearshlándála, ina gcuirfear an córas ar fad san áireamh, ó dhearadh córais agus inúsáidteacht go dtí oideachas agus oiliúint na saoránach; á chur i bhfáth go bhfágann an claochlú digiteach, le digitiú tapa na seirbhísí agus tabhairt isteach ar mhórscála gléasanna nasctha, go mbíonn ár sochaí agus ár ngeilleagar níos nochta do chibirionsaithe; á thabhairt chun suntais go gcuirfidh an dul chun cinn i réimse na ríomhaireachta candamaí isteach ar theicnící criptithe atá ann cheana; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le taighde a chuirfeadh ar chumas na hEorpa an dúshlán sin a shárú , agus béim á leagan ar an ngá atá le criptiú ó cheann go ceann atá láidir agus slán; á iarraidh ar an gCoimisiún go bhfiosródh sé úsáid prótacal agus feidhmchlár cibearshlándála atá bunaithe ar bhlocshlabhra chun feabhas a chur ar athléimneacht, iontaofacht agus stóinseacht bonneagar IS; ag cur béim ar an ngá atá le comhpháirteanna cibearshlándála a áireamh i ngach beartas earnála; á chur i bhfios go n-éilíonn cosaint éifeachtach ar institiúidí an Aontais agus ar institiúidí náisiúnta oibriú le chéile le tacaíocht ó ENISA chun slándáil, sláine, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na mbonneagar criticiúil agus na líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise agus an rún atá aige a raon feidhme a mhéadú agus na difríochtaí i gcur i bhfeidhm na Treorach a laghdú sna Ballstáit á iarraidh cur chuige cúramach i leith spleáchais fhéideartha ar sholáthraithe ardriosca, go háirithe maidir le líonraí 5G a imscaradh;

93. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Forléargas**.

Tá próiseas na digiteála i gcoitinne ag dul chun cinn go mór sa gheilleagar agus sa tsochaí araon, agus athruithe suntasacha á ndéanamh aige ar an iliomad gnéithe de shaol daoine. Is catalaíoch claochlaithe atá sa réabhlóid dhigiteach, bíodh sé i gcúrsaí cumarsáide, siopadóireachta, taistil nó monaraíochta, ar ráta athraithe atá inchurtha leis an réabhlóid thionsclaíoch, agus féidearthachtaí shuntasacha á dtairiscint aici maidir le geilleagar na hEorpa agus tomhaltóirí san Eoraip araon. Creideann an Rapóirtéir, go deimhin, go bhfuil an margadh aonair digiteach ina thaca faoin margadh inmheánach uile faoi láthair, agus go mbeidh dea-fheidhmiú na réabhlóide digití ríthábhachtach do rath eacnamaíoch an Aontais dá réir.

Maidir leis an Rapóirtéir de, tá sé tábhachtach go mbeimid in ann gach leas is féidir a bhaint as sochair fhéideartha IS a úsáid, agus san am céanna go gcuirfear san áireamh aon ardriosca a bheadh ag gabháil leis na teicneolaíochtaí sin agus go ndéanfar é a mhaolú, agus chun an méid sin a dhéanamh beidh gníomhartha nithiúla de dhíth.

I gcomhthéacs digiteáil a bheith ina réimse tosaíochta ag an gCoimisiún, i gcomhthéacs Páipéar Bán a bheith foilsithe ag an gCoimisiún i bhFeabhra 2020 maidir le IS agus i gcomhthéacs teachtaireacht uaidh maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, feidhmeoidh an tuarascáil seo mar léiriú ar chuid de na bacainní reatha sa mhargadh aonair digiteach agus an méid is féidir a dhéanamh chun cúrsaí a fheabhsú. Feidhmeoidh an tuarascáil seo freisin chun léiriú a thabhairt ar an raon feidhme agus ábhair a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le haon togra rialála maidir le IS, agus ar an tsaincheist nár mhiste díriú uirthi sa togra.

Chuaigh an Rapóirtéir i mbun comhairle leis na geallsealbhóirí ar bhonn leathan agus trédhearcach fad a bhí an tuarascáil seo á hullmhú chun go bhféadfaí léargais éagsúla ar na bacainní reatha sa mhargadh aonair digiteach a chur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt orthu, agus mar a bhféadfaimis cur chuige a ghlacadh faoin IS a rialú sa todhchaí.

Creideann an Rapóirtéir go mbeidh gá le hiarrachtaí breise chun fáil réidh leis na bacainní reatha ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh, gníomhartha nithiúla a chruthú chun éiceachóras a fhorbairt ionas go mbeidh rath ar an digiteáil san Eoraip agus margadh aonair nuálach agus iontaofa a chruthú le haghaidh táirgí, seirbhísí agus feidhmchláir IS a áiritheoidh ardleibhéal cosanta tomhaltóirí.

Tá an Rapóirtéir den tuairim, i gcás cuid mhór den reachtaíocht reatha maidir le seirbhísí digiteacha agus go leor den reachtaíocht eile a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin, go bhféadfar leanúint á cur i bhfeidhm i gcónaí i gcás IS, agus go bhféadfar í a nuashonrú nó a oiriúnú i gcoitinne chun léiriú níos fearr a thabhairt ar na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn de bharr teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha agus chun aghaidh a thabhairt orthu. I gcás neamhchinnteachtaí agus dúshláin bhreise nach féidir aghaidh a thabhairt orthu laistigh de chreata reachtaíochta an Aontais faoi láthair, beidh roinnt reachtaíochta nua de dhíth.

**Bacainní ar an Margadh Aonair Digiteach**.

Creideann an Rapóirtéir go bunúsach go mbaineann an margadh aonair digiteach leis an

ilroinnt sa mhargadh inmheánach a laghdú trí chuir chuige náisiúnta éagsúla a sheachaint agus a bheith ag obair chun comhtháthú agus comhchuibhiú níos fearr a bhaint amach sa mhargadh;

Creideann an Rapóirtéir, maidir le haon tograí nua ón gCoimisiún maidir leis an teachtaireacht faoi thodhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, go mba cheart iad a dhíriú ar aon ilroinnt sa mhargadh aonair digiteach, go bhfaighidís réidh le haon bhacainní gan chúis atá ann faoi láthair agus go dtacóidís leis an nuáil tríd an rómhaorlathas a sheachaint. Tá an Rapóirtéir den tuairim nár mhiste dúinn margadh aonair digiteach a chruthú a bheidh iomaíoch, inrochtana, neodrach maidir le teicneolaíocht, báúil don nuáil, duinelárnach, iontaofa agus a thógfaidh sochaí agus geilleagar a bheidh slán ó thaobh sonraí de.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil easpa forfheidhmiú éifeachtach ina bacainn faoi láthair, agus ba mhaith léi aghaidh a thabhairt ar an méid sin sa tuarascáil seo uaithi. Tá an Rapóirtéir á chur i bhfáth freisin a riachtanaí atá sé tacú le príomhchumasóirí an gheilleagair dhigitigh, cur le méid na hinfheistíochtaí agus leis na foinsí infheistíochta, a bheith ag obair chun caighdeáin Eorpacha a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha, geilleagar iomaíoch sonraí a bheith againn agus tomhaltóirí a chumasú mar mhodh chun na bacainní reatha a shárú agus leas tomhaltóirí agus iomaíochas na hEorpa araon a fheabhsú.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir go mbeadh an tuarascáil ag díriú ar roinnt beartas nithiúil, agus go mbeadh beartais nithiúla á moladh a bhféadfadh an Coimisiún a ghlacadh mar ghné leantach ag éirí as a theachtaireacht i bhFeabhra 2020.

**IS**

Cuireann an Rapóirtéir in iúl gur geal léi an Páipéar Bán ón gCoimisiún a foilsíodh i bhFeabhra 2020. Tá iomaíochas suntasach ag baint leis an tionscal ar bhonn domhanda chun caighdeáin domhanda a leagan amach maidir le IS. Measann an Rapóirtéir maidir leis an Aontas Eorpach de, agus más mian linn go ndéanfar na caighdeáin sin a fhorbairt de réir ar gcroíluachanna, go mba cheart dúinn gníomhú le chéile ionas go mbeidh cur chuige comhréireach agus comhtháite ag an Aontas i leith na teicneolaíochta sin. Tá go leor cur chuige náisiúnta éagsúil ann faoi láthair, agus, i dtuairim an Rapóirtéara, ní bheidh de thoradh ar an méid sin ach bac a chur ar an Aontas i gcoitinne.

Tá an Rapóirtéir dearfach faoi na sochair a d’fhéadfadh a bheith le gnóthú as an teicneolaíocht agus tugann sí dá haire na dea-fhorbairtí atá feicthe cheana féin in úsáid IS chun fadhbanna ag eascairt as géarchéim COVID a réiteach. Creideann an Rapóirtéir go bhféadfaidh ról tábhachtach a bheith ag an teicneolaíocht sa téarnamh eacnamaíoch de bharr COVID, agus chun ár gcuid uaillmhianta uaillmhianacha ó thaobh aeráide de a bhaint amach freisin. Admhaíonn an Rapóirtéir go hiomlán áfach go bhfuil rioscaí agus dochar féideartha ag baint leis an IS freisin, amhail easpa trédhearcthachta nó cuntasachta, cinnteoireacht chlaonta agus cúiseanna buartha a bhaineann le cúrsaí príobháideachais agus nár mhiste aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna buartha sin in aon Rialachán amach anseo chun a áirithiú go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint, go gcuirfear leis an iontaoibh as IS agus lena ghlacadh dá réir, agus chun go dtosófar á úsáid go forleathan. San am céanna, creideann an Rapóirtéir go bhféadfaidh an cur chuige seo cuidiú chun cinnteacht dhlithiúil a chur ar fáil don tionscal agus tacú leis an nuáil.

Tá an Rapóirtéir den tuairim maidir lena chur chuige i leith IS, nár mhiste don Choimisiún creat prionsabalbhunaithe a fhorbairt bunaithe ar chearta bunúsacha agus ar luachanna amhail

trédhearcthacht, cuntasacht agus inmhínitheacht, a mhéid is gá. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag tomhaltóirí agus iad ag plé le IS go mbeidh sásra iontaoibhe ann i gcás cinntí a dhéantar agus go mbeifear in ann na cinntí sin a mhíniú don tomhaltóir nuair is gá. Chuige sin, creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé riachtanach Rialachán sonrach maidir leis an IS san Aontas a dhéanamh agus go bhféadfaidh sé an reachtaíocht ábhartha atá ann cheana a chomhlánú.

Creideann an Rapóirtéir nár mhiste don Choimisiún na prionsabail sin a spreagadh fad a bheadh táirgí, seirbhísí agus feidhmchláir IS á bhforbairt. Is é tuairim an Rapóirtéara, ag cur san áireamh a bhroidiúla atá an earnáil, go mba cheart don Choimisiún smaoineamh ar shainmhíniú feidhmiúil agus leathan ar an IS, ina gcuimseofar an raon táirgí, seirbhísí agus feidhmchlár Intleachta Saorga is leithne is féidir, agus chun a áirithiú go mbeidh aon Rialachán nua a mholtar sách solúbtha chun go bhféadfar é a chur in oiriúint d’fhorbairtí féideartha amach anseo.

Tacaíonn an Rapóirtéir le cur chuige rioscabhunaithe an Choimisiúin i leith rialáil IS, agus creideann sí nár mhiste don Choimisiún, mar sin féin, cur chuige dénártha a sheachaint i leith catagóiriú rioscaí agus modheolaíocht láidir oibiachtúil a fhorbairt chun cinneadh a dhéanamh faoin IS a bheith ina riosca suntasach, bunaithe ar an gcás úsáide agus ar an gcomhthéacs ar leith. Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach gan an earnáil a rialáil an iomarca agus maidir le haon úsáid den IS ar cinneadh ina leith gur úsáid ardriosca é, go mbeadh sé faoi réir na gceanglas rialála is déine.

Is dóigh leis an Rapóirtéir freisin go bhfuil sé tábhachtach a nótáil go bhfuil cuid shuntasach den reachtaíocht reatha a bhaineann le IS agus nár mhiste don Choimisiún é sin a mhapáil go soiléir chun an rómhaorlathas a sheachaint agus a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal “ceann isteach, ceann amach”. Ba cheart aon togra nua a bheith ag luí go rianúil leis na ceanglais reatha.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach caighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt maidir le IS, agus go leanfaí i mbun a thuilleadh oibre san Aontas agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha chun caighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt don IS.

Chun tacú leis an éiceachóras ceart d’fhorbairt IS san Aontas, measann an Rapóirtéir nár mhiste úsáid a bhaint as uirlisí rialála nua amhail ‘boscaí gainimh rialála’ chun táirgí nuálacha IS a fhorbairt go slán, agus tomhaltóirí a chosaint agus cuidiú le micrifhiontair agus fiontair bheagmhéide agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta méadú ó scálú. Creideann an Rapóirtéir freisin go bhféadfadh tionscnaimh amhail lipéadú shaorálach le haghaidh IS iontaofa, agus iad ag teacht leis na prionsabail thuasluaite, a bheith úsáideach mar uirlisí.

Agus ar deireadh, creideann an Rapóirtéir go bhfuil forfheidhmiú iomchuí riachtanach chun go mbeidh rath ar an Aontas Eorpach sa réimse sin. Tá sé riachtanach go n-oibreoidh an forfheidhmiú trasna teorainneacha agus idir earnálacha, agus creideann an Rapóirtéir go bhféadfar é sin a éascú le creat inoibrithe a bheadh á chur ar fáil ag an gCoimisiún taobh le treoir shoiléir agus nuashonraithe, a luaithe a thiocfaidh aon Rialachán i bhfeidhm. Measann an Rapóirtéir go mbeidh ardleibhéal speisialtóireachta agus eolais ag teastáil ó na comhlachtaí rialála chun IS a rialáil agus go mb’fhéidir nach ann dó faoi láthair; creideann an Rapóirtéir dá mbunófaí Lárionad Feabhais AE don IS, go gcuideodh sé chun a áirithiú go mbeadh uirlisí ag na Rialálaithe chun an obair a dhéanamh, agus go mbeadh an cur chuige ó thaobh rialála de comhsheasmhach ar fud na mBallstát freisin.

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**.

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin agus is í an Rapóirtéir go heisiach atá freagrach as. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an dréacht-tuarascáil á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas** | **Duine** |
|---|---|
| **BEUC** | David Martin |
| | Ernani Cerasaro |
| **European Digital Rights (Cearta Digiteacha Eorpacha) (EDRi)** | Sarah Chander |
| **Insurance Europe** | Arthur Hilliard |
| **DIGITALEUROPE** | Julien Chasserieau |
| **Allied for Startups** | Benedikt Blomeyer |
| **European Brands Association** | Razvan Antemir |
| **Centre for Information Policy Leadership (CIPL)** | Bojana Bellamy |
| **BSA** | Thomas Boué |
| **An Coimisiún Eorpach, AS CNCT** | Kilian Gross |
| | Martin Bailey |
| | Jorge Remuinan Suarez |
| | Mihail Adamescu |

25.2/2021(COD)

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Geert Bourgeois

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt dá haire go bhfuil táirgeadh agus trádáil ag brath níos mó ná riamh ar fhaisnéis dhigiteach atá á hiompar, á stóráil agus á húsáid thar theorainneacha; á chur i bhfáth nach mór don Aontas a aistriú digiteach a chur chun cinn chun a théarnamh ó phaindéim COVID-19 a éascú agus a athléimneacht a mhéadú d'fhonn dúshláin a shárú amach anseo; á thabhairt dá haire nach mór don aistriú digiteach a bheith i gcomhréir le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, le Comhaontú Pháras agus le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais;

2. á chreidiúint nach mór don Aontas Eorpach céimeanna práinneacha a ghlacadh chun an bhearna dhigiteach idir na Stáit Aontaithe agus an tSín a dhúnadh chun líon na gcuideachtaí domhanda rathúla teicneolaíochta a mhéadú san Aontas agus a bheith ina cheannaire maidir le caighdeáin a leagan síos le haghaidh geilleagar domhanda sonraíbhunaithe inbhuanaithe lena n-áiritheofar go n-urramófar luachanna an Aontais, cearta an duine, cosaint tomhaltóirí, slándáil sonraí agus cosaint sonraí;

3. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá a áirithiú go dtreiseoidh an t-aistriú digiteach teicneolaíochtaí oscailte, iniomparthacht agus idir-inoibritheacht; á chur i bhfios gur cheart cuspóirí den sórt sin a chumhdach leis an gcomhaontú trádála nuashonraithe leis an tSín;

4. ag cur sonrú sna rioscaí a bhaineann le neamh-chomhoiriúnacht idir cur chuige na gcomhpháirtithe éagsúla trádála ó thaobh rialáil na trádála digití de; ag tacú go láidir le réitigh iltaobhacha ar rialacha trádála digití agus ar oscailt inbhuanaithe na margaí chun sochair nithiúla a sholáthar do chuideachtaí, do thomhaltóirí agus d'oibrithe; á iarraidh go dtabharfaí caibidlíocht iltaobhach na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i gcrích mar ábhar práinne, agus go mbeadh toradh cothrom ar an gcaibidlíocht sin; á

chur in iúl gurb oth leis, in éagmais rialacha domhanda, go bhféadfadh bacainní neamhtharaife ar thrádáil dhigiteach a bheith i ndán do chuideachtaí AE, amhail geobhlocáil, logánú sonraí agus ceanglais éigeantacha maidir le haistriú teicneolaíochta, ar bacainní iad nach bhfuil údar maith leo; á thabhairt dá haire go bhfuil na bacainní sin thar a bheith dúshlánach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); á thabhairt chun suntais go bhféadfadh rialacha domhanda maidir le trádáil dhigiteach cosaint tomhaltóirí a mhéadú tuilleadh; ag tacú le moratóir EDT ar tharchuir leictreonacha a bheith buan agus á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir leis an sainmhíniú ar tharchur leictreonach; á iarraidh go ndéanfaí Comhaontú EDT maidir le Teicneolaíocht Faisnéise, agus a leathnú, agus Páipéar Tagartha Sheirbhísí Teileachumarsáide EDT a chur chun feidhme go hiomlán agus a ghlacadh ar bhonn níos forleithne;

5. á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé disciplíní a bhunú lena gcuirtear toirmeasc ar aistriú éigeantach ceart maoine intleachtúla i bhfoirm cóid fhoinsigh; á chur i bhfios go láidir ina leith sin nár cheart don Aontas gealltanais a thabhairt i ndáil le halgartaim; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé scóip maidir le beartais phoiblí AE a choinneáil chun iniúchadh a dhéanamh ar chórais ardriosca IS, agus cosaint rún trádála á áirithiú ar an gcaoi sin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar thionchar an chlásail maidir le cód foinse atá á phlé faoi láthair sa chaibidlíocht ríomhthráchtála ar an reachtaíocht AE maidir le IS a bheidh ann amach anseo ar leibhéal EDT, lena n-áirítear a tionchar ar chearta tomhaltóirí, agus Parlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sa mheasúnú sin;

6. ag aithint gur ann d'uaillmhian ceannaire domhanda a dhéanamh de AE i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm IS; á iarraidh ar AE oibriú níos dlúithe le comhpháirtithe, mar shampla laistigh den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus EDT, chun caighdeáin dhomhanda le haghaidh IS a shocrú ar mhaithe le bacainní trádála a laghdú agus IS iontaofa a chur chun cinn i gcomhréir le luachanna an Aontais; ag tacú leis an gcomhar maidir le rialacháin idirnáisiúnta agus cineálacha eile comhair idir tíortha ECFE i dtaca leis an ngeilleagar digiteach, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir leis an Intleacht Shaorga; ag moladh do AE dlús a chur lena chuid oibre leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeáin maidir leis an ábhar sin;

7. á chur i bhfáth go bhfuil sreafaí sonraí lárnach don trádáil dhigiteach, agus cé is moite de bheith ina modh táirgthe, gur sócmhainn intrádála anois iad na sonraí féin; á chur i bhfios go láidir thairis sin, gurb ionann sonraí leictreonacha agus 'amhábhar' atá ríthábhachtach ó thaobh an gheilleagair de le haghaidh na n-aistrithe digiteacha; á thabhairt dá haire gur minic a bhíonn rochtain ar shonraí agus próiseáil sonraí fíor-riachtanach chun seirbhísí digiteacha iomaíocha a sholáthar, go háirithe iad siúd a úsáideann IS; á chur i bhfáth dá bhrí sin, gur gá níos mó saoirse a thabhairt do thaighdeoirí agus do ghnólachtaí chun sonraí a úsáid d'fhorbairt IS i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS); á thabhairt dá haire nach mór dlús a chur go gasta san Aontas le tógáil bhonneagar 5G, atá comhsheasmhach le spriocanna bhosca uirlisí an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil 5G; á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha maidir le trádáil dhigiteach a ghlacadh lena gcuirfear le hiomaíochas ghnólachtaí an Aontais, lena n-áiritheofar muinín tomhaltóirí agus lena n-éascófar saorshreabhadh sonraí thar theorainneacha, agus lena n-áiritheofar go n-urramófar rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas agus

caighdeáin cosanta tomhaltóirí; ag tacú leis an bprionsabal gur cheart cead a thabhairt sonraí a aistriú thar theorainneacha ar choinníoll go bhféadfaidh na páirtithe lena mbaineann uirlisí iomchuí aistrithe dlíthiúla a chur i bhfeidhm le haghaidh cosaint agus slándáil sonraí pearsanta; á thabhairt chun suntais gur féidir, i gcomhréir le RGCS, sonraí pearsanta a aistriú chuig tíortha nach bhfuil san Aontas trí chinntí leorgachta, trí chlásail chonarthacha chaighdeánacha agus trí rialacha ceangailteacha corparáideacha; á iarraidh go n-ardófar breithnithe maidir le cosaint sonraí i gcomhaontuithe trádála amach anseo, arb é is aidhm dó sin an próiseas cinnteoireachta leorgachta le comhpháirtithe trádála a éascú agus forálacha uaillmhianacha solúbtha a chur isteach maidir le sreafaí sonraí trasteorann; á thabhairt dá haire go bhféadfaí, le comhar rialála déthaobhach agus réigiúnach, amhail an t-aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn, an comhaontú a bheidh ann amach anseo maidir le ríomhthráchtáil a chomhlánú, agus leibhéal na cosanta sonraí pearsanta faoi gach dlí intíre á chur san áireamh; á iarraidh go mbeadh toirmeasc láidir ar chleachtais logánaithe sonraí nach bhfuil údar leo i gcomhaontú ríomhthráchtála EDT agus i gcomhaontuithe saorthrádála an Aontais (CSTanna AE);

8. á mheabhrú don Choimisiún gur cheart go n-urramófaí go hiomlán le haon togra maidir leis an margadh aonair digiteach oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear EDT agus comhaontuithe déthaobhacha trádála; ag tathant ar an gCoimisiún measúnú iomlán a dhéanamh ar impleachtaí geopholaitiúla agus straitéiseacha a thograí; á mheas gur cheart don Aontas leanúint de bheith ina eiseamláir maidir le geilleagar oscailte sonraí bunaithe ar rialacha a thógáil agus gur cheart dó comhroinnt sonraí idir tíortha AE agus neamh-AE a chur chun cinn;

9. ag cur sonrú i dtabhairt chun críche an chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach Eacnamaíoch Réigiúnach (RCEP) na hÁise atá bunaithe ar rialacha, lenar réitíodh an bealach don tionscadal comhtháthaithe eacnamaíoch is mó ar domhan; á chur in iúl gurb oth leis, áfach, nach ann do chaibidil láidir maidir le forbairt inbhuanaithe lena n-áirítear gealltanais maidir le caomhnú comhshaoil agus cearta sóisialta in RCEP, lena léirítear gur gá don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le rialacha domhanda a leagan síos don gheilleagar digiteach; á chreidiúint gur cheart don Aontas rialacha digiteacha atá comhsheasmhach le prionsabail dhaonlathacha, le cearta an duine agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; ag tacú, ina leith sin, leis an togra chun Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM a bhunú; ag éileamh go gcoinneofar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn maidir leis an togra seo agus go dtabharfar an cúram di maoirseacht a dhéanamh ar chaibidlíocht agus ar obair Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM chun comhar trasatlantach a chothú maidir le saincheisteanna digiteacha, lena n-áirítear maidir le srianta ar onnmhairiú teicneolaíochta agus scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche; ag tathant ar an gCoimisiún ardleibhéal trédhearcachta a áirithiú; ag tacú, ina leith sin, leis an obair atá á déanamh ar chomhaontú trasatlantach maidir le IS chun teacht ar chomhthoil níos láidre agus níos leithne maidir le prionsabail IS eiticiúil agus maidir le rialachas sonraí, agus, faoi chuimsiú na bprionsabal sin, nuálaíocht agus comhroinnt sonraí a chothú chun IS a fhorbairt agus cabhrú le trádáil a éascú agus rialacha comhoiriúnacha agus caighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt sa trádáil dhigiteach, agus ról lárnach á áirithiú ag AE maidir leis na caighdeáin sin a leagan síos; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh caibidil sa chomhaontú trasatlantach sin faoi IS freisin a bheadh tiomnaithe do shlándáil sonraí agus do chosaint sonraí úsáideoirí agus tomhaltóirí; á iarraidh ar an dá pháirtí leas a bhaint as an dlús a bhaineann le riarachán

nua Biden chun tús a chur go práinneach leis an obair ar na saincheisteanna sin, agus teacht ar chomhaontú ag ECFE maidir le cánachas cothrom don gheilleagar digiteach;

10. ag cur béim ar ról na trádála digití agus úsáid an bhlocshlabhra, mar shampla rochtain ar shlabhraí luacha domhanda a éascú do FBManna, lena n-áirítear sna tíortha is lú forbairt, agus chun próisis trádála trasteorann agus idirbhearta tráchtála a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos saoire; á thabhairt dá haire ina leith sin gurb iad FBManna is measa atá buailte ag maorlathas rialála teimhneach agus ualaí iomarcacha agus á chur i bhfios go láidir dá réir sin gur gá an reachtaíocht a shimpliú agus a shoiléiriú chun forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag FBManna a chur chun cinn, go háirithe IS; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le FBManna ina gclaochlú digiteach; ag cur béim go háirithe ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin ó thaobh cur le cumhachtú eacnamaíoch agus cuimsiú breise na mban; á thabhairt dá haire go bhféadfar dícheall cuí a éascú do chuideachtaí trí bhlocshlabhra a úsáid;

11. á thabhairt dá haire go bhfuil IS leabaithe i réimse leathan córas agus go méadóidh sé, dá bhrí sin, líon na bhféidearthachtaí iontrála atá ar fáil do ghníomhaithe mailíseacha leas a bhaint astu; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá an chibearshlándáil a chur chun cinn trí thacú le caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtais atá dírithe ar an tionscal chun cabhrú le cuideachtaí a rioscaí cibearshlándála a bhainistiú, i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar chibearionsaithe ar mhórscála ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus arb é is aidhm dóibh faisnéis íogair ghnó amhail rúin trádála agus maoin intleachtúil, ar minic cuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh ina n-íospartaigh orthu, a mhíleithreasú; á thabhairt dá haire mar bhealach chun brú a chur ar stáit neamh-chomhoibríocha, go bhféadfaí gníomhaíocht taidhleoireachta nó frithbheart eacnamaíoch a mheas; den tuairim go ndéanfadh comhaontú laistigh de ECFE gan dul i mbun spiaireachta tráchtála in aghaidh Ballstáit eile, go ndéanfadh sé freisin tíortha neamh-AE a dhíspreagadh gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh;

12. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá CSTanna AE ó thaobh leasanna agus luachanna chuideachtaí, tomhaltóirí agus oibrithe an Aontais a chur chun cinn sa gheilleagar digiteach domhanda agus á mheas go bhfuil siad comhlántach le margadh aonair digiteach iomaíoch; á thabhairt dá haire go bhfuil an comhar leis an Ríocht Aontaithe ríthábhachtach, agus go bhfuil ról tábhachtach aici sa gheilleagar digiteach domhanda; á chur in iúl gur díol sásaimh di na caibidlí maidir le Trádáil Dhigiteach agus maidir le Teileachumarsáid de Chomhaontú Trádála agus Comhair AE-RA agus á mheas dó gur tagarmharc iad le haghaidh caibidlíocht le comhpháirtithe trádála forbartha eile de chuid an Aontais; á iarraidh go gcuirfear na caibidlí ar thrádáil dhigiteach agus ar an teileachumarsáid san áireamh i ngach CST AE amach anseo; á iarraidh go mbeidh an trádáil dhigiteach ina colún de straitéis nua trádála AE;

13. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé na míchothromaíochtaí agus an saobhadh atá ann cheana sa mhargadh domhanda a cheartú, ar míchothromaíochtaí agus saobhadh iad a chuireann bac ar fhás chuideachtaí teicneolaíochta AE; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis na Stáit Aontaithe, leis an tSeapáin agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo chun rialacha EDT a athchóiriú maidir le, inter alia, fóirdheontais, aistrithe teicneolaíochta éigeantacha agus fiontair atá faoi úinéireacht stáit; á chur i bhfios go láidir gur gá na comhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, gur gá gluaiseacht i dtreo na cómhalartachta i réimsí áirithe den bheartas trádála agus infheistíochta, agus gur gá

creataí rialála nua AE a fhorbairt, lena n-áirítear ionstraim nua maidir le fóirdheontais eachtracha; á mheas di gur gá dálaí tacaíochta a fhorbairt do chuideachtaí teicneolaíochta AE a mbeadh ag gabháil leo siúd bearta maoiniúcháin agus creidmheasanna onnmhairiúcháin iomchuí; ag tacú le forbairt na gcoimircí i reachtaíocht an Aontais agus i gcomhaontuithe trádála i gcoinne iompraíocht fhrithiomaíoch na ngníomhaithe uile sa slabhra luacha digiteach, lena n-áirítear an teileachumarsáid.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 4<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Udo Bullmann, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Miroslav Číž, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Emmanouil Fragkos, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Enikő Győri, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Herve Juvin, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Massimiliano Salini, Helmut Scholz, Liesje Schreinemacher, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Markus Buchheit, Jean-Lin Lacapelle |

# Torthaí na vótála le glao rolla

**1. Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí Eorpacha 2020/2216(INI) — Rapóirtéir: Geert Bourgeois (ECR)** – Glacadh na dréacht-tuairime

1.1. Vótáil chríochnaitheach

| 36 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Eniko Gyori, Christophe Hansen, Danuta Maria Huebner, Gabriel Mato, Massimiliano Salini, Sven Simon, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| S&D | Udo Bullmann, Miroslav Číž, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt |
| RENEW | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Liesje Schreinemacher, Marie-Pierre Vedrenne |
| ID | Roman Haider, Hervé Juvin, Markus Buchheit, Danilo Oscar Lancini, Jean-Lin Lacapelle |
| ECR | Geert Bourgeois, Emmanouil Fragkos, Dominik Tarczynski, Jan Zahradil |
| NI | Carles Puigdemont i Casamajó |

| 4 | - |
|---|---|
| NA GLASAIGH/SCE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 3 | 0 |
|---|---|
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| NI | Tiziana Beghin |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

23.3.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Nicola Beer

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á iarraidh go mbeidh an uaillmhian ag na hinstitiúidí Eorpacha an tAontas a chur ar thús cadhnaíochta sa chlaochlú digiteach agus san intleacht shaorga, tríd an sprioc a leagan síos agus trí leas a bhaint as na hacmhainní chun bheith ar an réigiún is iomaíche agus is nuálaí faoi 2030 bunaithe ar rialacha agus luachanna an Aontais, agus trí chomhar idirnáisiúnta maidir le IS a chur chun cinn le tíortha agus gníomhaithe domhanda atá ar aon intinn leis; ag cur béim ar an acmhainneacht le haghaidh breisluach Eorpach agus ar chostas na neamh-Eorpa i réimse IS agus na rialála digití; á iarraidh go mbeidh cur chuige rialála ann nach bhfuil bunaithe ar fhorléargas ar fhorbairt theicneolaíoch faoi láthair, ach a fhéachann lena áirithiú go mbeidh na rialacha a ghlacfar infheidhme freisin maidir le dul chun cinn teicneolaíoch agus feiniméin teicneolaíochta amach anseo; á iarraidh go mbeidh rialáil uile IS agus dhigiteach cothrom, comhréireach agus bunaithe ar phrionsabail na coimhdeachta agus na neodrachta teicneolaíochta agus ar mheasúnuithe tionchair críochnúla; á thabhairt chun suntais gur gnéithe iad an nuálaíocht, margaí oscailte, luachanna Eorpacha leabaithe atá bunaithe ar chearta agus glacadh sóisialta a chuirfeadh ar chumas an Aontais bheith ar thús cadhnaíochta i dtreo sochaí dhigiteach a théann chun tairbhe daoine agus na sochaí ina hiomláine, a spreagann fás agus iomaíochas, a áirithíonn a cheannasacht dhigiteach agus a athléimneacht dhigiteach, agus a neartódh ábharthacht gheopholaitiúil agus straitéiseach an Aontais; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag an rialáil maidir le sonraí Eorpacha agus IS margadh aonair gan teorainneacha a thógáil mar aon le sochaí sonraí agus geilleagar sonraí atá iomaíoch, dírithe ar an duine, iontaofa agus slán agus a bheadh fabhrach don nuálaíocht, lena dtacófar le forbairt agus le húsáid IS, rochtain ar shonraí, idir-inoibritheacht agus iniomparthacht sonraí; á chur i bhfáth go gcaithfidh an claochlú digiteach cur leis an bhforbairt inbhuanaithe agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, eiticiúla agus comhshaoil á gcothromú; ag cur béim ar an

bhfíoras, maidir leis na trí phríomhchuspóir a shainítear sa teachtaireacht maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, gur réamhriachtanais iad iomaíochas digiteach agus fás eacnamaíoch nach féidir a ionadú chun sochaí oscailte, dhaonlathach agus inbhuanaithe a thógáil, agus í á cumhachtú ag teicneolaíocht a oibríonn do dhaoine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige coiteann Eorpach lena n-urramófar a phrionsabail bhunúsacha agus a luachanna bunúsacha, chun an sprioc sin a bhaint amach;

2. á mheabhrú go bhfuil an cheannasacht dhigiteach riachtanach don Aontas chun forbairt a dhéanamh ar bhealach neamhiallaithe agus ar bhonn a chuid luachanna; á thabhairt chun suntais gurb iad infheistíocht san eolaíocht, sa taighde agus san fhorbairt, sa nuálaíocht i réimsí na teicneolaíochta digití agus IS, agus rochtain níos fearr ar chaipiteal fiontair agus ar shonraí ardcháilíochta saor ó chlaontacht, na bunchlocha chun ceannasacht dhigiteach an Aontais a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go mbeidh ról ríthábhachtach ag FBManna agus ag monaraíocht atá bunaithe ar an Eoraip sa phróiseas claochlaithe sin; á chur i bhfios go mbeidh an ceathrú réabhlóid thionsclaíoch ag brath, i measc nithe eile, ar rochtain ar amhábhair amhail litiam agus dúile tearc-chré, agus gur gá don Aontas a spleáchas ar amhábhair chriticiúla allmhairithe a laghdú trí shrian a chur le dearbhthomhailt agus trína gheilleagar ciorclach féin atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de; á mheas go bhféadfaí, le beartas níos láidre maidir leis an ngeilleagar ciorclach a chuirtear i bhfeidhm ar fheistí digiteacha agus leathsheoltóirí, rannchuidiú ag an am céanna le ceannasacht thionsclaíoch an Aontais agus tionchar diúltach na ngníomhaíochtaí mianadóireachta a bhaineann le hamhábhair a sheachaint; á mheabhrú gur minic a fhorbraítear IS agus teicneolaíochtaí digiteacha eile i gcomhthéacs idirnáisiúnta; ag tabhairt dá haire go gcuirfear dlús le cuideachtaí nuálacha chun a dtáirgí agus a seirbhísí a fhorbairt lasmuigh den Eoraip le rialachán neamh-ilroinnte; ag cur béim ar a thábhachtaí atá saorshreabhadh sonraí thar theorainneacha; ag tacú le haidhm an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar bhacainní gan údar ar shreafaí sonraí idirnáisiúnta, agus freisin ar na srianta atá ar chuideachtaí Eorpacha i dtríú tíortha; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rochtain ar shonraí agus ar idir-inoibritheacht ar fud an Aontais agus úsáid á baint as an méadú easpónantúil ar chainníocht na sonraí tionsclaíocha agus poiblí; ag tabhairt rabhadh i gcoinne úsáid IS i gcórais a chuireann pionós ar shaoránaigh agus a thugann luach saothair dóibh bunaithe ar a n-iompar sóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a dhréachtú maidir le maoiniú do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha chun a bhfás san Eoraip a dhreasú, ionas go mbeidh an Eoraip in ann tairbhiú de na poist, na smaointe agus na gnólachtaí nuálacha a eascraíonn as sin, agus go bhféadfar cailliúint na gcuideachtaí sin do thíortha nach bhfuil san Eoraip a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar na bealaí éagsúla ina bhfuil an tAontas i mbaol a bheith spleách ar ghníomhaithe seachtracha; ag meabhrú nach mór do na Ballstáit seasamh lena dtiomantas faoi straitéis Eoraip 2020 3 % dá n-olltáirgeacht intíre a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt, chun ceannasacht straitéiseach an Aontais sa réimse digiteach a áirithiú; ag meabhrú nach dtagann coincheap na ceannasachta níos fearr salach ar choincheap na saorthrádála córa;

3. á chur i bhfáth go bhfuil lorg comhshaoil agus carbóin reatha na hearnála TFC suntasach i gcónaí; á chur i bhfios gur féidir laghdú ar chostais agus ar bhainistiú feabhsaithe a bhaint amach trí fhorbairt inbhuanaithe bhreise a dhéanamh ar theicneolaíochtaí digiteacha, ar IS agus róbataic, go bhféadfadh an mheaisínfhoghlaim rannchuidiú le laghdú ar astaíochtaí trí thuiscint níos fearr a fháil ar na próisis teicneolaíochta, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, trí fhuinneamh

inathnuaite a chomhtháthú agus trí stóráil fuinnimh, trí chomhroinnt agus rochtain ar thacair sonraí riachtanacha dhea-shainithe a chumasú agus tríd an ngné chomhshaoil a áireamh i gcomhréir go hiomlán leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag tabhairt dá haire gur féidir laghduithe níos mó ar astaíochtaí agus neodracht iomlán aeráide fiú a bhaint amach trí chaighdeáin éifeachtúlachta lárionaid sonraí a leagan síos do shuíomhanna óstála, mar aon le ceanglais chomhlántacha do chrua-earraí ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus do bhogearraí agus d'athúsáid teasa; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé ríomhaireacht ardfheidhmíochta atá níos tíosaí ar fhuinneamh a fhorbairt, amhail an ciúb Glas TF;

4. á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as cláir chistiúcháin an Aontais chun tacú le digitiú ár sochaí agus ár dtionscal sa mhéid go bhfuil siad bunaithe ar phrionsabail na héifeachtúlachta, na trédhearcachta agus na cuimsitheachta; á iarraidh go ndéanfar na cistí éagsúla a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí idir na cláir; ag moladh tosaíocht straitéiseach a thabhairt do chistí chun an bonneagar digiteach is gá a thógáil; ag leagan béim ar an rath a bhí ar an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún a foilsíodh le deireanas maidir le leanúint de sin chun an ról ceannasach atá ag an Eoraip sa tsár-ríomhaireacht agus sa ríomhaireacht chandamach a choinneáil agus a chur chun cinn, nach féidir déanamh dá uireasa agus IS á forbairt; á mheabhrú gurb iad na FBManna cnámh droma gheilleagar na hEorpa agus go dteastaíonn tacaíocht speisialta uathu ó chláir mhaoiniúcháin an Aontais chun an t-aistriú digiteach a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi na pleananna chun an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach faoi Fhís 2021-2027 a fhorbairt tuilleadh ina Comhairle iomlán, ina dtairgfear 'ionad ilfhreastail' do ghnólachtaí nuathionscanta, lena dtairgfear ionstraimí feabhsaithe maoinithe agus Seirbhís um Luasú Gnó; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur leis an infheistíocht sa taighde agus comhar breise a éascú idir cuideachtaí nuálacha, institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde; ag aithint go méadaítear úsáid agus glacadh réitigh IS chun comhpháirteanna feidhmchláir IS a chomhroinnt agus a athúsáid; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá IS maidir le taighde i bhfothaí IS; ag tabhairt dá haire go bhfuil feidhmeanna reatha tráchtála IS bunaithe ar thaighde a tionscnaíodh fiche nó tríocha bliain roimhe sin; ag cur béim ar an ngá atá le taighde cuimsitheach a cheadú ar fheidhmchláir agus ar theicneolaíochtaí uile IS; á iarraidh go mbeidh réitigh reachtacha ann, amhail boscaí gainimh rialála lena bhféadfaí cur le treoirthionscadail rathúla, lena gceadófaí d'institiúidí poiblí agus príobháideacha araon limistéar tástála slán a chruthú le haghaidh taighde agus forbairt cásanna úsáide IS ardriosca agus neamh-ardriosca; á iarraidh go mbunófar tionsnaimh dírithe ar thaighde céadchéime. á iarraidh go ndéanfar infheistíocht ollmhór i mbraislí barr feabhais don nuálaíocht dhigiteach agus IS ar fud na mBallstát, bunaithe ar an gcomhar idir cuideachtaí nuálacha, institiúidí ardoideachais agus taighde chun forbairt acmhainní agus comhroinnt dea-chleachtas a áirithiú, agus chun taighde agus nuálaíocht a shlógadh feadh an tslabhra luacha ar fad, agus ar an gcaoi sin na daoine tréitheacha is fearr agus infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh agus a choinneáil; á mheabhrú go bhfuil ról méadaitheach ag FBManna agus ag gnólachtaí nuathionscanta sa nuálaíocht dhigiteach; á iarraidh go ndéanfar bearta chun a gcuid nuálaíochtaí a éascú tríd an ualach riaracháin a laghdú, rochtain ar mhaoiniú a éascú – lena n-áirítear creidmheasanna agus caipiteal riosca – ionas go mbeidh rochtain níos éasca ar fhaisnéis agus trí oideachas a chur ar fáil chun an bhearna scileanna a líonadh;

5. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil teicneolaíocht dhigiteach comhtháthaithe ina

ngnólachtaí ach ag 17 % de FBManna go dtí seo[1]; á mheabhrú gur coinníoll riachtanach é glacadh an digitithe ag FBManna chun leas a bhaint as an dara babhta sin den digitiú; á chur i bhfios gur cheart, leis an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo sa réimse digiteach, ualaí riaracháin nó rialála nach bhfuil gá leo a sheachaint agus treoirlínte soiléire a bheith ag gabháil léi amhail creat Eorpach maidir le IS, an róbataic agus teicneolaíochtaí gaolmhara, lena dtabharfaí aghaidh ar phrionsabail eiticiúla agus, i gcás inarb iomchuí, ar chaighdeáin theicniúla chun feabhas a chur ar fheidhmíocht, idir-inoibritheacht, slándáil agus príobháideachas le haghaidh rialachas níos fearr ar úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail IS; á chur i bhfios go gcuireann éiginnteacht dhlíthiúil bac ar theacht chun cinn aonbheannach ardteicneolaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna; á iarraidh go gcruthófar éiceachóras digiteach ina mbeidh FBManna in ann páirt a ghlacadh sa nuálaíocht theicneolaíoch atá dírithe ar an digitiú agus ar IS; á iarraidh go neartófar na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, agus go mbeidh straitéis níos soiléire ann ina leith, chun glacadh forleathan na dteicneolaíochtaí nua ag FBManna, ag cuideachtaí meánchaipitlithe agus ag gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn; á chur i bhfios gur cheart líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha cumhdach geografach leathan a áirithiú ar fud na hEorpa, lena n-áirítear limistéir thuaithe, iargúlta agus oileánacha, chomh maith le hidirphlé trasearnála a thionscnamh; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis uaillmhianach agus chuimsitheach a dhréachtú chun tacú le cruthú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus é mar aidhm leis sin glúin nua d’aonbheannaigh dhigiteacha Eorpacha a bheith ann laistigh de 10 mbliana; á chur i bhfios gur cheart go bhféachfar leis an straitéis ar bhearta amhail níos lú maorlathais agus bonneagar den scoth, rochtain ar mhaoiniú, éascú cuideachtaí seachthairbheacha in ollscoileanna agus i gcuideachtaí, rochtain níos fearr ar sholáthar poiblí, dreasachtaí cánach do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuabhunaithe, tacaíocht chun rochtain a fháil ar mhargaí domhanda ón tús, tabhairt isteach Víosa Tosaigh AE, ualaí rialála a laghdú, ‘boscaí gainimh rialála’ a thabhairt isteach agus éiceachórais speisialta nuathionscanta AE a thabhairt isteach chun cabhrú le daoine cuideachtaí a chruthú, maoiniú a mhealladh nó a n-aireagán a cheadúnú chuig cuideachtaí atá ann cheana mar mhúnla d’aistriú teicneolaíochta; ag tabhairt dá haire gur cheart na bearta sin a fhorbairt in idirphlé leanúnach leis na geallsealbhóirí ábhartha;

6. ag cur béim ar an easpa cistiúcháin caipitil fiontair Eorpaigh, ar an easpa rochtana ar mhaoiniú agus an easpa infhaighteachta sonraí, ar an ról mór díréireach atá ag eintitis phoiblí sa chistiú atá ann faoi láthair, agus ar na difríochtaí suntasacha sna héiceachórais nuathionscanta agus sa mhaoiniú atá ar fáil idir na Ballstáit; ag aithint na mbacannaí seachtracha agus inmheánacha thairis sin, go háirithe d’earnálacha nach bhfuil chomh haibí sin, agus do réimse níos leithne earnálacha, agus do FBManna a bhfuil sé níos deacra dóibh feidhmchláir IS a chur chun feidhme i gcomparáid le gnólachtaí móra; á iarraidh go mbeidh cur chuige cuimsitheach ann san Aontas, bunaithe ar chánachas feabhsaithe agus nuachóirithe, lena gcuirtear fiontraíocht chun cinn trí chórais chánach chothroma atá dírithe ar fhás agus trí rialáil a thacaíonn le hinfheisteoirí, chun rochtain ar mhaoiniú a áirithiú do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha ar gach céim den fhás; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí comhpháirteacha ar thréigean na ngnólachtaí Eorpacha óga a bhfuil gealladh fúthu a chosc agus a dhíspreagadh, ar gnólachtaí iad nach mbíonn dóthain maoinithe acu go minic tar éis dóibh dul isteach sa mhargadh;

[1] Tuarascáil 2018 ón Meitheal um Moil Nuálaíochta Digití https://ec.europa.eu/futurium/ga/system/files/ged/dihs_access_to_finance_report_final.pdf

7. á chur i bhfáth gurb iad scileanna digiteacha an daonra agus na ngnólachtaí a chinnfidh cumas fáis na hEorpa; ag cur béim ar an mbearna scileanna atá le feiceáil faoi láthair i margadh fostaíochta na hEorpa agus an gá atá ann an bhearna sin a dhúnadh trí uasoiliúint agus athoiliúint; á iarraidh go leagfar níos mó béime ar uasoiliúint agus athoiliúint scileanna agus inniúlachtaí digiteacha sna córais náisiúnta oideachais; ag éileamh go mbeidh bearta ann chun aghaidh a thabhairt ar imirce daoine oilte agus chun na daoine is éirimiúla a mhealladh, gan dochar do chórais náisiúnta mhargadh an tsaothair ná d'inniúlachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta, agus spás a dhéanamh den Aontas atá tarraingteach ó thaobh airgeadais, intleachta agus fiontraíochta de; á chur i bhfáth gur cheart na bearta sin a mhaoiniú mar is ceart chun feabhas a chur ar na dálaí chun taighde ceannródaíoch a mhealladh, chun tacú le héiceachórais dhigiteacha ollscoileanna, ionad taighde, gorlanna gnó agus fiontair atá oscailte don chruthaitheacht, don nuálaíocht agus chun bonneagar digiteach úr-scoth-ach- a chothú; á mheas nach mór, sa chlár oibre nua scileanna don Eoraip, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cáilíochtaí nua a chur in oiriúint agus a chruthú lena dtreiseofar na haistrithe digiteacha agus glasa; á chur i bhfáth, thairis sin, gur féidir ganntanas scileanna agus neamhréireanna scileanna a chosc tríd an gcomhar idir na córais oideachais, oiliúna agus athoiliúna a fheabhsú agus a éascú agus an gá atá le cuideachtaí dul i mbun nuála; á mheas go gcaithfidh múnlú earnáil chothrom dhigiteach a bheith fite fuaite le gnéithe oideachasúla, sóisialú, dálaí oibre cothroma, cothromaíocht oibre is saoil, daonlathas agus dea-rialachas; á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar litearthacht dhigiteach agus ar scileanna digiteacha do chách chun leas iomlán a bhaint as an digitiú; á iarraidh go mbeidh bearta ann a bheidh dírithe ar thionscadail oiliúna agus ar ghníomhaíochtaí oiliúna a mhéadú agus tacú leo le haghaidh níos mó éagsúlaithe san earnáil dhigiteach, agus á mheabhrú gur gá aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) ina bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht;

8. ag tabhairt dá haire agus, é ina ábhar buartha di, nach bhfuil bunscileanna digiteacha [2]ag suas le 30 % de shaoránaigh an Aontais agus fós go dteastaíonn inniúlachtaí bunúsacha den sórt sin do suas le 90 % de na poist; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéisí a fhorbairt chun an t-aistriú digiteach a éascú trí thacú le cláir athscilithe, trí fheabhas a chur ar an oideachas gairmiúil, rochtain níos fearr ar thallann a áirithiú agus oiliúint ar feadh an tsaoil a chur ar fáil d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe a bheidh ann amach anseo, agus béim ar leith á leagan ar FBManna;

9. ag aithint na ndeiseanna agus na rioscaí chun poist nua ardcháilithe a chruthú agus chun poist a chailleadh i ngeall ar an aistriú digiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, na straitéisí is gá a fhorbairt chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú agus féachaint ar acmhainneacht an digitithe, na sonraí agus IS chun táirgiúlacht inbhuanaithe a mhéadú, chun leas na bhfostaithe a fheabhsú, agus chun infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna múscailte feasachta agus litearthachta digití agus chun cosaint leanúnach a ráthú dá gcearta agus dá saoirsí; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht caighdeáin íosta a thabhairt isteach, ar chosaint dóibh siúd a oibríonn d'ardáin dhigiteacha agus ar an bhfaireachas méadaitheach san ionad oibre a éascaítear leis an digitiú;

[2] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_1196

10. ag tabhairt chun suntais gur féidir feidhmchláir IS atá claonta a bheith mar thoradh ar thacair sonraí claonta agus ag tabhairt dá haire go háirithe gur ann don riosca claonadh inscne, cultúrtha, eitneach, sóisialta, míchumais nó gnéaschlaonta a atáirgeadh; ag cur béim ar an ngá atá le claontacht i gcórais shonraíbhunaithe a aithint agus aghaidh a thabhairt uirthi, ó thaobh a bhforbartha agus a n-úsáide araon; á chur i bhfios go láidir gur gá an ghné inscne a chur i gcuntas, ós rud é nach leor ionadaíocht na mban in ábhair STEM agus i gcuideachtaí digiteacha; ag tacú go hiomlán le haidhm an Choimisiúin líon na mban atá sa teicneolaíocht a mhéadú trí, inter alia, tionscadail agus gníomhaíochtaí oiliúna a mhéadú agus tacú leo; á mheabhrú go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht ar gach leibhéal san earnáil dhigiteach san Eoraip, ó mhic léinn (32% ar leibhéil bhaitsiléara, mháistreachta nó a choibhéis) go dtí na poist acadúla is sinsearaí (15%), agus go bhfuil an bhearna is mó i sainscileanna agus fostaíocht TFC, áit nach bhfuil ach 18% de na poist in AE ag mná; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta lena múnlaítear an t-aistriú digiteach a ailíniú le spriocanna AE maidir le comhionannas inscne;

11. ag cur béim ar an bhfíoras gur réamhriachtanas é sochaí ghigighiotáin Eorpach atá slán agus cuimsitheach a bhaint amach chun rath a bheith ar an Aontas ina aistriú digiteach; á mheabhrú go bhfuil rath gheilleagar sonraí an Aontais, chomh maith le forbairt agus imlonnú IS, ag brath go príomha ar éiceachóras TFC níos leithne, an bhearna dhigiteach shóisialta a dhúnadh, breisoiliúint agus athoiliúint a chur ar an lucht saothair, agus ar Idirlíon na Rudaí Nithiúla, na snáithíní, na dteicnelaíochtaí candamacha agus blocshlabhra a fhorbairt; ag aithint an róil a d’fhéadfadh a bheith ag 5G chun an sprioc sin a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go mbeidh líonraí fíor-ardacmhainne in ann léim chainníochtúil a ghlacadh a rachaidh chun tairbhe d’éiceachóras iomlán na dteicneolaíochtaí; ag cur béim ar ról na nascachta, arna cumhachtú go háirithe ag 5G agus ag bonneagar snáithín, maidir le modhanna oibre agus oideachais, samhlacha gnó agus earnálacha iomlána amhail monarú, iompar agus cúram sláinte a athrú ó bhonn, go háirithe i gcomhar le teicneolaíochtaí eile amhail an fíorúlú, an néalríomhaireacht, an ríomhaireacht chiumhais, IS, sliseogú líonra agus uathoibriú, agus go bhfuil an acmhainneacht aige táirgiúlacht níos fearr agus tuilleadh nuálaíochta agus taithí úsáideoirí a bhaint amach; á mheabhrú gur cheart don Aontas a bheith ag obair chun an deighilt dhigiteach tuaithe a shárú, ar cheart é a chur i gcuntas go háirithe nuair a úsáidtear cistí de chuid an Aontais chun líonraí 5G a imlonnú, chun láithreacha bána a laghdú agus le haghaidh bonneagar nascachta i gcoitinne; á iarraidh ar an gCoimisiún cuideachtaí Eorpacha a dhreasú chun tús a chur le hacmhainní teicneolaíochta a fhorbairt agus a thógáil don chéad ghlúin eile de líonraí móibíleacha; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag rochtain mhíchothrom ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ag éagothromaíochtaí i nascacht ar fud na mBallstát; ag tabhairt dá haire go bhfuil infheistíocht sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta (HPC) ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán IS agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn; á iarraidh go ndéanfar an bhearna infheistíochta sa nascacht a líonadh tríd an gCéad Ghlúin Eile de chuid an Aontais, chomh maith le maoiniú náisiúnta agus príobháideach, chun cúiteamh a dhéanamh as na ciorruithe ar infheistíochtaí an Aontais i dteicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo i gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027; á iarraidh go mbeidh straitéis cumarsáide de chuid an Aontais ann lena gcuirfear faisnéis iontaofa ar fáil do shaoránaigh an Aontais, chomh maith le feachtais ardaithe feasachta maidir le 5G agus réimsí leictreamaighnéadacha, lena n-áirítear gníomhú in aghaidh leathadh na bréagaisnéise;

12. á iarraidh go mbeidh gníomhaíochtaí comhordaithe ann chun go laghdófaí agus go ndíothófaí na bearnaí digiteacha a nochtar sa phaindéim idir na Ballstáit, a réigiúin, a sochaithe, saoránaigh, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí eile agus gníomhaithe eile den gheilleagar sóisialta agus den saol acadúil; á iarraidh go ndéanfar digitiú cuimsitheach ar ár sochaithe a fhreastalóidh ar leasanna na saoránach trí inrochtaineacht agus inacmhainneacht a chur i gcuntas agus lena bhféadfaí nuachóiriú digiteach cothrom agus comhoibritheach a dhéanamh ar an earnáil phoiblí, a mbeadh sé d'aidhm aige athrú digiteach bunaithe ar luachanna a bhaint amach trí chearta bunúsacha agus luachanna daonlathacha a chur chun cinn ionas nach bhfágfaí aon saoránach ar lár san aistriú chuig sochaí dhigiteach.

13. á iarraidh go mbeidh cur chuige cuimsitheach ón tsochaí ina iomláine ann i leith na cibearshlándála; á thabhairt chun suntais gur cheart cineálacha cur chuige nua maidir leis an gcibearshlándáil a cheapadh ar bhonn athléimneachta agus inoiriúnaitheachta i dtaca le strus agus ionsaithe; á iarraidh go mbeidh cur chuige iomlánaíoch ann i leith na cibearshlándála, ina gcuirfear an córas ar fad san áireamh, ó dhearadh córais agus inúsáidteacht go dtí oideachas agus oiliúint na saoránach; á chur i bhfáth go bhfágann an claochlú digiteach, le digitiú tapa na seirbhísí agus tabhairt isteach ar mhórscála gléasanna nasctha, go mbíonn ár sochaí agus ár ngeilleagar níos nochta do chibirionsaithe; á thabhairt chun suntais go gcuirfidh an dul chun cinn i réimse na ríomhaireachta candamaí isteach ar theicnící criptithe atá ann cheana, ar eochairchloch iad do phríobháideacht na saoránach, do mhaoin intleachtúil thionsclaíoch agus do shlándáil náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le taighde a chuirfeadh ar chumas na hEorpa an dúshlán sin a shárú agus cearta príobháideachais na saoránach á gcosaint, agus béim á leagan ar an ngá atá le criptiú ó cheann go ceann atá láidir agus slán; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid prótacal agus feidhmchlár cibearshlándála atá bunaithe ar bhlocshlabhra a fhiosrú chun feabhas a chur ar athléimneacht, iontaofacht agus stóinseacht bhonneagair IS; ag cur béim ar an ngá atá le comhpháirteanna cibearshlándála a áireamh i ngach beartas earnála; á chur i bhfios go n-éilíonn cosaint éifeachtach ar institiúidí an Aontais agus ar institiúidí náisiúnta oibriú le chéile le tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) chun slándáil, sláine, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na mbonneagar criticiúil agus na líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise[3] agus an rún atá aige a raon feidhme a mhéadú agus na difríochtaí i gcur i bhfeidhm na Treorach a laghdú sna Ballstáit; á chur i bhfios a ríthábhachtaí atá sé slándáil, sláine agus athléimneacht na mbonneagar criticiúil agus na líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú; ag cur béim ar an nasc idir cibearshlándáil láidir le haghaidh bonneagair chriticiúla agus líonraí cumarsáide leictreonaí, agus ceannasacht dhigiteach an Aontais; á iarraidh go mbeidh cur chuige faichilleach ann i leith spleáchais a d'fhéadfadh a bheith ar sholáthróirí ardriosca, go háirithe maidir le líonraí 5G a imlonnú; á mheabhrú nach bhforáiltear i reachtaíocht reatha an Aontais do cheanglais éigeantacha chibearshlándála do tháirgí agus do sheirbhísí i gcoitinne; á iarraidh go gcuirfear ceanglais fhíor-riachtanacha san áireamh i gcéim an deartha (slándáil trí dhearadh) agus freisin maidir le caighdeáin agus próisis iomchuí chibearshlándála a úsáid le linn shaolré na dtáirgí agus na seirbhísí agus ar fud a slabhraí soláthair araon; á iarraidh go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo don Aontas i

[3] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard slándála líonra agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

ndáil le bonneagar criticiúil, lena n-áirítear teicneolaíocht agus taighde cibearshlándála, agus cosc ar rioscaí a neartú faoi threoir chur in úsáid líonraí 5G;

14. á aithint go bhfuil cur in úsáid IS ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa sa ré dhigiteach; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le cur chuige comhchoiteann Eorpach atá bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar an duine i leith IS, trédhearcacht agus rialacha soiléire maidir le dliteanas chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, chun glacadh IS san Eoraip a éascú; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh rialú an duine indéanta i gcónaí nuair a bhíonn saoránaigh ag idirghníomhú le córais uathoibrithe ardriosca chun a áirithiú gur féidir cinneadh uathoibrithe a fhíorú agus a cheartú; á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de go méadófar muinín i measc tomhaltóirí, san earnáil phoiblí, i ngnólachtaí, i dtionscail agus i dtaighde trí chreat rialála Eorpach soiléir agus deimhneacht dhlíthiúil fhadtéarmach a chruthú;

15. á aithint gur teicneolaíocht sonraíbhunaithe í an intleacht shaorga; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain ar shonraí ríthábhachtach chun IS a fhorbairt san Eoraip; á aithint go gcuirfear dlús leis an iomaíochas toisc táirgí agus gléasanna tionsclaíocha atá nasctha leis an idirlíon a bheith á n-úsáid níos mó, go mbeifear in ann táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus go n-éascófar an nuálaíocht, ach go mbeidh rioscaí nua ann ó thaobh príobháideachais, faisnéise agus cibearshlándála de; á iarraidh ar an gCoimisiún an rochtain ar shonraí a athbhreithniú agus a fhorbairt tuilleadh, lena n-áiritheofar go gcuirfear sonraí poiblí ar fáil i bhformáidí sonraí oscailte agus go mbeidh rochtain éasca orthu, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna; á iarraidh go mbeidh cur chuige nua ann i leith rialáil sonraí lena n-éascófar an taighde, an nuálaíocht agus an t-iomaíochas trí níos mó ceart rochtana a thabhairt ar shonraí agus iad a úsáid nuair a mheastar gur sonraí anaithnide agus neamhíogaire iad, mar aon le rialacha soiléire cothroma go príomha maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus maidir le cearta maoine intleachtúla agus rúin ghnó; á thabhairt chun suntais go bhfuil dúshláin fós ann do FBManna Eorpacha mar gheall ar na míchothromaíochtaí margaidh atá ann faoi láthair idir ardáin do gheatóirí agus FBManna, chomh maith le rochtain theoranta ar shonraí; ag cur béim ar an ngá atá le rochtain FBManna ar shonraí a fheabhsú; á iarraidh go mbeidh cur chuige cumasúcháin ann i leith cleachtais chomhroinnte sonraí ar bhonn deonach mar phrionsabal uileghabhálach, lena n-áirítear dreasachtaí a sholáthar chun comhroinnt sonraí a chumasú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá próisis shoiléire formheasa margaidh agus beartais maidir le rochtain ar an margadh ar fud an Aontais; á chur in iúl gur geal léi straitéis nua néalríomhaireachta an Choimisiúin agus an Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta; ag cur béim ar bhreithiúnas 'Schrems II' ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inar cinneadh nár áirithíodh le Sciath Phríobháideachais AE-SAM leibhéal leordhóthanach cosanta don leibhéal dá bhforáiltear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á chreidiúint go bhfuil gá le saorshreabhadh sonraí ar fud an mhargaidh inmheánaigh chun lántairbhe a bhaint as acmhainneacht iomlán an gheilleagair sonraí agus á chur i bhfáth go gcaithfidh caomhnú an tsreafa sonraí leanúint de bheith ina bhunsraith de chuspóirí na hEorpa; á mheabhrú don Choimisiún gur gá aistrithe sonraí trasatlantacha agus sreabha sonraí idir AE agus SAM a éascú agus lánurraim á tabhairt do dhlíthe agus do chaighdeáin AE agus na mBallstát, nach dtagann an Straitéis Néalríomhaireachta agus an Tionscnamh Néalríomhaireachta in ionad an ghá atá le deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh aistrithe sonraí idirnáisiúnta agus nach mór na coinníollacha maidir le cosaint sonraí, príobháideachas, slándáil agus leasanna beartais phoiblí a bhfuil údar maith leo agus neamh-idirdhealaitheach a

chomhlíonadh i gcónaí; ag cur béim ar an éiginnteacht dhlíthiúil atá ag FBManna atá ag brath den chuid is mó ar chlásail chaighdeánacha chonarthacha; ag cur béim ar chumas teoranta FBManna na ceanglais atá ann faoi láthair a chomhlíonadh, amhail measúnuithe féin-leordhóthanachta tríú tír, agus an tionchar diúltach a bhíonn aige sin ar shreafaí idirnáisiúnta sonraí, ar an nuálaíocht agus ar an bhfás; á áitiú, dá bhrí sin, go gcruthóidh an Coimisiún creat dlí áirithe le haghaidh aistrithe sonraí trasatlantacha agus idirnáisiúnta lena ráthaítear bunchearta sonraí pearsanta agus cearta príobháideachais shaoránaigh na hEorpa; ag meabhrú a ghealltanas i leith an phrionsabail prionsabal "ceann-istigh-ceann-amuigh" don Choimisún;

16. ag tabhairt rabhadh faoi ró-rialú a dhéanamh ar an IS agus ag díspreagadh go nglacfaí aon chur chuige 'aon réiteach amháin' nó 'forléargais' i leith rialála, a bhféadfadh pictiúr foriomlán saofa nó lúba ar lár féideartha a bheith mar thoradh air; á mheabhrú nach mór an rialáil a bheith comhréireach agus solúbtha, ag tógáil ar na hionstraimí reachtacha agus ar na dea-chleachtais atá ann cheana, seachas i gcás réimsí ardriosca inar cheart scrúdú cúramach a dhéanamh ar an ngá atá le cur chuige nua rialála, agus an deis a fhágáil ag an am céanna d'fhéinrialáil agus do chleachtais dheonacha, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na neodrachta teicneolaíche agus na comhréireachta;

17. á chur in iúl gur geal léi gur shínigh Ballstáit uile AE Dearbhú Bheirlín maidir leis an tSochaí Dhigiteach agus Rialtas Digiteach bunaithe ar Luach; ag tacú le haitheantas a thabhairt don ról atá ag riaracháin phoiblí maidir le claochlú digiteach bunaithe ar luachanna a chur chun cinn inár sochaithe Eorpacha agus leis na seacht bprionsabal atá sa dearbhú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na seacht bprionsabal sin a bhaint amach agus na gníomhaíochtaí agus na bearta a chur chun feidhme trí bhíthin cistí Eorpacha; á iarraidh go nglacfaidh an earnáil phoiblí ardteicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí gaolmhara chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí, iad a dhéanamh níos inrochtana agus ualaí riaracháin a laghdú, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus seirbhísí níos fearr agus nuálacha a chur ar fáil; á chur i bhfios go láidir go n-éascaítear leis an idir-inoibritheacht comhar trasteorann, lena n-áirithítear teacht chun cinn seirbhísí poiblí coiteanna nua nó lena ndaingnítear forbairt seirbhísí poiblí coiteanna ar leibhéal an Aontais agus lena bhfeabhsaítear forbairt na saoránachta digití Eorpaí; ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh glacadh agus úsáid IS agus sonraí ag an earnáil phoiblí a bheith ina gceannródaí i dtreo na nuálaíochta bunaithe ar luachanna Eorpacha; á chur i bhfáth gur féidir le IS cabhrú le bacainní a laghdú trí sheirbhísí poiblí a nascadh agus a shruthlíniú d'fhonn feabhas a chur ar an riarachán ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí, chomh maith le sreabha sonraí fíor-ama a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí agus cinnteoireachta; á iarraidh ar AE gan ach IS atá iontaofa agus'duinelárnach' a ghlacadh; saoránaigh a chur ar an eolas i gcónaí nuair a idirghníomhaíonn siad le córas uathoibrithe, nó nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh ag córas uathoibrithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a saol; agus a áirithiú gur ann i gcónaí don fhéidearthacht maidir le rialú ag an duine ar féidir leis aon chinneadh a fhíorú agus a cheartú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé d'údaráis riaracháin sonraí poiblí a bhailiú agus a chur ar fáil mar bhealach chun nuálaíocht a fheabhsú, chun meastóireacht ar bheartais fheidhmeacha a éascú agus chun tacú le cinnteoireacht shonraíbhunaithe; á chur i bhfáth go n-éascaíonn comhchaighdeáin, ailtireachtaí modúlacha agus úsáid bogearraí foinse oscailte san earnáil phoiblí imscaradh agus forbairt uirlisí agus acmhainní digiteacha straitéiseacha agus muinín a méadú agus trédhearcacht á háirithiú; á chur i bhfáth gur cheart na bogearraí, na sonraí agus na

huirlisí arna nginiúint ag an earnáil phoiblí nó a mhaoinítear go hiomlán go poiblí a bheith in-athúsáidte agus inrochtana go hoscailte fad is atá sé sin comhoiriúnach le cearta bunúsacha, chomh maith leis na rialacha maidir le cearta maoine intleachtúla, sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint; ag tacú le 'héiceachóras muiníne' a chruthú mar a luaitear i bpáipéar bán an Choimisiúin maidir le IS, lenar cheart go mbeadh muinín leordhóthanach ag na saoránaigh glacadh le feidhmchláir IS agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí poiblí imlonnú IS a nuáil; ag cur béim ar na gníomhaireachtaí agus na sásraí maoirseachta rialála atá i bhfeidhm cheana in earnálacha amhail cúram sláinte, monaraíocht, airgeadas agus iompar; á mheas gur gá rialtóirí earnála a neartú agus cur chuige cothrománach comhlántach a ghlacadh; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá straitéisí agus cineálacha cur chuige a bhaineann go sonrach leis an tionscal féin.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 18.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 72<br>–: 0<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Carlo Calenda, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Eva Maydell, Joëlle Mélin, Dan Nica, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Clara Ponsatí Obiols, Sira Rego, Robert Roos, Maria Spyraki, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Andrus Ansip, Damien Carême, Jakop G. Dalunde, Cyrus Engerer, Cornelia Ernst, Elena Kountoura, Elena Lizzi, Marian-Jean Marinescu, Sven Schulze, Nils Torvalds |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 72 | + |
|---|---|
| PPE | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Marian-Jean Marinescu, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Sven Schulze, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| S&D | Carlo Calenda, Josianne Cutajar, Cyrus Engerer, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| Renew | Andrus Ansip, Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Mauri Pekkarinen, Nils Torvalds |
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Elena Lizzi, Thierry Mariani, Joëlle Mélin, Isabella Tovaglieri |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Henrike Hahn, Ville Niinistö, Mikuláš Peksa, Marie Toussaint |
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Robert Roos, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský |
| The Left | Elena Kountoura, Sira Rego |
| NI | Andrea Caroppo, Clara Ponsatí Obiols |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit |
| ECR | Jessica Stegrud |
| The Left | Manuel Bompard, Cornelia Ernst |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

1.3.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Kosma Złotowski

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige atá beartaithe ag an gCoimisiún a ghlacadh maidir leis an aistriú digiteach, lena leagtar amach go soiléir na spriocanna soiléire atá le baint amach sna deich mbliana amach romhainn; á mheas go rachaidh an fhís struchtúrtha sin chun tairbhe don earnáil iompair agus turasóireachta agus go rannchuideoidh sí chun ceannaire digiteach domhanda a dhéanamh den Aontas Eorpach; ag tabhairt rabhadh go bhfuil roinnt tíortha ar fud an domhain ag bogadh go gasta i dtreo soghluaisteacht uathoibrithe a chur ar fáil ar an margadh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar AE freagairt ar bhealach i bhfad níos réamhghníomhaí do na forbairtí gasta san earnáil sin trí chreat dlíthiúil agus airgeadais saincheaptha do ghnólachtaí nuathionscanta agus d’fhorbróirí teicneolaíochta na hEorpa; á chur i bhfáth go bhfuil neamhspleáchas straitéiseach an Aontais i dtreis; ag cur béim ar an deis ollmhór fáis dhomhanda a bhaineann le feidhmchláir intleachta saorga (IS), ar cheart do AE sciar mór den mhargadh díobh a bhaint amach ar bhonn meascán cliste beartas atá dírithe ar thimpeallacht ghnó thorthúil agus tharraingteach a bhaint amach do thionscadail IS;

2. ag tathant ar na Ballstáit tionscadail chun iompar a dhigitiú a chur i gcuntas ina bpleananna téarnaimh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le maoiniú cobhsaí agus leordhóthanach a áirithiú do chláir taighde Eorpacha, d’infheistíochtaí i mblocshlabhra IS, agus ar Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT), agus don phróiseas chun bonneagar iompair agus TFC a thógáil le haghaidh córais chliste iompair (ITS), lena n-áirítear 5G a imlonnú ar bhealach slán, forbairt na líonraí 6G agus líonraí gan sreang a bheidh ann amach anseo chun acmhainneacht iomlán an iompair dhigitithe a chur chun cinn agus ardchaighdeáin sábháilteachta iompair á n-áirithiú; ag tabhairt dá haire go mbeidh leibhéal glactha IS in earnáil an iompair ag brath ar bhonneagar digiteach nua-aimseartha;

3. á chur i bhfáth go mbeidh gá le bonneagar nua a fhorbairt agus an bonneagar atá ann cheana a uasghrádú chun IS a imscaradh san earnáil iompair; á chur i bhfios go láidir nach leor na cistí a leithdháiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 le haghaidh riachtanais na hearnála iompair, in ainneoin go leor iarrataí air sin; ag tabhairt rabhadh faoin mbearna shuntasach idir saolré na mbonneagar iompair digiteach agus fisiceach; á iarraidh ar na Ballstáit bonneagair iompair atá sábháilte, athléimneach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil lena n-éascófar imscaradh seirbhísí soghluaisteachta nasctha agus uathoibrithe;

4. á chur i bhfios nach mór dlús a chur le huasghrádú an bhonneagair ábhartha iompair agus dhigitigh sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T); á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún sásraí a mholadh ina athbhreithniú ar Rialachán TEN-T[1] agus ar an Rialachán maidir le Conairí Lasta Iarnróid[2] chun an luasghéarú sin a áirithiú; ag cur in iúl gur oth léi, ina leith sin, cinneadh na Comhairle Eorpaí buiséad imchlúdach digiteach na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a chiorrú; á iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht leordhóthanach a áirithiú do dhigitiú na hearnála faoi chuimsiú a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; á chur in iúl gur geal léi cumas chláir chistiúcháin an Aontais infheistíochtaí príobháideacha a phlódú isteach atá riachtanach chun teicneolaíochtaí suaiteacha a mhaoiniú agus chun soghluaisteacht uathoibrithe ar mhórscála a chur in úsáid;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil agus go mbeidh earnáil an iompair i measc na n-earnálacha ina mbeidh idirghníomhaíochtaí laethúla le IS ag tomhaltóirí agus ag saoránaigh; á chur in iúl go n-aontaíonn sí le dearcadh an Choimisiúin, dá bhrí sin, maidir le creat AE atá soiléir, trédhearcach agus comhleanúnach, lena gcuirtear forbairt IS atá dírithe ar an duine chun cinn, go bhfuil gnéithe a bhaineann le sábháilteacht, príobháideachas agus slándáil i gcomhréir le creat dlíthiúil ábhartha AE, mar aon le neamhspleáchas an duine, maoirseacht agus dliteanas a chur chun cinn, ní hamháin go gcuirfí le muinín i dteicneolaíocht IS i measc tomhaltóirí agus gnólachtaí – rud a spreagfadh úsáid teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn san earnáil iompair – agus go n-áiritheofaí intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ach go gcuirfí feabhas freisin ar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an iompair; ag cur béim ar na rioscaí a eascraíonn as mainneachtain teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige rialála AE;

6. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag IS in earnáil an iompair agus ar a cumas uathoibriú a mhéadú le haghaidh iompar de bhóthar, d’iarnród, d’uisce agus d’aer; ag cur béim ar ról IS maidir leis an ilmhódúlacht agus an t-aistriú módach a chothú chomh maith le cathracha cliste a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thaithí thaistil do gach saoránach trí shreabha iompair, lóistíochta agus tráchta a dhéanamh níos éifeachtúla, níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol;

7. á chur i bhfios go bhfuil gá le creat rialála le haghaidh IS in earnáil an iompair, amhail rialacha le haghaidh treoirthionscadail lena gceadaítear, má éiríonn leo, forbairt bhreise a dhéanamh ar an mórmhargadh (trí bhosca gainimh rialála a úsáid); á chur i bhfáth gur

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22).

cheart cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a bheith ag aon rialachán i réimse IS agus prionsabal na comhréireachta a urramú; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag braislí teicneolaíochta agus Moil Nuálaíochta Digití chun cabhrú le hearnáil an iompair a bheith nuálach agus chun borradh a chur faoin gcomhar i measc fiontar, institiúidí acadúla agus na hearnála poiblí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le sonraí a bheith inléite agus idir-inoibritheach go héasca, de réir phrionsabail FAIR, chun sineirgí a chruthú idir tíortha agus earnálacha, chun eolas a chomhthiomsú le chéile agus chun braislí teicneolaíochta a chruthú;

8. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag córais a bhaineann úsáid as IS in earnáil an iompair ó thaobh sábháilteachta de, lena n-áirítear le haghaidh coisithe agus rothaithe, agus ó thaobh na gcuspóirí arna leagan síos in 'Fís Nialais' a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, in éagmais sonraí idir-inoibritheacha ollmhóra, ardcháilíochta go mbeidh glacadh IS i mbonneagar iompair agus i bhfeithiclí teoranta, go mb'fhéidir go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'iomaíochas agus do shábháilteacht iompair AE; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde agus forbartha chun sábháilteacht táirgí a fheabhsú agus ag leagan béim ar an ngá atá le creat rialála comhchuibhithe nua don tiomáint uathoibríoch;

9. á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht mhór ann éifeachtúlacht an chórais iompair a mhéadú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht IS i bhfeithiclí agus i gcórais bainistithe tráchta, lenar féidir, inter alia, amanna turais a ghiorrú, brú tráchta a laghdú, astaíochtaí díobhálacha a laghdú agus costais a laghdú; á chur i bhfáth go gcuideoidh IS le hilmhódúlacht gan stró a fhorbairt tuilleadh, de réir choincheap na Soghluaisteachta mar Sheirbhís (MaaS); á chreidiúint go gcuirtear deiseanna ar fáil, le comhtháthú na seirbhísí iompair, chun freagairt níos fearr do riachtanais soghluaisteachta shaoránaigh na hEorpa agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as iompar poiblí agus líon na bhfeithiclí príobháideacha ar an mbóthar a theorannú ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar conas is féidir forbairt chothromaithe MaaS a éascú, go háirithe i limistéir uirbeacha;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil úsáid IS in earnáil na heitlíochta dírithe faoi láthair ar bhainistiú dhearadh na tráchta agus na pleanála aerspáis; á chur in iúl gur geal léi a bhfuil bainte amach ag Comhghnóthas Taighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR), a thacaigh le roinnt tionscadal taighde i ndáil le IS agus bainistiú aerthráchta; á iarraidh go dtreiseofar taighde agus infheistíochtaí chun an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht IS in earnáil na heitlíochta i ndáil le tomhaltóirí trí fheabhas a chur ar mhargaíocht, ar dhíolacháin, ar dháileadh, ar phróisis phraghsála agus ar láimhseáil ar an talamh (seiceálacha sábháilteachta, etc.); ag tabhairt dá haire gur féidir le IS loingseoireacht uathoibrithe a fhorbairt i loingseoireacht fhada agus ghearrthurais agus ar uiscebhealaí intíre agus faireachas muirí a fheabhsú i gcomhthéacs trácht long a mhéadú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur féidir le IS rannchuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar an nasc idir calafoirt agus an chúlchríoch; á thabhairt chun suntais go mbeidh calafoirt ina ngníomhaithe ríthábhachtacha chun IS a imscaradh in earnáil na loingseoireachta; á iarraidh go ndéanfar IS a chur in úsáid agus go mbeidh leibhéal níos airde digitithe ar mhórscála i ngach calafort Eorpach ann chun éifeachtúlacht agus iomaíochas feabhsaithe a bhaint amach;

11. á chur i bhfáth go bhfuil gá le rialacha comhleanúnacha maidir le freagracht agus dliteanas a chinneadh agus a chomhroint i gcás mífheidhme nó tionóisce ar cheann de

na constaicí ríthábhachtacha ar imscaradh praiticiúil teicneolaíochtaí AI-bhunaithe san earnáil iompair, mar a chuirtear in iúl i dtuarascáil uaithi an 5 Deireadh Fómhair 2020 le moltaí don Choimisiún maidir leis an gcóras dliteanais shibhialta maidir le hintleacht shaorga[3]; á chur i bhfáth go bhfuil gá le freagrachtaí a roinnt go soiléir agus go cothrom idir monaróirí, oibreoirí agus úsáideoirí feithiclí uathrialaitheacha bunaithe ar an gcumas rioscaí a rialú, chun, inter alia, an tsábháilteacht táirgí is fearr is féidir a áirithiú, mar aon le leithdháileadh iomchuí rioscaí, freagrachta agus dliteanais; á chur i bhfios, gur cheart don Aontas Eorpach an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dó chun sábháilteacht na gcóras iompair intleachta saorga a uasmhéadú agus chun dliteanais a shainaithint más gá; á iarraidh ar chuideachtaí árachais feabhas a chur ar an mbealach a n-ionchorpraíonn siad rioscaí nua a eascraíonn as soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe ina mbeartas frithgheallta;

12. á chur i bhfáth gur cheart béim a leagan ar na deiseanna a chuireann IS ar fáil agus gur cheart do lucht déanta beartas a ndícheall a dhéanamh saoránaigh agus gnólachtaí a chur ar an eolas chun a chur ar a gcumas meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar impleachtaí IS; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, a thábhachtaí atá feachtais éifeachtacha faisnéise agus cumarsáide chun tuiscint agus feasacht na ndaoine a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go méadóidh an tsoiléireacht dhlíthiúil muinín na dtomhaltóirí, agus go mbeidh tionchar dearfach aici sin ar ghnólachtaí AE agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá ag forbairt teicneolaíochtaí den sórt sin, agus go n-éascófar méadú ar mhargadh láidir AE;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil gnóthú na gcuspóirí arna leagan síos ag an gCoimisiún ina Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga COM(2020)0065) ag brath ar a áirithiú go bhfuil rochtain leathan ag saoránaigh agus gnóthais ar shonraí poiblí agus tionsclaíocha ar ardchaighdeán, arna nginiúint ní hamháin ó earnáil an iompair, ach ó gach earnáil a bhfuil baint aici leis, agus bonneagar agus feithiclí cliste a sholáthar chun na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil go sábháilte; á chreidiúint go bhfuil géarghá le rochtain ar na sonraí atá faoi ghlas san earnáil phríobháideach faoi láthair a dhreasú, agus ag cur béim ar an ngá atá le saoirse malartaithe agus próiseála sonraí amha, neamhphearsanta agus anaithnidithe ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha a áirithiú, agus acquis sonraí agus príobháideacha an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán; ag cur béim ar an ngá atá le gníomhaíocht reachtach chun bacainní ar mhalartú agus ar athúsáid sonraí a bhaint, cé go gcuireann sí i bhfáth nach mór leibhéal leordhóthanach cosanta ar shonraí pearsanta agus ar phríobháideachas a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag imscaradh ollmhór an bhonneagair sonraí atá dian ar fhuinneamh (i.e. ionaid sonraí agus feirmeacha freastalaithe) ar an gcomhshaol d’fhonn a n-imscaradh inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an Margadh Glas;

14. á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 maidir le straitéis Eorpach le haghaidh sonraí (COM(2020)0066) agus a thogra le haghaidh Rialacháin maidir le rialachas Eorpach sonraí (COM/2020/0767); á chur i bhfáth go bhfuil gá le fíormhargadh aonair a chruthú do shonraí agus go sonrach spás coiteann sonraí soghluaisteachta Eorpach, lena bhféadfar, trí chomhroinnt sonraí B2B, B2G agus G2B a chumasú, inter alia, rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí trí bhíthin iompair agus taistil, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta a éascú, gan

[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0276.

dochar don reachtaíocht maidir le cosaint sonraí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain iomaíoch ar shonraí ríthábhachtach chun IS a fhorbairt, rud a bheidh níos tábhachtaí ná riamh in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór tuilleadh saoirse a thabhairt do thaighdeoirí agus do ghnólachtaí, go háirithe FBManna, rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid le haghaidh forbairt IS chun a bheith in ann IS saorga ardcháilíochta a fhorbairt agus a úsáid; á chur i bhfáth go bhfuil gá ag an Eoraip le bonneagar digiteach ardcháilíochta agus cibearshlán, chomh maith le cáilíocht níos airde agus rochtain níos fearr ar shonraí, atá i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[4] (RGCS);

15. ag cur béim béim ar an tábhacht a bhaineann le comhroinnt agus rochtain dheonach sonraí a dhreasú, rud a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt ionad sonraí IS a bhfuil bonneagar néalríomhaireachta Eorpach atá oscailte agus trédhearcach acu (e.g. Gaia-X) agus do phróiseáil sonraí a ghintear i dtrácht líonra ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh an bonneagar sin bunaithe ar phrionsabail iniomparthachta, idir-inoibritheachta agus criptithe; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá comhordú níos fearr a bheith ann le cuideachtaí Eorpacha agus idir cuideachtaí Eorpacha chun caighdeáin theicniúla atá ábhartha don mhargadh a fhorbairt lena gcuirfear idir-inoibritheacht agus aistriú teicneolaíochta chun cinn agus lena gcuirfear borradh faoin iomaíocht ag an am céanna; á chreidiúint gur cheart d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a bheith ina gceannródaí agus ina gcabhair chun bearnaí sna caighdeáin idirnáisiúnta a shainaithint; á thabhairt chun suntais gurb iad saoirsí an mhargaidh aonair an phríomhacmhainn ó thaobh méadú ar iomaíochas digiteach agus nuálaíocht dhigiteach san Eoraip agus, dá bhrí sin, nach mór deireadh a chur láithreach le haon ilroinnt agus aon bhacainní teorann gan údar ar shreafaí sonraí, ar thaighde comhoibríoch agus ar onnmhairiú earraí agus seirbhísí digiteacha idir na Ballstáit chun a áirithiú go mbainfidh an tsochaí tairbhe iomlán as an margadh aonair;

16. ag tabhairt dá haire go mbeidh an earnáil á nochtadh níos mó do chibearbhagairtí agus do choireacht de dheasca breis nascachta agus uathoibrithe iompair; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, gur bonneagar criticiúil é an t-iompar agus, de réir mar a éiríonn an earnáil sin níos digití, gur cheart go bhforbrófaí cultúr daingean atá dírithe ar an gcibearshlándáil; á chur i bhfáth go gcaithfidh an cultúr sin, faoi mhaoirseacht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, córais chibearshlándála atá ábhartha do gach earnáil a chomhtháthú, ach go bhfuil an creat uileghabhálach céanna ag gach ceann acu sin mar iarracht feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus feabhas a chur ar chosc comhordaithe agus ar fhreagairt chomhordaithe ar bhagairtí comhchoiteanna; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cibearscileanna a fhorbairt san Aontas agus an cur chuige 'cibearshlándáil trí dhearadh' a choinneáil, chun a áirithiú go n-úsáidfear córais uathoibrithe atá sábháilte, athléimneach agus láidir don bhonneagar agus d'fheithiclí araon;

17. á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise[5] a chur chun feidhme i gceart agus á iarraidh ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar an

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[5] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard slándála líonra agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

bpróiseas; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú a dhéanfar ar an treoir go luath, ós rud é go bhfuil sé beartaithe aige feabhas a chur ar chibear-athléimneacht an bhonneagair iompair agus freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do chibear-ionsaithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le rochtain iomlán ar shonraí atá sonrach d'fheithiclí agus ar fhaisnéis bogearraí le haghaidh eagraíochtaí údaraithe i leith cigireachta agus formheas chun iarracht a dhéanamh crioscaíl agus ionramháil a bhrath agus chun cibearshlándáil feithiclí a áirithiú; á iarraidh go n-urramófar go hiomlán na rialacha a leagtar síos le creat an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, lena n-áirítear an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas[6] agus RGCS;

18. á chur i bhfáth nach bhféadfar seirbhísí digiteacha nuálacha agus samhlacha gnó a fhorbairt go dinimiciúil in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta gan rochtain shaor in aisce agus gan srian ar shonraí poiblí a thagann faoi raon feidhme an bhonneagair faisnéise spásúil, amhail sonraí geodasacha agus cartagrafacha, samhlacha tír-raoin, léarscáileanna ortafóta, sonraí maidir le geoiméadracht foirgneamh agus réada topagrafacha a úsáidtear sa mhapáil; á chur i bhfáth go mbeidh tionchar an-dearfach ar úsáid na sonraí sin ag fiontraithe Eorpacha atá ag feidhmiú san earnáil nua teicneolaíochta dá n-eiseofaí an líon mór sonraí spásúla sin; á iarraidh ar an gCoimisiún córas dreasachtaí a chruthú do na Ballstáit chun tacú leis an bpróiseas chun acmhainní sonraí geodasacha a oscailt agus chun iad a chur ar fáil saor in aisce;

19. ag aithint na huaillmhéine chun ceannaire domhanda a dhéanamh den Aontas Eorpach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm IS in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta agus á chur i bhfios go láidir gur cheart don Aontas é féin a bheith ina cheannaire domhanda i bhforbairt norm agus caighdeán eiticiúil agus dlíthiúil atá soiléir, éifeachtach agus dírithe ar an duine agus ar chaighdeáin maidir le comhroinnt sonraí agus úsáid IS san earnáil iompair, a d'fhéadfadh caighdeáin a leagan síos don chuid eile den domhan; ag tabhairt dá haire nach mór margadh sonraí maidir le trácht digiteach atá ilroinnte san Aontas, a thagann salach ar an nuálaíocht dhigiteach, a sheachaint;

20. ag tarraingt aird ar an neamh-intuarthacht dhlíthiúil a bhaineann le forbróirí teicneolaíochtaí IS mar gheall ar an gcreat rialála agus institiúideach atá ag teacht chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le IS ar leibhéal AE; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí treoir a chur isteach le haghaidh nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le húsáid sonraí, lena n-áirítear liosta critéar le haghaidh anaithnidiú éifeachtach, chun intuarthacht dhlíthiúil a mhéadú d'fhorbróirí teicneolaíochtaí IS in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta; á mheas gur cheart do na húdaráis náisiúnta cloí leis an treoir sin ó AE agus a n-údarás poiblí á bhfeidhmiú acu, mar bhealach chun comhlíonadh comhsheasmhach rialála a áirithiú agus chun deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh;

21. á chur i bhfáth go mbeidh digitiú an iompair ina spreagadh ríthábhachtach ina phróisis dhícharbónaithe, agus ar an gcaoi sin go gcuideoidh sé le cuspóirí glanastaíochtaí nialasacha 2050 an Aontais a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir gur féidir, trí réitigh dhigiteacha a úsáid le haghaidh gach modh iompair agus le haghaidh gach bonneagair,

---

[6] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

astaíochtaí a laghdú trí úsáid a bhaint as an tsoghluaisteacht nasctha, trí fhlíteanna a leictriú, trí lóistíocht a bhainistiú go héifeachtúil, agus trí luas a rialú;

22. á chur i bhfios go láidir go bhfuil riosca ann go mbeidh claonadh agus idirdhealú athnuaite ann má thugtar sonraí amha agus salacha do IS á chur i bhfáth nach mór do dhuine aon chinneadh a dhéantar i ndáil le seirbhís a sholáthar a bhailíochtú, agus úsáid á baint as IS chun tacú leis an gcinneadh sin;

23. á thabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag micreaghnóthais agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide na hEorpa agus ag gnólachtaí nuathionscanta i réimse an iompair agus na turasóireachta atá ag feidhmiú ar an margadh aonair digiteach; á chur i bhfáth gur gá tacaíocht leordhóthanach airgeadais agus eagraíochtúil le haghaidh nuálaíochta agus le feabhas a chur ar scileanna digiteacha fostaithe san earnáil sin. á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcumasódh an timpeallacht rialála agus airgeadais bunú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus comhfhiontar IS san Eoraip á chur i bhfáth gur cheart don Aontas úsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dó chun scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche agus chun éadálacha creachacha a chosc, agus ar an gcaoi sin cuideachtaí Eorpacha a chumasú fás agus dul san iomaíocht sa mhargadh domhanda;

24. á chur i bhfáth go gcruthaíonn iomaíocht theoranta i margadh na seirbhísí digiteacha in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta bacainní suntasacha do FBManna; ag tabhairt dá haire gurb iad na FBManna is mó atá buailte ag an maorlathas teimhneach; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, gur gá an reachtaíocht a shimpliú agus a shoiléiriú chun forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn, go háirithe IS, ag FBManna agus gur gá di na difríochtaí i suíomhanna oibreoirí sa mhargadh aonair a chur i gcuntas; á thabhairt chun suntais gur cheart creat sonraí sonrach iompair a dhíriú ar bhorradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch trí rochtain a fháil ar thacair sonraí ollmhóra, go háirithe do FBManna, lena gcabhrófaí le hearnálacha iompair agus turasóireachta AE leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le margadh an lae inniu, rud a chuirfeadh feabhas ar shábháilteacht iompair, a dhéanfadh príobháideachas a chosaint agus a chuirfeadh feabhas ar iomaíochas;

25. ag cur béim ar ról paitinní caighdeánacha bunriachtanacha in imscaradh iomlán agus rathúil theicneolaíochtaí IS in earnáil an iompair; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil reatha AE maidir le cearta maoine intleachtúla chun cosaint dhlíthiúil leormhaith a áirithiú, cleachtais cheadúnúcháin chothroma agus neamh-idirdhealaitheacha, agus sainghnéithe an taighde agus na forbartha (T agus F) maidir le teicneolaíochtaí intleachta saorga á gcur i gcuntas;

26. á iarraidh go mbeidh dreasachtaí ann lena dtabharfar rochtain do FBManna atá ag feidhmiú in earnáil an iompair agus in earnáil na turasóireachta ar shonraí neamhphearsanta arna dtáirgeadh ag geallsealbhóirí príobháideacha eile i bpróiseas deonach agus chun tairbhe an dá thaobh;

27. á mheabhrú gurb é AE príomhcheann scríbe na turasóireachta ar fud an domhain; á chur i bhfáth go bhfuil gá le téarnamh na hearnála a éascú ar bhealach inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an digitiú, ag IS agus an róbataic maidir leis an earnáil a athsheoladh, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht an tionscail san fhadtéarma; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le maoiniú agus dreasachtaí

leormhaithe do bhunaíochtaí turasóireachta, go háirithe do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, ionas go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as digitiú agus a dtairiscint do thomhaltóirí a nuachóiriú;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gorlanna agus luasairí teicneolaíochta a chur ar bun chun tacú le teacht chun cinn agus fás fiontar nua turasóireachta a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí den sórt sin agus cur chun cinn agus fás na bhfiontar sin a chumasú agus chun ceannaireacht dhigiteach AE a chur chun cinn sa turasóireacht inbhuanaithe trí T agus F, comhfhiontair agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí maidir le saincheisteanna amhail bainistiú sluaite, soghluaisteacht agus seirbhísí éadadhaill, agus luachshocrú FBManna áitiúla atá páirteach sa slabhra soláthair turasóireachta;

29. á chur i bhfáth go dtabharfaidh imscaradh líonraí 5G ar mhórscála deiseanna fostaíochta go hiomlán nua don earnáil iompair agus go dtiocfaidh méadú suntasach ar tháirgiúlacht gheilleagair na hEorpa dá bharr; á chur i bhfios go láidir, áfach, i bhfianaise chineál athraitheach mhargadh na bpost, go bhféadfadh poist áirithe dul as feidhm, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé bunriachtanach fostaithe atá ag obair sna hearnálacha sin a athoiliúint agus a uasoiliúint, ó thaobh a scileanna bunúsacha agus ardscileanna digiteacha araon; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní tiomnaithe ann chun athoiliúint agus uasoiliúint a chur ar fhostaithe nach bhfuil scileanna digiteacha acu; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a ráthú go n-urramófar agus go bhforfheidhmeofar cearta oibrithe i dtimpeallacht oibre den sórt sin atá ag athrú;

30. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mbraithfidh ceannaireacht dhigiteach a bhaint amach ar AE a bheith in ann tallann dhigiteach a tháirgeadh agus a chothú agus fios gnó AE a fhorbairt; ag cur béim, ina leith sin, ar na deiseanna a chuirtear ar fáil le cláir Eorpacha, amhail an Clár don Eoraip Dhigiteach atá ar na bacáin; ag tathant ar na Ballstáit infheistiú san oideachas agus na bunscileanna is gá a chur ar fáil do mhic léinn ó aois óg chun iad a dhíriú i dtreo gairmeacha beatha Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM);

31. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an bhearna idir na hinscní fós i ngairmeacha agus i staidéir STEM agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásraí a fhorbairt tuilleadh chun cothromaíocht inscne a bhaint amach sa réimse sin; á chur i bhfios go láidir gur chun tairbhe dhigitiú earnáil an iompair freisin é an bhearna sin a dhúnadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil impleachtaí í dearfacha fadtéarmacha d'iomaíochas agus d'athléimneacht na hEorpa maidir le scileanna digiteacha agus saineolas cibearshlándála a fheabhsú in FBManna na hEorpa;

32. ag cur béim ar acmhainneacht ollmhór nuálaíochtaí teicneolaíochta agus IS chun modhanna iompair a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas, lena gceadaítear soghluaisteacht níos cuimsithí agus níos inrochtana do chách; á chur in iúl gur geal léi gur féidir le IS rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a mhéadú tuilleadh;

33. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an-acmhainneacht ag baint le forbairtí teicneolaíocha i réimse an iompair agus na soghluaisteachta, go háirithe feidhmchláir IS agus feithiclí uathrialaitheacha, maidir le saol laethúil daoine agus gnólachtaí a shimpliú agus maidir

le réitigh iompair níos sábháilte, níos éifeachtúla agus níos inacmhainne a sholáthar; á iarraidh go mbeidh beartas tionsclaíoch fónta ann, atá bunaithe ar an aistriú digiteach agus comhshaoil, atá ceaptha chun cumas bunúsach bonneagair, lóistíochta, ríomhaireachtúil agus digiteach AE a fhorbairt, ós rud é go gcabhródh sé leis an Aontas ceannaireacht dhigiteach a bhaint amach i ngach earnáil; ag tathant ar an Aontas a shlabhra soláthair iompair a dhaingniú, trí éagsúlú an tsoláthair agus trí neamhspleáchas straitéiseach AE a mhéadú maidir le hábhair agus seirbhísí, toisc go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag cur isteach ar na hábhair agus na seirbhísí sin ar an tsláinte phoiblí agus ar an tslándáil; á iarraidh ar an gCoimisiún na gnéithe sin a chur san áireamh in aon nuashonrú ar straitéis thionsclaíoch AE;

34. á chur i bhfáth go bhfuil geilleagar sonraí atá nuálach agus iomaíoch bunaithe ar oscailteacht agus idir-inoibritheacht; á chur i bhfios go bhfuil trédhearcacht agus cleachtais ghnó chothroma in ardáin iompair agus turasóireachta, go sonrach maidir le halgartaim arna gcumhachtú ag an intleacht shaorga a dhéanann difear do sheirbhís, do phraghsáil agus don fhógraíocht, ríthábhachtach chun cosaint agus muinín tomhaltóirí a áirithiú, agus chun timpeallacht iomaíoch a chothú.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 1<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Andor Deli, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, João Ferreira, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly, Carlo Fidanza, Marianne Vind |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 41 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| ID | Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Julie Lechanteux, Philippe Olivier, Lucia Vuolo |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Andor Deli, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Barbara Thaler, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Vera Tax, István Ujhelyi, Marianne Vind, Petar Vitanov |
| The Left | Clare Daly, João Ferreira, Elena Kountoura |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Dorien Rookmaker |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren |
| NI | Mario Furore |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

16.3.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Sabine Verheyen

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gur cheart an intleacht shaorga (IS) a fhorbairt, a imscaradh agus úsáid trí dhearadh ar bhealach cóir agus eiticiúil, agus luachanna agus prionsabail an Aontais, cearta an duine, an tsaoirse tuairimí agus faisnéis a nochtadh, an ceart chun príobháideachais, cosaint sonraí, neamh-idirdhealú, saoirse agus iolrachas na meán agus an éagsúlacht chultúrtha á gcomhlíonadh go hiomlán; á chur i bhfios go láidir gur gá, leis an gcreat dlíthiúil maidir le IS, breithniú dian a dhéanamh ar chearta bunúsacha, ar ghnéithe eiticiúla agus ar choimircí dlíthiúla chun ár sochaithe daonlathacha agus ár saoránaigh a chosaint mar úsáideoirí agus mar thomhaltóirí chórais IS; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil trédhearcacht agus maoirseacht neamhspleách ríthábhachtach chun laofacht a laghdú agus chun gach cineál idirdhealaithe nó mí-úsáide a sheachaint chomh maith leis an smacht reachta a áirithiú;

2. á mheabhrú nach mór IS a fhorbairt, a imscaradh agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus atá freagrach go sóisialta chun go mbeidh sé eiticiúil, i gcomhréir le straitéis um chomhionannas inscne, ina n-urramaítear an éagsúlacht chultúrtha, ina gcuirtear an litearthacht dhigiteach chun cinn, ina ndúnfar an bhearna dhigiteach agus ina gcosnófar cearta maoine intleachtúla;

3. á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá fís agus straitéis chomhleanúnach ar leibhéal an Aontais chun fíormhargadh aonair digiteach laistigh de shochaí atá faoi chumhacht IS, a mbainfeadh úsáideoirí lántairbhe as, a bhaint amach; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt maidir leis IS agus leibhéal na litearthachta saorga a threisiú; ag cur béim ar an ngá atá le deiseanna foghlama agus oiliúna a chur ar fáil chun a chur ar

chumas na sochaí Eorpaí scileanna bunúsacha digiteacha a fháil mar aon le tuiscint ar úsáid na hintleacht saorga agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi, d'fhonn leas iomlán a bhaint as na teicneolaíochtaí sin ar mhaithe lena leas iomlán agus chun saoránaigh a chumasú chun páirt iomlán a ghlacadh sa mhargadh aonair digiteach agus sa tsochaí; á athdhearbhú, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil sí den tuairim gur gá IS agus nuálaíocht róbataice a chomhtháthú i bpleananna oideachais, mar a léiríodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach a glacadh le déanaí; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme agus measúnú rianúil an Phlean seo a áirithiú;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar ag an gclaochlú digiteach ar réimse an oideachais, atá ar tí dul i mbun an athraithe is substaintiúla ó tugadh isteach an t-oideachas éigeantach; á chur i bhfáth, de réir roinnt meastachán, go mbeidh 65 % de na leanaí atá ag dul isteach i mbunscoil sa lá atá inniu ann ag obair i gcineálacha nua post nach bhfuil ann go fóill; á thabhairt chun suntais gur scil bhunriachtanach í an litearthacht dhigiteach agus gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar na scileanna sin agus ar an trealamh digiteach, mar atá léirithe ag dúshlán na cianfhoghlama agus na cianmhúinteoireachta a bhaineann le COVID-19; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go dúthrachtach ar neamhréitigh arna gcruthú ag an mbearna dhigiteach i rochtain ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar phoist, lena n-áirítear trí infheistíochtaí leordhóthanacha a dhéanamh i mbonneagar, i dtrealamh agus in acmhainní;

5. ag cur béim ar an ngá atá ann IS a chur ar fáil go forleathan d'earnálacha agus do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCSI) ar fud na hEorpa chun machaire comhréidh agus iomaíocht chóir a choinneáil do na geallsealbhóirí agus do na gníomhaithe uile san Eoraip;

6. ag cur béim ar acmhainneacht na theicneolaíochtaí na hintleachta saorga don CCSI, ó bhainistiú níos fearr lucht féachana nó éisteachta, for-rochtain agus rannpháirtíocht go coimeádaíocht ábhair chuidithe, athluacháil cartlanna cultúrtha, chomh maith le seiceáil fíricí cuidithe agus iriseoireacht sonraí; ag cur béim freisin ar an acmhainneacht a bhaineann le réitigh IS-bhunaithe amhail téacs ó bhéal agus ó chaint go téacs, agus fotheidealú agus aistriúchán uathoibrithe chun feabhas a chur ar rochtain ar chultúr, ar fhaisnéis agus ar oideachas do dhaoine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine lagamhairc agus éisteachta agus grúpaí leochaileacha eile; á iarraidh go ndéanfar CCSI a chomhtháthú mar thosaíocht bheartais i réimse na hintleachta saorga ar leibhéal an Aontais agus cuireann sí i dtreis go bhféadfadh comhar leis na hearnálacha sin a bheith thar a bheith luachmhar ó thaobh nuálaíocht IS a thabhairt níos gaire don phobal agus ó thaobh teacht ar réitigh chruthaitheacha agus ar dheiseanna chun IS a úsáid;

7. á chur i bhfáth nár cheart an tAontas titim ar gcúl tuilleadh i rás domhanda IS, go háirithe maidir le glacadh tráchtála agus cistiú IS; á chur in iúl gur saoth léi nár cuireadh an cultúr san áireamh sna straitéisí agus moltaí beartais maidir leis an intleacht shaorga ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon; á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, le tuiscint níos fearr ar rioscaí agus ar thairbhí theicneolaíochtaí IS, a mhéadófar an t-éileamh sochaíoch ar na teicneolaíochtaí sin agus, dá bhrí sin, ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí sin; á iarraidh ar na Ballstáit, ina leith sin, infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí feasachta a bhaineann le teicneolaíochtaí IS; á chur i bhfáth go bhfuil gá le creat dlíthiúil soiléir a chur ar bun, i gcomhar leis na

geallsealbhóirí ábhartha go léir lena n-áirítear gníomhaithe beaga agus meánmhéide, le haghaidh IS eiticiúil, inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a thugann tosaíocht do chruthaitheacht agus rochtain ar chultúr chun an tAontas a thabhairt chun tosaigh san fhorbairt theicneolaíoch, sa nuálaíocht atá dírithe ar IS agus sa chruthú luacha ar fud an domhain agus na tairbhí a bhaineann léi a uasmhéadú, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi don tsochaí á measúnú;

8. á iarraidh go ndéanfar, le cistiú náisiúnta agus le cistiú ón Aontas, cláir oiliúna in IS a fhorbairt do mhúinteoirí i ngach réimse ar fud na hEorpa; ag meabhrú na riachtanas speisialta a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) maidir le IS agus á iarraidh go mbeadh cur chuige comhoibríoch ann ar an leibhéal Eorpach a bheadh ceaptha feabhas a chur ar an acmhainneacht a chuireann an intleacht shaorga ar fáil in VET ar fud na hEorpa;

9. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ríthábhacht ag baint le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[1] (AVMSD) agus an Treoir maidir le Cóipcheart[2] a thrasuí sa dlí náisiúnta chun fíormhargadh aonair digiteach a chuireann éagsúlacht chultúrtha chun cinn a bhaint amach; ag tathant ar na Ballstáit nach ndearnadh amhlaidh go fóill trasuí na rialachán sin a thabhairt chun críche a luaithe agus is féidir; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus Acht na Margaí Digiteacha (DMA), chomh maith le beartais sonraí an Aontais agus aon rialachán a dhéanfar amach anseo maidir leis an intleacht shaorga, go háirithe maidir leis CCSI, i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na hoibleagáidí a leagtar amach sna treoracha sin;

10. ag tathant ar an Aontas bearta a dhéanamh chun rioscaí a bhaineann le héifeachtaí diúltacha IS a chosc nó a mhaolú agus chun caighdeáin agus rialacha bonnlíne nithiúla agus infheidhme a shocrú, go háirithe i réimse íogair chórais IS i bhforfheidhmiú an dlí, amhail bogearraí aghaidh-aithinte;

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil earnáil na seirbhísí digiteacha ag forbairt go tapa agus dá bhrí ag cur béim ar an ngá atá lena áirithiú nach gcuirfidh rialacháin nua isteach ar oscailteacht a mhargaidh; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór prionsabal na neodrachta gréasáin fanacht de bheith mar bhunchloch an réimse;

12. á chreidiúint sé gur cheart aon chreat IS a bheith bunaithe ar thrédhearcacht, ar mhíniú, nuair is ábhartha, agus ar chuntasacht, agus gur cheart dó na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), lena n-áirítear íoslaghdú sonraí, teorannú de réir cuspóra agus cosaint sonraí d'aon ghnó agus mar réamhshocrú, a chomhlíonadh;

13. á chur i bhfios gur féidir le IS a bheith ina uirlis éifeachtach chun cuidiú le rialacha maidir le hábhar ar líne a fhorfheidhmiú, mar shampla trí inneachar neamhdhleathach nó díobhálach, mífhaisnéis nó bréagnuacht a shainaithint, agus gur féidir é a úsáid

---

[1] Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.

[2] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE, IO L 130, 17.5.2019, lch. 92.

freisin chun cabhrú leis an sásra 'fógra agus baint anuas' a chur chun feidhme; á chur i bhfáth, áfach, maidir le húsáid IS, mura ndéantar é a rialáil i gceart, go bhféadfadh sé a bheith ina dúshlán do chearta bunúsacha, go háirithe an tsaoirse tuairimí a nochtadh, maille le rochtain ar fhaisnéis, an éagsúlacht chultúrtha agus iolrachas na meán; á mheabhrú, ina leith sin, gur gá go n-urramóidh an intleacht shaorga nuair a fhorbrófar, nuair a imscarfar agus nuair a úsáidfear san Aontas í; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le hidirghabháil ón duine, toisc nach féidir le sásraí uathoibrithe a úsáidtear chun rialacha a fhorfheidhmiú ar líne measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcomhthéacs, go bhféadfadh bréagdheimhnithe a bheith mar thoradh orthu agus gur féidir leo bac a chur ar ghníomhaíocht dhlisteanach agus chothrom; á chur i bhfios go gcaithfidh aon úsáid a bhaintear as IS cloí go docht le prionsabal na trédhearcachta agus le rialacha soiléire maidir le cuntasacht, agus sásra éifeachtach achomhairc ráthaithe; á chur i bhfios gur cheart an margadh aonair digiteach a spreagadh leis an bprionsabal 'an méid atá neamhdhleathach as líne, tá sé neamhdhleathach ar líne freisin'; á chur i bhfáth, ar an gcuma chéanna, gur cheart go bhfanfadh an méid atá dleathach as líne dleathach ar líne, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoirsí bunúsacha amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh

14. á mheabhrú go luaitear in Airteagal 13 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) um shaoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí nach mór na healaíona agus an taighde eolaíoch a bheith saor ó shriantacht agus nach mór an tsaoirse acadúil a urramú; ag tarraingt aird ar sháruithe ar shaoirsí ealaíne san Eoraip a bhfuil achoimre déanta orthu sa tuarascáil ó Freemuse dar teideal 'Staid na Saoirse Ealaíne 2020';

15. ag áitiú go gcuirfear faisnéis chuimsitheach ar fáil a thuigfidh an t-úsáideoir maidir le cathain a úsáidtear IS, conas a oibríonn sé agus conas is féidir agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí atá bunaithe ar a úsáid; á chur i bhfios, thairis sin, nár cheart torthaí IS-sheachata per se, ach a bheith ina leid, ach gan a bheith choíche ina bhfianaise chrua;

16. ag tabhairt dá haire go bhfuil líon ollmhór sonraí faighte ag ardáin mhóra agus go bhfuil seirbhísí curtha ina n-ionad i gcóras éagsúil díláraithe ag a bhfuil caighdeáin oscailte le 'gáirdíní múrtha', ag gaibhniú úsáideoirí; á chur i bhfios, mar thoradh air sin, go bhfuil ardáin mhóra ag roinnt margaí a bhfuil éifeachtaí suntasacha líonra acu atá in ann gníomhú mar 'gheatóirí ar líne' de facto sa gheilleagar digiteach; á mheas gur gá, dá bhrí sin, oibleagáidí breise a thabhairt isteach maidir le cosaint sonraí, trédhearcacht, rogha úsáideoirí agus idir-inoibritheacht chun machaire comhréidh agus leas tomhaltóirí a ráthú;

17. á chur i bhfáth gur gá don Aontas iarracht a dhéanamh ar rialacha aontaithe, soiléire agus cothrom le dáta a bhaint amach nach gcuireann isteach ar nuálaíocht sa mhargadh inmheánach; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh cur chuige atá dírithe ar an duine, a bheadh cothrom agus cúramach i leith na cinnteoireachta uathoibrithe, cur chuige lena dtabharfar urraim agus cosaint do chearta bunúsacha agus ceisteanna eiticiúla agus a bheadh i gcomhréir leis na creataí rialála is infheidhme, amhail AVMSD, an Treoir maidir le Cóipcheart agus RGCS chomh maith leis an DSA a bheidh ann amach anseo;

18. ag meabhrú go bhfuil géarghá le hiomaíocht níos cothroime do sheirbhísí CCSI ar líne san Eoraip chun dul i ngleic le líonrú agus le héifeachtaí comhchruinnithe an mhargaidh sonraí a bhfuil claonadh iontu dul tairbhe go héagórach do chuideachtaí digiteacha

móra; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, na tograí reachtacha maidir le DSA agus DMA, lenar cheart go gcabhrófaí le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú tuilleadh;

19. á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar institiúidí AE, faoin gCairt agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a áirithiú nach gcuirfear srian míchuí ar chearta gach duine chun príobháideachais, chun sonraí a chosaint, chun tuairimí a nochtadh agus chun comhthionóil, ar an neamh-idirdhealú, ar an dínit agus cearta bunúsacha eile trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn;

20. ag tabhairt dá haire nach mór don Aontas aird a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar sonraí a stóráil agus a phróiseáil; á chur i bhfáth nach mór sláine na sonraí a chosaint freisin agus nach mbeidh cos ar bolg ná idirdhealú mar thoradh ar an mbealach a ndéantar léirmhíniú ar shonraí le IS;

21. á thabhairt chun suntais, chun go dtiocfaidh borradh faoin margadh digiteach Eorpach agus go gcumasófar IS éifeachtach agus eiticiúil, go bhfuil gá le lear mór sonraí ardcháilíochta comhoiriúnacha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé aon chreat beartais IS a bheidh ann amach anseo a dhearadh ar bhealach lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta agus rialaithe ar shonraí pearsanta, nach mór a phróiseáil go cóir, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus ar bhonn thoiliú an duine lena mbaineann, agus na rialacha uile maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas á gcomhlíonadh; á mheabhrú nach mór d'aon chinnteoireacht algartamach uathoibrithe a bheith trédhearcach agus cuntasach, agus cearta agus freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha uile á n-urramú, chun léirmhíniú lochtach ar shonraí a sheachaint;

22. á chur i bhfáth chun go mbeidh an tAontas ina cheannaire in úsáid na dteicneolaíochtaí a bhaineann le IS lena n-urramaítear caighdeáin eiticiúla agus cearta bunúsacha, agus le go bhfanfaidh sé iomaíoch sa mhargadh digiteach domhanda agus go mbainfidh sé tairbhe as a acmhainneacht iomlán, nach mór don Aontas cur lena chumais, lena n-áirítear tríd an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), trí níos mó daoine a spreagadh chun gairmeacha in earnálacha a bhaineann le TFC a shaothrú, mar shampla trí oiliúint a chur ar níos mó gairmithe sonraí i réimse na hintleachta saorga, chomh maith le gairmithe i réimsí nua nasctha amhail infheistíocht IS agus sábháilteacht IS; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht níos láidre, agus an aidhm sin á mheabhrú, do chruthú agus do neartú líonraí atá dírithe ar IS, le linn a bheith ag féachaint an bhféadfaí ollscoileanna uile-Eorpacha agus líonraí taighde uile-Eorpacha a chruthú ina ndíreofar ar IS; ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh léirmhíniú lochtach ar shonraí teacht as easpa speisialtóirí agus gairmithe sonraí, i measc saincheisteanna eile, rud a d'fhéadfadh claontacht agus torthaí ar sceabha a chruthú;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 15.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Ilana Cicurel, Gilbert Collard, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Ryszard Antoni Legutko, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christian Ehler, Marcel Kolaja |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Antoni Legutko, Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| ID | Christine Anderson, Gilbert Collard, Gianantonio Da Re |
| NI | Isabella Adinolfi |
| PPE | Asim Ademov, Christian Ehler, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo |
| S&D | Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Marcel Kolaja, Niklas Nienaß |

| 0 | - |
|---|---|

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

25.2.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Marion Walsmann

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

***Ginearálta***

1. ag cur béim ar a thábhachtaí atá margadh aonair digiteach lánfheidhmiúil agus ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid na hintleachta saorga, na róbataice agus na dteicneolaíochtaí gaolmhara ar ár margaí agus ar ár sochaí, ós rud é go bhfuil sé de chumas acu dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin atá roimh an tsochaí, mar a léiríodh go háirithe le linn phaindéim COVID-19; á mheas, áfach, nach mór aghaidh a thabhairt go cúramach ar na tionchair shocheacnamaíocha, dhlíthiúla agus eiticiúla i gcomhréir le luachanna an Aontais chun soiléireacht dhlíthiúil a bhunú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí;

2. á áitiú gur gá tacú le FBManna, le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí atá i mbun fáis agus iad ag athrú ó bhonn go digiteach ós rud é gurb iad cnámh droma gheilleagar na hEorpa agus go bhfuil ról tábhachtach acu i nglacadh le teicneolaíochtaí nua san Eoraip; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige comhréireach a shaothrú chun a chur ar chumas na gcuideachtaí sin forbairt agus nuáil a dhéanamh, lena n-áirítear bearta sonracha chun FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a dhigitiú i reachtaíocht a bheidh ann amach anseo, chun seiceáil oiriúnachta a shaothrú do FBManna sula dtabharfar reachtaíocht isteach agus chun ualaí agus bacainní riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir trí, inter alia, a seasamh ag gach céim den chlaochlú digiteach a chur san áireamh, caighdeáin chothroma éifeachtacha a fhorbairt, bacainní dlíthiúla neamhriachtanacha ar rochtain ar shonraí a bhaint agus feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar ábhar digiteach, agus na bunchuspóirí beartais á mbaint amach ag an am céanna;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil go leor dúshlán roimh FBManna sa mhargadh digiteach, ós rud é nach bhfuil a lán dá n-úinéirí ar an eolas faoi luach na sonraí a chruthaíonn siad, nach bhfuil na huirlisí is gá acu chun iad a phróiseáil agus nach bhfuil siad ullmhaithe go leordhóthanach chun oibriú i ngeilleagar digiteach, agus go bhfuil fíor-rochtain ar cheartas le haghaidh FBManna ag brath ar shaineolas i réimse an dlí agus na teicneolaíochta, ar meascán costasach é ar deacair teacht air; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, cur chun cinn an tsaineolais dhlíthiúil theicneolaíoch san Eoraip a chomhtháthú ina straitéis scileanna digiteacha, agus á chur i bhfios go láidir gur gá infheistíochtaí a mhéadú agus á chur in iúl gur geal léi gur seoladh ionstraimí nua maoiniúcháin chun tacú le cuideachtaí san intleacht shaorga ar fud na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta;

4. á chur i bhfios go bhfuil an margadh aonair digiteach agus IS ag forbairt go gasta agus dá bhrí sin á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá creat Eorpach a bheidh solúbtha, a sheasfaidh an aimsir, comhréireach agus comhchuibhithe; ag tathant ar an gCoimisiún tograí agus tionscnaimh a chur ar aghaidh a bheidh bunaithe ar an gcothromaíocht cheart lena dtabharfar tacaíocht don nuálaíocht agus lena n-áiritheofar sábháilteacht agus cosaint an tomhaltóra, agus ar an gcaoi sin go seachnófar cur chuige a oireann do chách ar thaobh amháin agus ilroinnt an mhargaidh aonair dhigitigh trí chineálacha

éagsúla cur chuige náisiúnta, lena n-áirítear sraitheanna de bhacainní earnálacha nach bhfuil gá leo i réimse na hintleachta saorga, ar an taobh eile;

***Feabhas a chur ar úsáid IS do thomhaltóirí na hEorpa***

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le creat rialála nua don intleacht shaorga chun dul i ngleic leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cinnteoireacht uathoibrithe agus chun an mhuinín agus an leas is fearr is féidir a bhaint as úsáideoirí, agus ag an am céanna leas shaoránaigh AE a chosaint agus leibhéal leormhaith cosanta a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, measúnú tionchair críochnúil a chur i láthair ina sainaithnítear bearnaí dlíthiúla sna dlíthe atá ann cheana, agus ina dhiaidh sin togra le haghaidh creat reachtach atá riosca-bhunaithe, oscailte don nuálaíocht, láidir agus slán i bhfad na haimsire, ar creat é a bheidh spreagtha ag cur chuige daonnúil agus duinelárnach, le haghaidh úsáid na hintleachta saorga agus na gcóras cinnteoireachta uathoibrithe lena ndírítear ar na bearnaí dlíthiúla a dhúnadh gan dochar do reachtaíocht earnáil-shonrach atá ann cheana;

6. á chur in iúl go bhfuil sí go láidir den tuairim go bhfuil sainmhínithe comhchuibhithe a sheasfaidh an aimsir ar 'IS' agus ar 'ardriosca' ríthábhachtach chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, lena n-áirítear chun críocha éilimh a shaothrú i ndáil le mífheidhm nó tionóisc agus faoi chuimsiú cur chuige rioscabhunaithe; á mheabhrú gur cheart go gcuirfí san áireamh leis an gcur chuige sin acmhainneacht na dteicneolaíochtaí sin chun cearta bunúsacha a shárú agus chun claontacht nó dochar a dhéanamh do dhaoine aonair nó don tsochaí ina hiomláine, agus á mheabhrú gur gá maoirseacht iomlán a dhéanamh ar fhorbairt, ar imscaradh agus ar úsáid na bhfeidhmchlár IS ard-riosca i gcónaí;

7. á mheas go bhfuil an easpa rialacha soiléire Eorpacha maidir le sannadh an dliteanais i gcás mífheidhme nó timpiste arb iad feidhmchláir intleachta saorga is cúis leis ar cheann de na príomhbhacainní ar chur chun feidhme na dteicneolaíochtaí atá bunaithe ar an intleacht shaorga lena n-úsáid go forleathan agus á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá an reachtaíocht atá ann cheana a nuachóiriú i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear iad siúd atá cumasaithe ag an intleacht shaorga; ag tathant ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh, inter alia, ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí[1], go háirithe trí athshainiú a dhéanamh ar na téarmaí 'táirge', 'damáiste' agus 'fabht' agus coigeartuithe a dhéanamh ar an gcoincheap 'ualach cruthúnais', rud ba cheart a bheith ag teacht leis na modhnuithe ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[2], agus trí chreat dliteanais a mholadh d'oibreoirí na hintleachta saorga bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair ina gcuirtear leochaileacht úsáideoirí agus tomhaltóirí IS san áireamh trína gcosaint éifeachtach a ráthú, lena n-áirithítear cúiteamh cóir d'íospartaigh nuair a dhéantar damáiste agus atá bunaithe ar chion an rialaithe atá i seilbh an oibreora ar riosca na hoibríochta, agus céimeanna na forbartha agus an imscartha á gcur san áireamh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh nuashonrú na reachtaíochta i gcomhréir leis na moltaí comhfhreagracha ó Pharlaimint na hEorpa;

8. á chur in iúl gur cheart an tsochaí, lena n-áirítear tomhaltóirí, tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a fhorbairt, a imscaradh agus a úsáid ar bhealach

[1] IO L 210, 7.8.1985, lch. 29.
[2] IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.

freagrach, ar teicneolaíochtaí iad a théann chun tairbhe na saoránach, a chruthaíonn deiseanna do ghnólachtaí agus a fheidhmíonn ar mhaithe leis an tsochaí; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, noirm eiticiúla shoiléire a shainiú maidir le forbairt, imscaradh agus úsáid na hintleachta saorga, an róbataic agus na dteicneolaíochtaí gaolmhara lena n-urramaítear go hiomlán cearta bunúsacha agus lena ráthaítear dínit an duine, cothroime, sábháilteacht, slándáil, trédhearcacht, dea-rialachas agus cearta cosanta na dtomhaltóirí, agus prionsabail na rialála níos fearr á gcur san áireamh, agus á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit maidir le prionsabail eiticiúla a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, treoirlínte a fhorbairt agus páirt a thabhairt do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí ábhartha;

9. á chur i bhfios go láidir, le haghaidh oiliúint IS, go bhfuil saorshreabhadh sonraí laistigh d'fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[3] bunriachtanach agus gur cheart bunchreat dlíthiúil láidir a bheith mar bhonn leis sin lena gcuirtear muinín i measc gnólachtaí chun cinn agus lena n-áirítear, nuair is gá, rialacha conarthacha iomchuí, neamh-idirdhealaitheacha agus cothroma lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí cumhachta nó margaidh atá ann cheana, lena n-áiritheofar cur chuige atá neamhdhíobhálach don tomhaltóir maidir le rochtain ar shonraí agus rialú na sonraí, agus lena gcuirfear teorainn le bacainní neamhriachtanacha ar infhaighteacht sonraí i gcomhréir leis na coinníollacha Eorpacha maidir le sonraí a chosaint, lena n-áirítear, faoi choinníollacha iomchuí, sonraí a gineadh i dtaca le soláthar seirbhísí leasa ghinearálta i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Coimisiún tiomanta d'fhíormhargadh aonair Eorpach le haghaidh sonraí a fhorbairt, lena gceadófar do ghnólachtaí tosú agus méadú, nuáil a dhéanamh agus dul san iomaíocht nó dul i gcomhar le chéile ar bhonn cothrom;

10. ag meabhrú di gné dhomhanda na ndeiseanna atá intuigthe i dteicneolaíochtaí IS agus á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh AE ina cheannaire domhanda i bhforbairt IS; á iarraidh ar an gCoimisiún comhar idirnáisiúnta comhsheasmhach a chur chun cinn le tíortha atá ar aon intinn leo, rud a chuideoidh le sineirgí a chruthú maidir le IS idir eintitis Eorpacha agus fóraim iltaobhacha eile, chun iarrachtaí a ailíniú agus chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar fhorbairt IS; ag tathant ar an gCoimisiún tacú le hiarrachtaí iltaobhacha chun próisis idirnáisiúnta um chaighdeánú a phlé i bhfóraim ábhartha chun forbairt, imscaradh agus úsáid IS a threorú; á thabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, a uaillmhianaí atá sé straitéis dhomhanda um chomhar digiteach agus comhaontú IS trasatlantach a thabhairt isteach;

***Feidhmiú an mhargaidh aonair maidir le gnéithe digiteacha***

11. á thabhairt chun suntais gur cheart saoránaigh, mar úsáideoirí agus mar thomhaltóirí, a chur ar an eolas i gcónaí ar bhealach tráthúil intuigthe faoi chórais algartamacha a bheith ann agus go bhfuil siad ag baint tairbhe cheana féin as rialacha láidre cosanta sonraí amhail RGCS agus an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas[4]; á iarraidh go nglacfaí gan mhoill Rialachán láidir maidir le ríomh-Phríobháideachas agus go ndéanfar

[3] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1

[4] IO L 201, 31.7.2002, lth. 37

RGCS agus a phrionsabail a fhorfheidhmiú go héifeachtúil, lena n-áirítear príobháideachas trí dhearadh agus mar réamhshocrú; á chur in iúl gur mór léi go dtuarann an Coimisiún bearta chun cumhacht a thabhairt do dhaoine aonair a gcearta a fheidhmiú agus go spreagann sé córais atá dírithe ar thomhaltóirí agus atá bunaithe ar chleachtais chothroma agus neamh-idirdhealaitheacha, lena gceadaítear do thomhaltóirí smacht a bheith acu ar a gcuid roghanna trí a dtoiliú a choimirciú i gcónaí, chomh maith lena gceart mínithe a fháil agus, i gcás inar féidir, a gceart úsáid a bhaint as feiste nasctha agus a feidhmeanna uile, fiú má tharraingíonn tomhaltóirí siar a dtoiliú sonraí a chomhroinnt leis an monaróir feiste nó le tríú páirtithe;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear úsáideoirí agus tomhaltóirí ar an eolas go cuí agus go ndéanfar a gcearta a shainiú go soiléir agus a ráthú go héifeachtach nuair a dhéanann córais IS pearsantú ar tháirge nó ar sheirbhís dá úsáideoirí agus nuair a idirghníomhaíonn siad le córais chinnteoireachta uathoibrithe nó nuair a chuirtear faoi réir próisis agus cinntí uathrialacha iad, agus nach ndéanfaidh córais chinnteoireachta uathoibríocha dochar do thomhaltóirí nó aschuir claonta nó idirdhealaitheacha suibiachtúla, éagóracha, míréasúnta nó neamhdhlisteanacha a ghiniúint do thomhaltóirí sa mhargadh aonair;

13. á chur i bhfios go gcuireann algartaim féinfhoghlama ar chumas gnólachtaí léargas cuimsitheach a fháil ar chúinsí pearsanta agus patrúin iompair an tomhaltóra, ionas gur féidir leo a bhfógraíocht a oiriúnú, agus á thabhairt chun suntais gur gá a áirithiú go ndéanfar cearta úsáideoirí a chosaint go láidir sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), go háirithe chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a chosaint, *inter alia,* agus chun úsáideoirí a chosaint ar chleachtais dhíobhálacha ghnó atá bunaithe ar spriocdhíriú neamh-chomhfhiosach nó saothrú sonraí; á athdhearbhú go bhfuil gá le trédhearcacht i dtéarmaí conarthacha, lena bhféadfaidh an t-úsáideoir rogha eolasach a dhéanamh, agus le coinníollacha maidir leis an bhféidearthacht sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe agus maidir lena raon feidhme;

14. á chur i bhfáth gur gá trédhearcacht níos fearr a ráthú sna rialacha maidir le hardáin idirlín a bhaineann le tomhaltóirí, chomh maith lena gcomhlíontacht le caighdeáin Eorpacha maidir le cosaint na dtomhaltóirí, agus go bhfuil sé do-ghlactha go nochtar tomhaltóirí do tháirgí neamhshábháilte agus góchumtha; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, go bhfuil gá le freagrachtaí soiléire do mhargaí ar líne atá bunaithe ar phrionsabal na comhréireachta chun an margadh aonair digiteach a threisiú; á chur in iúl gur cheart an fhreagracht atá ar ardáin óstála inneachair maidir le hearraí a dhíoltar nó a ndéantar fógraíocht orthu a shoiléiriú in DSA ionas gur féidir a mheas gurb ann do na coimircí do thomhaltóirí, ar cheart cloí leo i gcónaí, agus na bearta comhchéimneacha sásaimh do mhiondíoltóirí agus do thomhaltóirí, trí *inter alia* an bhearna dhlíthiúil a dhúnadh inar theip ar cheannaitheoirí an sásamh a fháil a bhfuil siad ina theideal de réir an dlí nó an chonartha maidir le hearraí a sholáthar mar shampla mar gheall ar neamhábaltacht an príomhdhíoltóir a shainaithint (an prionsabal gnó ‘bíodh aithne agat ar do chustaiméir’); á mholadh breithniú a dhéanamh ar an rogha ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse digití ó thríú tíortha a sholáthraíonn a gcuid seirbhísí san Aontas chun ionadaí a bhunú laistigh den Aontas;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar úsáid teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, lena n-áirítear blocshlabhra, eadhon conarthaí cliste

sa mhargadh aonair digiteach, agus treoir a thabhairt agus machnamh a dhéanamh ar chreat dlíthiúil iomchuí a fhorbairt chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí, go háirithe ceist na dlíthiúlachta, forfheidhmiú na gconarthaí cliste i gcásanna trasteorann, agus ceanglais nótaireachta i gcás inarb infheidhme;

16. á aithint gurb ann do mhíchothromaíochtaí margaidh maidir le gnólachtaí digiteacha, ós rud é go bhféadfadh ardáin mhóra a bhfuil éifeachtaí suntasacha líonra acu, mar thoradh mar shampla ar na sonraí atá acu, a gcleachtais ghnó a fhorchur ar thomhaltóirí agus ar chustaiméirí agus, dá bhrí sin, gníomhú mar ‘gheatóirí ar líne’ *de facto* sa gheilleagar digiteach, rud a chruthaíonn bacainní suntasacha agus iomaíocht éagórach a bhfuil tionchar díréireach aici ar FBManna; ag tathant ar an gCoimisiún bearta a thabhairt isteach chun cearta tomhaltóirí, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna a chosaint trí chothrom na Féinne sa mhargadh inmheánach a athbhunú agus trí oibleagáidí soiléire maidir leis an idir-inoibritheacht.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Gunnar Beck, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Mislav Kolakušić, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Jiří Pospíšil, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Ernő Schaller-Baross, Stéphane Séjourné, Raffaele Stancanelli, Marie Toussaint, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Lara Wolters, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrzej Halicki, Javier Nart, Emil Radev |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 24 | + |
|---|---|
| EPP | Geoffroy Didier, Esteban González Pons, Jiří Pospíšil, Ernő Schaller-Baross, Axel Voss, Marion Walsmann, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| RENEW | Pascal Durand, Karen Melchior, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara |
| ID | Gunnar Beck, Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton |
| NA GLASAIGH/ALE | Marie Toussaint |
| ECR | Angel Dzhambazki, Raffaele Stancanelli |
| GUE/NGL | Manon Aubry |
| NI | Mislav Kolakušić |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

15.2.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Annalisa Tardino

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil teicneolaíochtaí na hintleachta saorga (AI) á bhforbairt go tapa agus go bhfuil siad á n-úsáid in go leor earnálacha, ar deiseanna ollmhóra iad do na Ballstáit, dá saoránaigh agus do gheilleagar na hEorpa;

B. de bhrí, i bhfianaise na géarchéime a tharla mar thoradh ar an gcoróinvíreas agus an tionchair shuntasaigh a bhí aici ar ár saol ó thaobh úsáid uirlisí digiteacha a mhéadú, gur práinní an gá creat iontaofa, slán a chruthú do chur i bhfeidhm IS;

C. de bhrí go bhfuil rioscaí ag baint le húsáid IS agus go bhfuil ábhair imní ann maidir le heitic, raon feidhme agus trédhearcacht bhailiú, úsáid agus scaipeadh sonraí pearsanta;

D. de bhrí nach mbíonn creat dlíthiúil AE reatha, lena n-áirítear maidir le cosaint tomhaltóirí, ná rialacha sábháilteachta agus dliteanais táirgí oiriúnach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí atá ann mar thoradh ar IS, an róbataic agus teicneolaíochtaí gaolmhara;

1. á chur i bhfáth gur gá creat iontaofa, slán a fhorbairt do chur i bhfeidhm IS lena gcuirtear leis an reachtaíocht atá ann cheana; á chreidiúint gur cheart, le cur i bhfeidhm IS laistigh den Aontas agus leis an úsáid ghaolmhar a bhaintear as sonraí pearsanta shaoránaigh AE, go n-urramófaí ár luachanna agus ár gcearta bunúsacha mar a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, amhail dínit an duine, príobháideacht, cosaint sonraí agus slándáil;

2. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá timpeallacht IS a fhorbairt a bheadh in ann na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí IS a uasmhéadú ach na rioscaí a bhaineann leis a íoslaghdú agus, thar aon ní eile, a bheadh in ann cosc a chur lena n-úsáid chun críoch mailíseach; á chur i bhfáth gur cheart, leis an gcreat sin, córais iomchuí maidir le dliteanas, cuntasacht, slándáil agus inrianaitheacht a chinneadh go soiléir, chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint;

3. á chur i bhfios go láidir, ós rud é go gcumhdaíonn IS, de réir sainmhínithe, próiseáil sonraí, nach mór dó dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú, go háirithe an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS);

4. á mheabhrú go bhféadfadh claontacht a bheith mar thoradh ar IS agus dá bhrí sin cineálacha éagsúla idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach; á mheabhrú, i ndáil leis an méid sin, nach mór cearta gach duine a chosaint go hiomlán, agus nár cheart go mbeadh tionscnaimh IS idirdhealaitheach ar bhealach ar bith;

5. ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir leis an gclaonadh agus leis an idirdhealú sin eascairt as tacair sonraí atá claonta cheana féin, rud a léiríonn an t-idirdhealú atá sa tsochaí faoi láthair; á chur i bhfáth go gcaithfidh IS claontacht as a dtagann idirdhealú toirmiscthe a sheachaint agus nár cheart dó próisis idirdhealaithe a atáirgeadh; á chur i bhfios go láidir gur gá na rioscaí sin a chur san áireamh agus teicneolaíochtaí IS á ndearadh, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair le soláthraithe teicneolaíochta IS chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh mharthanacha lena n-éascaítear an t-idirdhealú; á mholadh go léireofar éagsúlacht na sochaí leis na foirne a dhearann agus a fhorbraíonn IS;

6. á chur i bhfáth go bhfuil sé fíorthábhachtach sláine agus slándáil líonraí IS agus róbataic idirnasctha a chosaint, agus nach mór bearta láidre a dhéanamh chun athléimneacht a áirithiú i gcoinne ionsaithe agus chun sáruithe slándála, sceitheadh sonraí, nimhiú sonraí, cibear-ionsaithe agus mí-úsáid sonraí pearsanta a chosc;

7. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na hacmhainní is gá a chur ar fáil d'údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí poiblí le go mbeidh siad in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an dlí maidir le cosaint sonraí agus é a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

8. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé algartaim a bheith trédhearcach chun cearta bunúsacha a chosaint go hiomlán; á chur i bhfios go láidir gur gá do reachtóirí, i bhfianaise na mórimpleachtaí eiticiúla agus dlíthiúla, saincheist chasta an dliteanais a bhreithniú, go háirithe maidir le damáistí do dhaoine agus do mhaoin, agus i ngach feidhm IS gur cheart go mbeadh an dliteanas i gcónaí ag duine nádúrtha nó dlítheanach;

9. á thabhairt dá haire go n-úsáidtear AI go minic chun algartaim chinnteoireachta uathoibrithe a chumasú chun an t-ábhar a thaispeántar d'úsáideoirí a scaipeadh agus a chur in ord; á chur i bhfáth go bhfuil na halgartaim sin ina 'mbosca dubh' d'úsáideoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí a mholadh chun an smacht atá ag úsáideoirí ar an ábhar a fheiceann siad a mhéadú, agus chun a cheangal ar fheidhmchláir intleachta saorga agus ar ardáin idirlín an deis a thabhairt d'úsáideoirí an t-ábhar a thaispeáint in

ord neodrach a roghnú, chun rialú níos mó a thabhairt dóibh ar an gcaoi a rangaítear ábhar dóibh, lena n-áirítear roghanna chun rangú lasmuigh dá ngnáthnósanna tomhaltais inneachair, agus chun diúltú go hiomlán d’aon choimeádaíocht ábhair;

10. á chur i bhfáth nach mór, le forbairt chórais IS, go n-urramófar prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus go mbeifear in ann tuiscint dhaonna a fháil ar na gníomhaíochtaí agus ar na cinntí a chinntear le teicneolaíocht IS; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur chuige atá dírithe ar an duine a áirithiú agus an creat rialála á fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí IS chun urraim do chearta bunúsacha a ráthú; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, nach mór d’úsáideoirí a bheith ar an eolas faoin gcaoi a n-úsáidtear a gcuid sonraí, agus faoi na huaireanta a bhíonn siad ag cumarsáid nó ag idirghníomhú le córas IS chun cur le feasacht, le hiontaoibh agus le muinín na dtomhaltóirí as teicneolaíochtaí nua;

11. á mheabhrú go n-áirítear le RGCS ceart chun a bheith curtha ar an eolas faoin loighic a bhaineann le próiseáil sonraí;

12. á mheabhrú, de réir Airteagal 22 de RGCS, go bhfuil an ceart ag daoine aonair chun idirghabháil an duine nuair a dhéanann cinneadh atá bunaithe ar uathphróiseáil difear suntasach dóibh.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 4.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 1<br>0: 4 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Malik Azmani, Pernando Barrena Arza, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Clare Daly, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Lívia Járóka, Assita Kanko, Peter Kofod, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Dragoş Tudorache, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anne-Sophie Pelletier, Tomáš Zdechovský |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Nicola Procaccini, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Nicolas Bay, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Peter Kofod, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| NI | Laura Ferrara, Martin Sonneborn, Milan Uhrík |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Lívia Járóka, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| RENEW | Malik Azmani, Anna Júlia Donáth, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Dragoş Tudorache |
| NA GLASAIGH/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Marcel de Graaff |

| 4 | 0 |
|---|---|
| An CHLÉ | Pernando Barrena Arza, Clare Daly, Cornelia Ernst, Anne-Sophie Pelletier |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

22.3.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Konstantinos Arvanitis

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil athruithe bunúsacha agus struchtúracha ag teacht ar an margadh saothair, ar an áit oibre, ar phatrúin oibre agus ar phróifíl oibre oibrithe agus ar iompraíocht tomhaltóirí chomh maith leis an tslí a bhíonn daoine ag maireachtáil go ginearálta, mar thoradh ar an gCeathrú Réabhlóid Thionsclaíoch, an digiteáil agus an intleacht shaorga (IS); de bhrí go meastar go mbeidh na hathruithe sin chun tairbhe na saoránach agus na sochaí trí cháilíocht saoil a fheabhsú agus trí dheiseanna nua fostaíochta agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a chruthú, ach go bhfuil roinnt rioscaí agus dúshlán ag baint leo freisin, ar ina leith a theastóidh meastóireacht agus oiriúnú leanúnach agus dinimiciúil ar na creataí reachtacha ábhartha i gcomhréir le rialacha agus prionsabail AE amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Cairt Shóisialta na hEorpa, chomh maith leis na Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa de chuid an Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga[1];

B. de bhrí, leis na deiseanna nua a lean as an gclaochlú digiteach agus as an margadh aonair digiteach, gur cheart go dtabharfaí cumhacht do shaoránaigh uile AE agus go gcuirfí ar a gcumas a bheith rathúil;

C. de bhrí go bhfuil an acmhainneacht ag an digiteáil agus ag IS an bealach a bhfaigheann daoine faisnéis, a ndéanann siad cumarsáid agus a smaoiníonn siad a athrú go suntasach;

D. de bhrí, i bhfianaise na ndúshlán suntasach a bhaineann lena shineirgí le margadh an

[1] an Coimisiún Eorpach, *Ethics Guidelines for Trustworthy AI* [Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa], an 8 Aibreán 2019.

tsaothair, gur cheart don chóras oideachais na riachtanais a bheidh ann amach anseo i margadh an tsaothair a thuar ar bhealach níos fearr agus a bheith in ann oiriúnú dá réir;

E. de bhrí go bhfuil an acmhainneacht ag IS áiteanna oibre agus margaí saothair níos sábháilte agus níos cuimsithí a sholáthar;

F. de bhrí go ndéanann IS agus an digiteáil sineirgí idir daoine agus meaisíní a éascú ar bhealach sochreidte agus go bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha ag baint leo, mar aon le deiseanna nua do ghnólachtaí agus d'oibrithe, ach go bhfuil siad ina siocair freisin le roinnt dúshlán eiticiúil, dlíthiúil agus dúshláin a bhaineann le fostaíocht; de bhrí gur féidir le húsáid IS san áit oibre cur le margaí saothair cuimsitheacha agus feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus gur féidir é a úsáid freisin chun faireachán, meastóireacht, réamh-mheas agus treoir a thabhairt ar fheidhmíocht oibrithe agus ag a bhfuil iarmhairtí díreacha agus indíreacha ar a ngairmeacha beatha; de bhrí gur cheart go mbeadh dea-thionchar ag IS ar dhálaí oibre agus go mbeadh urraim do chearta an duine agus do chearta bunúsacha agus luachanna an Aontais a bheith mar threoir aige; de bhrí gur cheart go mbeadh IS duinelárnach, feabhas a chur ar fholláine daoine agus na sochaí agus cur leis an aistriú cothrom agus cóir; de bhrí go bhféadfadh sé sin cur ar chumas na ngrúpaí sóisialta a bhí eisiata roimhe sin, amhail daoine faoi mhíchumas, rochtain níos fearr a bheith acu ar an lucht saothair agus de bhrí gur cheart na rioscaí a bhaineann le himeacht earnálacha áirithe fostaíochta a chothromú trí dheiseanna nua fostaíochta a chruthú mar aon le poist níos mó agus níos fearr ná na poist a cailleadh;

G. de bhrí, ar an meán, go bhfuil imní ar 16% d'oibrithe in AE go mbeidh a gcuid scileanna as dáta mar thoradh ar an digiteáil[2];

H. de bhrí gur tosaíocht straitéiseach é IS nach féidir leas a bhaint as a lánacmhainneacht ach amháin má tá úsáideoirí agus tomhaltóirí ar an eolas faoi na buntáistí agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht as; de bhrí go raibh cásanna ann inar cuireadh IS i bhfeidhm ar bhealach a sháraigh na rialacháin atá ann cheana féin, amhail na rialacháin maidir le cosaint sonraí;

I. de bhrí gur gá na deiseanna agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a ionchorprú sa phróiseas oideachais, lena n-áirítear chun an t-eisiamh digiteach a chomhrac, agus chun feachtais faisnéise a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun tuiscint leormhaith ar phríomhthréithe gach gné d'fhorbairt IS a chur ar fáil;

I. de bhrí, le faireachas, faireachán agus rialú arna gcumasú ag teicneolaíocht san áit oibre[3], gur féidir brú míchuí a chur ar fhostaithe a bheith níos tapúla agus níos éifeachtaí agus a bpatrúin iompraíochta a rianú;

K. de bhrí gur annamh a bhíonn fiontair, oibrithe agus ionadaithe oibrithe ar an eolas faoi fheidhmchláir IS nó faoina bhfeidhmeanna agus a sonraí foluiteacha;

[2] Cedefop, *Artificial or human intelligence? Digitalisation and the future of jobs and skills: opportunities and risks* [Intleacht shaorga nó dhaonna? Digiteáil agus todhchaí na bpost agus na scileanna: deiseanna agus rioscaí], lch. 3.

[3] mar shampla uirlisí tuartha agus fógartha, cianfhaireachán agus rianú ama agus bainistiú algartamach. Féach Mateescu, A., Nguyen, A., *Explainer: Workplace Monitoring & Surveillance*, *Data & Society*, an 6 Feabhra 2019.

L. de bhrí, ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar scileanna sonracha IS agus ar shaineolas ardleibhéil ag dul i méid i margadh an tsaothair, gur gá do shaoránaigh uile AE an tuiscint is gá ar IS a bheith acu chun go mbeidh siad in ann a ngnáthshaol a chaitheamh;

M. de bhrí gur minic a bhíonn scaipeadh faisnéise bréagaí, foláireamh bréige agus míthuiscintí ag gabháil le hathrú mear teicneolaíoch an lae inniu, ar nithe iad a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de ghnéithe dearfacha agus deiseanna na forbartha teicneolaíche;

N. de bhrí go n-aithnítear an ceart gan a bheith faoi réir cleachtais earcaíochta ar líne gan aon idirghabháil ó dhaoine le Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (aithris 71);

O. de bhrí go bhfuil gnéithe sonracha socheacnamaíocha, inscne, aoise, geografacha agus inrochtaineachta ag an mbearna dhigiteach, nach mór aghaidh a thabhairt orthu;

P. de bhrí go bhfuil béim curtha ag paindéim COVID-19 ar a thábhachtaí atá réitigh dhigiteacha, lena n-áirítear teilea-obair, chomh maith leis na himpleachtaí teicniúla agus sóisialta atá ag baint leo; de bhrí nach bhfuil aon fhorálacha comhchoiteanna ann ar leibhéal an Aontais maidir le IS a chur i bhfeidhm san áit oibre, a bhféadfadh saobhadh margaidh agus míbhuntáistí iomaíochta a bheith mar thoradh air; de bhrí gur cheart IS a bheith faoi réir creat rialála iomchuí;

Q. de bhrí, le bainistiú algartamach oibre, áiteanna oibre agus oibrithe, go bhféadfar éagothromaíochtaí cumhachta agus teimhneacht maidir le cinnteoireacht a chruthú agus nach mór go mbeadh sé trédhearcach chun go mbeidh oibrithe in ann agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí sin trí nósanna imeachta éifeachtacha; de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid IS – lena n-áirítear IS ardriosca[4] – ní hamháin san áit oibre, ach freisin do phróisis eile riaracháin; de bhrí gur cheart faisnéis shimplí agus shothuigthe maidir le húsáid IS i bpróisis a bhaineann leis an obair a chur ar fáil, ós rud é gur réamhchoinníoll le haghaidh úsáid eiticiúil gurb ea tuiscint ar ghnéithe bunúsacha algartam;

R. de bhrí gur dhréachtaigh an Eagraíocht um Chomhar agus um Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) moltaí maidir le IS[5];

S. de bhrí, faoi Airteagal 22(1) de RGCS, go bhfuil an ceart ag oibrithe gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin, rud a fhágann nach mór maoirseacht dhaonna a bheith ann;

T. de bhrí gur gnéithe riachtanacha iad maoirseacht dhaonna agus an trédhearcacht chun a áirithiú go mbeidh córais IS i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha;

U. de bhrí go molann an Chomhairle cur chun cinn cur chuige eiticiúil agus duinelárnach

---

[4] Páipéar Bán ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal *Artificial Intelligence – a European approach to excellence and trust* [An Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín] (COM(2020)0065), lch. 18.

[5] Ionstraimí Dlí ECFE, *Recommendation of the Council on Artificial Intelligence*, an 22 Bealtaine 2019.

maidir le IS[6];

V. de bhrí gur chuir comhpháirtithe sóisialta Eorpacha creat-chomhaontú maidir leis an digiteáil i gcrích, ina n-áirítear caibidil maidir le IS agus lena ráthaítear prionsabal an duine a bheith i gceannas[7];

W. de bhrí nach leor na hiarrachtaí chun dul i ngleic le claontacht inscne agus neamhionannas san earnáil dhigiteach; de bhrí go bhfuil bearna inscne fós ann i ngach réimse den teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe maidir le IS, agus ar an gcaoi sin treoshuíomh fireann san earnáil dhigiteach a dhaingniú sna blianta beaga atá amach romhainn;

X. de bhrí, sa rún uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le hEoraip shóisialta láidir d'Aistrithe Córa[8], gur iarr Parlaimint na hEorpa go gcuirfí toirmeasc ar úsáid IS i bpróisis earcaíochta;

1. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cur chuige coiteann Eorpach maidir le gnéithe eiticiúla IS; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá ann an prionsabal i ndáil le heitic trí réamhshocrú a chur i bhfeidhm mar phríomhphrionsabal le haghaidh dhearadh agus úsáid IS; á chur i bhfios go láidir nach mór do chreat rialála an Aontais a áirithiú go mbeidh IS duinelárnach agus go ndéanfar dínit dhaonna agus cearta bunúsacha na n-oibrithe a urramú go hiomlán sa gheilleagar digiteach; á chur i bhfáth, ina theannta sin, gur cheart don chreat Eorpach um IS[9] rialacha agus prionsabail an Aontais a urramú, amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

2. á chur in iúl gur geal léi an dea-thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhargaí saothair na hEorpa, lena n-áirítear cruthú post, áiteanna oibre níos sábháilte agus níos cuimsithí, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe san earcaíocht agus i bpá, agus cur chun cinn meaitseála scileanna agus sreafaí oibre níos fearr, ar choinníoll go ndéanfar na rioscaí a mhaolú agus go ndéanfar nuashonrú ar chreataí rialála ar bhonn rialta de réir mar a théann an tonn digiteach chun cinn;

3. á chur i bhfios go láidir nach mór IS a bheith duinelárnach, trédhearcach, sábháilte agus slán agus go gcaithfidh sé cearta bunúsacha agus na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear RGCS, ar feadh shaolré iomlán an chórais, go háirithe nuair a úsáidtear é ag an áit oibre; á iarraidh go ndéanfar córas láidir deimhniúcháin a fhorbairt, bunaithe ar nósanna imeachta tástála agus faoi threoir phrionsabal an réamhchúraim, chun a chur ar chumas gnólachtaí a thaispeáint go gcomhlíonann a gcuid táirgí AI cearta bunúsacha agus caighdeáin an Aontais;

4. á chur i bhfios, sula ndéanfar córais IS a fhorbairt, a imscaradh agus a chur chun feidhme, gur cheart measúnú riosca cuimsitheach a dhéanamh chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar chearta bunúsacha agus ar dhálaí oibre, lena n-áirítear ó thaobh sláinte agus sábháilteacht ag an obair, mar aon leis na hiarmhairtí sóisialta; á

[6] Conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2020 maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, IO C 202 I, 16.6.2020, lch. 1.

[7] Creat-Chomhaontú Chomhpháirtithe Sóisialta na hEorpa maidir leis an Digiteáil, mí an Mheithimh 2020.

[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0371.

[9] an Coimisiún Eorpach, *Ethics Guidelines for Trustworthy AI* [Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa], an 8 Aibreán 2019.

chur i bhfáth gur cheart go gcumhdódh na measúnuithe sin na rioscaí a bhaineann le cinnteoireacht dhaonna agus le hidirdhealú sóisialta, chomh maith le meastóireacht ar aon rioscaí ceirde a d’fhéadfadh teacht chun cinn;

5. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh rochtain ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis uile maidir leis na sonraí a úsáidtear le haghaidh oiliúna, samhlacha staidrimh agus prionsabail theoiriciúla a bhaineann le réitigh IS agus ar bhailíocht eimpíreach a dtorthaí;

6. á chur i bhfios go láidir nach mór an t-aistriú digiteach a léiriú ar bhealach níos fearr i gcórais oideachais agus oiliúna agus nach mór go mbeadh sé fite fuaite le feabhsuithe maidir leis an daonlathas ag an obair, dea-rialachas agus seirbhísí poiblí ar dhea-cháilíocht;

7. á athdhearbhú a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an fhoghlaim leanúnach chun na cáilíochtaí atá riachtanach san aois dhigiteach a fhorbairt agus chun dul i ngleic leis an eisiamh digiteach; á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in oideachas ardcháilíochta, freagrúil agus cuimsitheach, i ngairmoiliúint agus i gcórais foghlama ar feadh an tsaoil chomh maith le beartais athscilithe agus uas-scilithe d’oibrithe in earnálacha a bhféadfadh IS dul i gcion go mór orthu; á thabhairt chun suntais gur gá na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha riachtanacha a sholáthar do dhaoine chomh maith le hinniúlachtaí san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) agus scileanna boga trasearnála, amhail smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus fiontraíocht; á chur i bhfios go láidir nach mór aird ar leith a thabhairt ar chuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste ina leith sin;

8. á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh córais IS agus algartaim a bheith duinelárnach i gcónaí agus feidhmiú mar chúnamh le forbairt an duine, thar aon ní eile; á chur i bhfáth nár cheart IS a úsáid chun rogha nó iompar réasúnach a ionramháil nó chun an bonn a bhaint díobh, nó chun faireachas míchuí a dhéanamh;

9. ag aithint na ndeiseanna agus na ndúshlán atá ann sa ré dhigiteach agus go bhfuil mórthionchar ag an bpróiseas digiteála ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar fhostaíocht in AE; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé leathan agus daonlathach maidir le beartas digiteach le saoránaigh, le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun prionsabail, creataí agus ionstraimí a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar thionchair ar oibrithe agus ar an tsochaí; á chur i bhfios go láidir gur cheart go ndéanfadh teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear IS, margadh saothair inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú agus go gcabhródh siad le feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus le folúntais a líonadh;

10. á chur i bhfios go láidir nach ceadmhach do IS ná d’aon reachtaíocht ghaolmhar difear a dhéanamh ar bhealach ar bith d’fheidhmiú ceart bunúsach mar a aithnítear sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse chun dul ar stailc nó beart eile a dhéanamh a chumhdaítear le córais caidrimh tionscail na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó le cleachtais náisiúnta, nó difear a dhéanamh don cheart dul i mbun caibidlíochta, comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú nó gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó le cleachtais náisiúnta;

11. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh IS cabhrú le haosú gníomhach folláin a éascú, trí

chur ar chumas daoine scothaosta fanacht gníomhach inár sochaí agus fanacht i margadh an tsaothair ar feadh tréimhse níos faide más mian leo;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit straitéisí faisnéise maidir le IS a ghlacadh chun scaipeadh mífhaisnéise agus foláireamh bréige a chosc; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé sóisialta maidir le cur i bhfeidhm IS ar leibhéal na cuideachta; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go rachfaí i gcomhairle le hoibrithe agus lena n-ionadaithe agus do dtabharfaí faisnéis leordhóthanach dóibh sula ndéanfar IS a imscaradh; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh úsáid IS trédhearcach agus nach mór do chórais IS san áit oibre príobháideachas agus dínit oibrithe a urramú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag ceardchumainn ar an áit oibre agus ar na hoibrithe féin, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar obair go digiteach; á chur i bhfáth gur gá a ráthú go mbeidh ag oibrithe uile, lena n-áirítear iad siúd sa gheilleagar digiteach, an ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh; á mholadh go n-úsáidfear réitigh dhigiteacha chun cómhargáil a chur chun cinn;

13. á mheabhrú a thábhachtaí atá an comhar idir an lucht acadúil, an lucht tionscail, comhpháirtithe sóisialta agus rialtais maidir leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha, ionas go gcuirfear gach gné shóisialta agus dhaonna san áireamh[6] agus go ndéanfar scéimeanna cuí agus déine tástála le haghaidh chórais IS agus creataí oiliúna d’oibrithe a chur i bhfeidhm le himscaradh IS; á athdhearbhú a thábhachtaí atá an comhar sin le haghaidh meastóireacht níos fearr agus tráthúil sonraí d’fhonn cineálacha nua poist agus scileanna riachtanacha a thuar, agus, ar bhonn níos ginearálta, chun tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach IS ar an margadh saothair a thuar; á chur i bhfáth gur gá cistiú cobhsaí agus leormhaith do chláir taighde Eorpacha maidir le IS a áirithiú;

14. á chur i bhfáth gur gá go mbeadh úsáideoirí agus oibrithe ar an eolas aon uair a úsáidfear córais IS san áit oibre nó chun críoch táirgí nó seirbhísí pearsantaithe, lena n-áirítear na paraiméadair arna gcur i bhfeidhm ag na halgartaim agus conas a úsáidtear IS; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tuiscint níos fearr ar an gcaoi a bpróiseálann agus a luachálann algartaim sonraí; á thabhairt chun suntais gur gá scileanna maidir le IS san áit oibre a fhorbairt trí oiliúint agus oideachas d’oibrithe agus dá n-ionadaithe chun a chur ar a gcumas tuiscint níos fearr a bheith acu ar na himpleachtaí atá ag réitigh IS;

15. á iarraidh ar chomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal na cuideachta oibriú le chéile chun faireachán a dhéanamh ar imscaradh IS; á chur i bhfios go láidir nach mór aird ar leith a thabhairt ar shonraí a bhailítear san áit oibre le cabhair ó IS, go háirithe má úsáidtear iad le haghaidh cinntí maidir le hacmhainní daonna; á chur i bhfáth go gcoinníonn oibrithe úinéireacht ar a gcuid sonraí, fiú tar éis deireadh a bheith curtha le caidreamh fostaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe sóisialta anailís a dhéanamh ar an ngá atá le forálacha speisialta maidir le cosaint sonraí san áit oibre i gcomhthéacs IS;

16. á mheabhrú go bhfuil feidhm iomlán ag *acquis* fostaíochta agus sóisialta an Aontais maidir le IS agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit forfheidhmiú cuí a áirithiú i dtaca le seirbhísí digiteacha chun dúshaothrú oibrithe agus obair neamhdhearbhaithe, as measc saincheisteanna eile, a chosc; á thabhairt dá haire gur féidir leis an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda maidir le húsáid IS atá freagrach

go sóisialta a chur chun cinn;

17. á mheabhrú go bhfuil tionchar ag úsáid agus bainistiú fheidhmchláir, algartaim agus fhorbairt próisis IS ar gach gné den obair agus de chearta na n-oibrithe, amhail próisis earcaíochta, daoine agus bainistiú sreafa oibre, agus nár cheart go ndéanfaí idirdhealú in aghaidh oibrithe ná grúpaí leochaileacha leo ná go dtreiseofaí éagothromaíochtaí bunaithe ar chritéir amhail inscne, aois, riocht sláinte, míchumas, náisiúntacht, eitneacht, cine nó máithreachas; á chur i bhfios go láidir gur gá faisnéis shimplí shothuigthe maidir le húsáid IS i bpróisis a bhaineann leis an obair a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún coimircí leormhaithe a áireamh sa chreat rialála IS a bheidh ann amach anseo chun idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear neamhionannais agus steiréitíopaí inscne le IS, trína áirithiú go ndéanfaidh an fhaisnéis nó na tacair sonraí a úsáidtear chun IS atá in úsáid san áit oibre a oibriú nó a oiliúint éagsúlacht a léiriú ar bhonn sonraí ardcháilíochta agus nach mbeidh siad claonta, lena n-áirítear trí uirlisí amhail córais rátála a fhaightear ó thomhaltóirí; á chur i bhfios go láidir nár cheart do IS neamhionannais agus steiréitíopaí a threisiú trí chlaontachtaí agus réamhchlaontaí analógacha a chlaochlú ina gclaontachtaí agus réamhchlaontaí digiteacha le halgartaim;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís a dhéanamh ar chórais algartamacha agus measúnuithe riosca rialta a dhéanamh chun meastóireacht agus aicmiú a dhéanamh ar chineálacha algartaim agus ar fhearainn feidhmchláir de réir an tionchair atá acu ar na hoibrithe; á mholadh don Choimisiún, do na Ballstáit agus do chuideachtaí na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bainistiú algartamach daoine agus oibrithe, go háirithe an easpa trédhearcachta, braistint an uaignis agus an leithlisithe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann do cheart na n-oibrithe chun príobháideachais[10], a mheasúnú agus a mheas os coinne na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann amhail sainaithint luath struis, fadhbanna sláinte agus tuirse, nochtadh níos lú do chiapadh agus d'fhoréigean, agus an tacaíocht fhoriomlán a bhaineann le cosc fianaise-bhunaithe, le measúnú riosca agus le cigireachtaí spriocdhírithe ar shábháilteacht agus sláinte ag an obair[11]; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cosaint iomchuí do chearta agus dínit na n-oibrithe a áirithiú mar aon le cosaint i gcoinne úsáidí na n-uirlisí bainistithe algartamaigh, ar úsáidí iad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, amhail uirlisí chun iompar fostaithe a thuar, cianfhaireachán fíor-ama ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn agus bogearraí rianaithe ama;

19. á iarraidh go gcuirfear prionsabal an réamhchúraim i bhfeidhm maidir le teicneolaíochtaí nua atá bunaithe ar IS; ag cur béim ar an mbunphrionsabal nach mór do dhaoine smacht a bheith acu ar mheasíní i gcónaí agus a bheith cuntasach, agus nach mór do chinntí IS, lena n-áirítear aon chinntí bainistíochta arna moladh ag IS, a bheith inchoimhlinte agus inchúlaithe i gcás inarb ábhartha; á chur i bhfáth nach mór caighdeáin sábháilteachta agus slándála le haghaidh IS a urramú agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá seiceálacha agus rialuithe rialta ina leith sin chun aschur earráideach IS a chosc; á mheabhrú nach mór dliteanas maidir le húsáid IS a shainiú go soiléir, i gcás timpistí ag an obair agus damáiste a dhéantar do thríú páirtithe; á

[10] van Rijmenam, M., *Algorithmic management: what is it (and what's next)?*, an 12 Samhain 2020.

[11] Faisnéisiú beartais ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), dar teideal *Impact of Artificial Intelligence on Occupational Safety and Health* [Tionchar na hIntleachta Saorga ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair], 2021.

athdhearbhú, le haon úsáid a bhaintear as IS ag an obair, nach mór an ceart atá cumhdaithe in Airteagal 22(1) de RGCS maidir le gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin a urramú agus a choimirciú go leormhaith;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i mbeartais agus i gcláir atá spriocdhírithe go struchtúrach chun tacú leis an aistriú digiteach d'oibrithe agus do shaoránaigh trí chistí AE atá ar fáil; á chur i bhfáth gur réamhchoinníollacha don aistriú digiteach iad bonneagar agus forbairt scileanna;

21. á thabhairt chun suntais gur féidir an bhearna dhigiteach sa tsochaí a shárú leis na scileanna cuí agus an eolas maidir le IS agus gur cheart do réitigh IS tacú le lánpháirtiú grúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair amhail daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta nó i gceantair thuaithe;

22. á chur i bhfios go bhfuil rochtain ar réitigh IS nasctha go dlúth le hinfhaighteacht idirlín ardluais agus dá bhrí sin gur cheart tús áite a thabhairt do chlúdach leathanbhanda chun idirdhealú agus rochtain neamhchothrom ar na teicneolaíochtaí sin a chosc, go háirithe i réigiúin iargúlta, réigiúin inar tearc an daonra, réigiúin fhorimeallacha, réigiúin teorann agus oileáin;

23. á thabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a fheidhmíonn sa gheilleagar digiteach; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tacaíocht leordhóthanach airgeadais agus eagraíochtúil le haghaidh nuálaíochtaí do chuideachtaí agus le scileanna digiteacha níos fearr d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon sna hearnálacha agus seirbhísí uile;

24. á iarraidh an athuair go mbeidh cosaintí dlíthiúla ann d'oibrithe ardáin chun a áirithiú go n-urramófar a gcearta saothair agus chun rochtain ar chosaint shóisialta leormhaith a ráthú dóibh i gcomhréir le moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[12]; á iarraidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar dhálaí oibre agus fostaíochta d'oibrithe ardáin agus timpeallachtaí cuibhiúla oibre agus deiseanna oiliúna ar feadh an tsaoil a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh oibrithe ardáin in ann a gceart chun a gcuid sonraí a phortáil, lena n-áirítear rátálacha a fhaightear ó thomhaltóirí, a fheidhmiú go héifeachtach;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún creat reachtach a mholadh chun dálaí teilea-oibre ar fud an Aontais a rialáil agus chun dálaí cuibhiúla oibre agus fostaíochta sa gheilleagar digiteach a áirithiú;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar dhálaí saothair d'oibrithe ardáin sa togra reachtach a bheidh aige amach anseo chun go ráthófar timpeallachtaí oibre sláintiúla agus sábháilte, fostaíocht agus pá ar ardchaighdeán, an ceart chun dícheangail, an oibleagáid atá ar fhostóirí athoiliúint dhigiteach síoraí a thairiscint, agus seiceálacha iomlána, trédhearcacha ar fhéiniúlacht ar líne na bhfostaithe;

27. á mheabhrú nár cheart go mbeadh dlúthbhaint ag solúbthacht agus féineagrúchán na n-oibrithe le faireachas díréireach nó le mí-úsáid teicneolaíochta digití ar bhealach a

[12] IO C 387, 15.11.2019, lch. 1.

bheadh ina chúis le hidirdhealú nó dúshaothrú nó a spreagfadh na nithe sin;

28. ag tabhairt dá haire gur ann do bhearna scileanna i margaí saothair na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi Clár Oibre nuashonraithe an Choimisiúin maidir le Scileanna don Eoraip agus an Plean Gníomhaíochta nua don Oideachas Digiteach (2021-2027), lena gcabhrófar le hoibrithe borradh a chur faoina scileanna digiteacha agus na cáilíochtaí a fháil don saol oibre a bheidh ann amach anseo, agus lena gcabhrófar le dul i ngleic le hoiriúnú agus gnóthú cáilíochtaí agus eolais i bhfianaise na n-aistrithe digiteacha agus glasa; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an moladh ón gComhairle a glacadh le déanaí maidir le VET[13] agus á iarraidh ar na Ballstáit é a chur chun feidhme go mear trí nuashonrú a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta gairmoiliúna agus oiliúna gairmiúla agus ar a gcláir athscilithe, uas-scilithe agus foghlama ar feadh an tsaoil d'fhonn feabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach agus cuimsiú digiteach a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur gá gnéithe eiticiúla IS agus forbairt scileanna chun críoch eiticiúil a áireamh mar chuid lárnach d'aon churaclaim oideachais agus oiliúna d'fhorbróirí agus do dhaoine atá ag obair le IS; á mheabhrú nach mór d'fhorbróirí, ríomhchláraitheoirí, cinnteoirí agus cuideachtaí a bhíonn ag déileáil le IS a bheith ar an eolas faoin bhfreagracht eiticiúil atá orthu; á mheas go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú go gcuirfear faisnéis chuimsitheach ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus do thomhaltóirí agus go mbeidh malartuithe rialta ann idir na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis sin;

29. á mheabhrú go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht ar gach leibhéal san earnáil dhigiteach san Eoraip, ó mhic léinn (32% ar leibhéal baitsiléara, máistreachta nó a choibhéis) go dtí na poist acadúla is sinsearaí (15%), agus gur in earnáil TFC atá an bhearna is mó; á chur i bhfáth go dteastaíonn scileanna bunúsacha digiteacha le haghaidh 90% de phoist[14] agus nach ionann mná ach 17% de dhaoine i staidéir agus gairmeacha TFC in AE[15] agus 36% de ghairmithe ETIM[16], in ainneoin go n-éiríonn níos fearr le cailíní ná le buachaillí sa litearthacht dhigiteach[17]; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá oideachas, scileanna agus tacaíocht d'fhostaíocht agus do chonairí gairme do mhná chun aghaidh a thabhairt ar chlaontacht inscne agus chun tacú leis an gcomhionannas inscne; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí breise ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE chun aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht inscne sin, agus aird ar leith á tabhairt ar ETIM, ar earnáil TFC agus ar an oideachas digiteach, trí rannpháirtíocht na gcailíní agus na mban a chur chun cinn go gníomhach trí ghníomhaíocht beartais nithiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht láidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mbearna inscne san earnáil dhigiteach; á iarraidh go ndéanfar na gníomhaíochtaí agus na bearta thuasluaite a chur chun feidhme chun a áirithiú nach gcuirfear leis na neamhionannais atá ann cheana ná nach ndéanfar iad a mhacasamhlú;

---

[13] Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneachta, IO C 417, 2.12.2020, lch.1.

[14] Staidéar a tiomsaíodh don Choimisiún Eorpach dar teideal *ICT for Work: Digital Skills in the Workplace* [TFC don Obair: Scileanna Digiteacha san Áit Oibre], an 10 Bealtaine 2017.

[15] Eurostat, *Girls and women underrepresented in ICT* [Mná agus cailíní faoi ghannionadaíocht in TFC], an 25 Aibreán 2018.

[16] an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *She Figures 2018* [Figiúirí maidir le Mná 2018], Feabhra 2019.

[17] an Comhlachas Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghaisce Oideachais (IEA), *International Computer and Information Literacy Study 2018*.

30. á chur i bhfios go láidir gur gá modúil oideachais agus oiliúna a dhearadh do ghairmithe atá i lár a ngairme chun a chur ar a gcumas athsciliú a dhéanamh agus ullmhú d'aistrithe poist;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar rialacháin maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair i gcomhthéacs sineirgí idir an duine agus an meaisín; á iarraidh ar an gCoimisiún sláinte shíceolaíoch agus mheabhrach oibrithe a choimirciú trí chreat reachtach AE maidir le strus a bhaineann leis an obair agus rioscaí síceasóisialta a chosc; á chur i bhfáth gur gá go mbeadh rochtain ag oibrithe san earnáil dhigiteach ar thacaíocht shíceolaíoch, go háirithe oibrithe atá páirteach i modhnóireacht inneachair; á iarraidh ar EU-OSHA gnéithe síceolaíocha a bhaineann leis an obair a áireamh i bhFeachtas 2023 na nIonad Oibre Sláintiúil ar fud AE atá tiomnaithe don digiteáil agus do shláinte agus sábháilteacht ag an obair;

32. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh daoine ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear mná, daoine óga, daoine de chine daite agus daoine faoi mhíchumas, rannpháirteach i bhforbairt, imscaradh agus úsáid IS; á mheabhrú gur cheart teicneolaíochtaí IS-bhunaithe san áit oibre a bheith inrochtana do chách, bunaithe ar an bprionsabal maidir le dearadh do chách; á thabhairt chun suntais go bhfuil an acmhainneacht ag réitigh digiteacha amhail teilea-obair agus feidhmchláir IS chun tacú le lánpháirtiú agus conairí gairme daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair; á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i rochtain na ndaoine faoi mhíchumas ar fheistí cúnta agus ar nascacht amhail ionstraimí um chúnamh ag an obair, réitigh soghluaisteachta nó córais braiteoirí cliste, agus an rochtain sin a éascú, d'fhonn a gcuimsiú sóisialta a chothú agus caighdeán cuibhiúil maireachtála a áirithiú;

33. á iarraidh ar an Údarás Eorpach Saothair ról ceannasach a ghlacadh maidir leis an bpróiseas claochlaithe i dtreo geilleagar sóisialta-digiteach a éascú;

34. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cistí AE a shlógadh do FBManna chun dlús a chur le glacadh IS agus aghaidh a thabhairt ar athruithe struchtúracha sna hearnálacha agus sna réigiúin uile a bhfuil tionchar ag an aistriú digiteach orthu.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 17.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 2<br>0: 3 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Radka Maxová, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoș Pîslaru, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Marie-Pierre Vedrenne, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Johan Danielsson, Jeroen Lenaers, Pierfrancesco Majorino, Alin Mituța, Eugenia Rodríguez Palop, Anne Sander |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| ECR | Lucia Ďuriš Nicholsonová |
| ID | Dominique Bilde, France Jamet, Elena Lizzi, Stefania Zambelli |
| NI | Daniela Rondinelli |
| EPP | David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Jeroen Lenaers, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Anne Sander, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Radka Maxová, Alin Mituța, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Johan Danielsson, Estrella Durá Ferrandis, Heléne Fritzon, Alicia Homs Ginel, Pierfrancesco Majorino, Manuel Pizarro, Marianne Vind |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Nicolaus Fest, Guido Reil |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

25.2.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Ivo Hristov

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil an t-athrú aeráide agus caillteanas na bithéagsúlachta ag imirt tionchar suntasach cheana féin ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht, le tionchair láithreacha ar tháirgeacht acmhainní nádúrtha agus ar a bhfáil, a dhéanann difear do tháirgeadh barr agus beostoic agus don slabhra bia ina iomláine, agus do thomhaltóirí dá réir sin; de bhrí go bhféadfaí na tionchair dhiúltacha sin a mhaolú trí úsáid theicneolaíochtaí na hintleachta saorga (IS) agus úsáid uirlisí nuálacha;

B. de bhí go n-éilítear lenár ngníomhaíocht chun an t-athrú aeráide a chomhrac cinntí tábhachtacha a ghlacadh i réimse an táirgthe talmhaíochta agus beostoic san Aontas, agus go n-ardófar ceanglais go rannchuideoidh na hearnálacha sin le níos mó inbhuanaitheacht chomhshaoil, in éineacht le tacaíocht IS freisin; de bhrí gur cheart go bhforchuirfí na ceanglais chéanna ar tháirgí ó thríú tíortha a bhfuil comhaontuithe saorthrádála tugtha chun críche ag an Aontas Eorpach leo;

C. de bhrí go bhfuil an acmhainneacht ann le IS agus le huirlisí nuálacha eile cleachtais táirgthe a thabhairt chun foirfeachta, agus, d’fhonn acmhainní a úsáid ar bhonn níos éifeachtúla de réir a chéile, ar rud é atá bunriachtanach chun cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach;

D. de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go rachaidh daonra an domhain chomh hard le 9.7 billiún faoi 2050 agus go mbeidh an t-éileamh ar bhia i bhfad níos airde fós;

E. de bhrí gur féidir le teicneolaíochtaí nua borradh a chur faoin aistriú chuig earnáil agraibhia níos inbhuanaithe in AE, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

F. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus le

straitéis na bithéagsúlachta cuidiú le feirmeoirí táirgeacht ardchaighdeáin a shaothrú, agus caillteanas cothaitheach agus a úsáid lotnaidicídí agus leasachán a laghdú faoi 2030; de bhrí go bhféadfaí cuidiú le hiarrachtaí i dtreo na sprice sin tríd an earnáil agraibhia a dhigitiú agus trí theicneolaíochtaí IS agus idirlíon na rudaí nithiúla (IoT) a úsáid, lena bhféadfar cruthú uirlisí nua a chumasú chun dul in ionad na lotnaidicídí sin a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol, mar aon le tús áite a thabhairt don úsáid níos teoranta a ghabhann leo maidir le talmhaíocht bheacht, agus costais d'fheirmeoirí á laghdú ag an am céanna;

G. de bhrí gurb é ceann de chuspóirí ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) a bheidh ann amach anseo ná an fheirmeoireacht chliste a chur chun cinn;

H. de bhrí gur tháinig méadú as cuimse ar earnálacha teicneolaíochta le blianta beaga anuas, go háirithe ardáin a bhfuil speisialtóireacht acu in úsáid agus stóráil sonraí;

I. de bhrí gur aithníodh sa Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga an talmhaíocht mar cheann de na hearnálacha inar féidir leis an intleacht shaorga éifeachtúlacht a mhéadú;

J. de bhrí go bhforáiltear leis an togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile go ndéanfar EUR 10 billiún de bhuiséad an chláir 'Fís Eorpach' a leithdháileadh ar thaighde agus ar fhorbairt (R&D) sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, rud ba cheart a bheith ina chabhair chun bonneagar teicneolaíoch IS a fhorbairt don earnáil; de bhrí gur féidir fás amhábhar leordhóthanach, táirgeadh bia inbhuanaithe agus inacmhainne, feabhas ar chosaint plandaí, cosaint sláinte ainmhithe agus rannchuidiú le forbairt tuaithe a bheith mar thoradh ar dháileadh teicneolaíochtaí digiteacha sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i dtionscal an bhia, agus tionchair dhiúltacha agus costais ionchuir á laghdú ag an am céanna;

K. de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí móra idir glacadh agus cumhdach leathanbhanda rochtana na chéad ghlúine (NGA) eile i limistéir thuaithe[1];

L. de bhrí gurb iad galair plandaí agus lotnaidí is cúis le caillteanas tuairim is 30 % d'fhómhair bhliantúla ar fud an domhain; de bhrí gur féidir le réitigh dhigiteacha lotnaidí plandaí agus easnamh cothaitheach a bhrath agus bearta iomchuí do ghalair shonracha a mholadh;

M. de bhrí gur cuireadh tús i roinnt Ballstát leis an bpróiseas chun moil dhigiteacha don talmhaíocht a chur ar bun, a bhfuiltear ag dréim leis ról tábhachtach a bheith acu i dtabhairt isteach agus i gcur chun feidhme IS agus na réiteach digiteach;

N. de bhí gur ghlac Parlaimint na hEorpa rún an 20 Deireadh Fómhair 2020 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le creat na ngnéithe eiticiúla den intleacht shaorga, an róbataic agus teicneolaíochtaí gaolmhara[2],

O. de bhrí go n-éilíonn an t-aistriú digiteach sa talmhaíocht infheistíocht mhéadaithe i bpríomhchumasóirí an gheilleagair dhigitigh amhail leathanbhanda NGA agus oiliúint

---

[1] an Coimisiún Eorpach. Innéacs um Gheilleagar Digiteach agus Sochaí Digiteach. Táscairí aonair DESI – 1b1 Cumhdach gasta leathanbhanda (NGA).
[2] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0275.

d’fheirmeoirí chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an digitithe agus na hintleachta saorga san earnáil talmhaíochta;

P. de bhrí go gcuireann codanna áirithe den earnáil talmhaíochta teicneolaíochtaí IS i bhfeidhm cheana a d’fhéadfadh fás agus a úsáid ar scála níos mó ar fud na hearnála; de bhrí go bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí sin fós in easnamh nó teoranta i mórán codanna eile den earnáil talmhaíochta;

Q. de bhrí go bhfuil oideachas agus oiliúint ríthábhachtach chun teicneolaíochtaí IS a thabhairt isteach go rianúil agus go rathúil san earnáil talmhaíochta, idir ghlúin nua agus bhaill reatha an phobail talmhaíochta;

R. de bhrí gur cheart go mbeadh faisnéis faoi dea-chleachtais IS ar fáil do ghrúpa níos leithne saineolaithe agus geallsealbhóirí chun feasacht a ardú agus deiseanna a chruthú don earnáil ar fud an Aontais ina iomláine, agus ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, i gcás inarb infheidhme;

S. de bhrí go bhfuil an earnáil talmhaíochta, digiteáil na hearnála agus cur i bhfeidhm IS san earnáil ag brath ar shonraí iontaofa agus bonneagar cobhsaí ó earnálacha eile, lena n-áirítear uirlisí aeraspásúla agus meitéareolaíocha, mar aon le huirlisí chun ithir a thástáil agus táscairí ainmhithe a thomhas, i measc nithe eile; de bhrí go bhféadfadh sé go dtabharfaí le tuiscint go bhfuil gá le huasghráduithe agus feabhsuithe teicneolaíocha i réigiúin agus i mBallstáit áirithe;

T. de bhrí go bhféadfadh teicneolaíochtaí IS agus an digiteáil feabhas a chur ar fheidhmíocht talmhaíochta i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, atá faoi mhíbhuntáiste go minic i ngeall ar rochtain ar acmhainní teoranta agus ar éagsúlachtaí móra séasúracha; de bhrí, de bharr na srianta atá orthu, go bhfanann siad go minic lasmuigh de raon feidhme taighde príomhshrutha;

U. de bhrí go bhféadfadh taighde agus obair IS i réimse na talmhaíochta agus na feirmeoireachta ainmhithe mealltacht na hearnála a mhéadú i measc daoine óga agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le saincheist na hathnuachana ó ghlúin go glúin a réiteach;

V. de bhrí go bhfuil baol ann go gcuirfí muinín an phobail agraibhia san intleacht shaorga i mbaol má léirítear nó má úsáidtear teicneolaíochtaí IS nach bhfuil iomlán feidhmiúil san earnáil agraibhia, nó má léirítear nó má úsáidtear staidéir nach bhfuil go hiomlán i gcrích;

W. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag gnólachtaí nuathionscanta agraibhia san earnáil ó thaobh teicneolaíochtaí agus teicnící nua a thabhairt isteach, arbh fhéidir tairbhe a dhéanamh do ghlacadh teicneolaíochtaí IS agus an glacadh sin a éascú;

X. de bhrí go bhféadfadh IS rannchuidiú le bailiú sonraí a bheidh níos beaichte agus níos cothroime le dáta maidir le leas ainmhithe, rud a d’fheádfadh feabhas a chur ar cháilíocht an taighde earnála agus ar phróisis chinnteoireachta araon;

Y. de bhrí go gcuidíonn gnéithe tírdhreacha i limistéir talmhaíochta leis an mbithéagsúlacht, go bhféadfaidís cur le maolú imeachtaí adhaimsire, agus go gcosnaíonn siad an ithir ó chreimeadh agus ó fhairsingiú fásaigh; de bhrí go n-áirithítear le sonraí cianbhraiteachta ardtaifigh go ndéantar iad a thaifeadadh i gceart agus gur

féidir leo iniúchóireacht a fheabhsú agus cosc a dhéanamh ar eisiamh éagórach codanna de limistéir incháilithe a chumhdaítear le gnéithe tírdhreacha nó ar mheasúnú éagórach ar fhéaraigh choillteacha nó ar chórais agrafhoraoiseachta eile mar limistéir neamhthalmhaíochta;

1. á mheas gur cheart tús áite a thabhairt do shaincheisteanna a bhaineann le dea-bhail, feabhsú dálaí oibre, cosaint slí beatha feirmeoirí, oibrithe agus/nó oibreoirí talmhaíochta agus foraoiseachta, éilimh shochaíocha ar bhia agus sláinte, lena n-áirítear bia sábhailte, cothaitheach agus inbhuanaithe, slándáil an tsoláthair bia, inoiriúnaitheacht táirgeoirí i leith theicneolaíochtaí nua IS, laghdú ardchostas táirgthe d'fheirmeoirí Eorpacha, leas ainmhithe, agus gnéithe eiticiúla agus sóisialta eile maidir le measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht agus tionchair theicneolaíochtaí IS agus teicneolaíochtaí eile san earnáil agus i limistéir thuaithe; a chur i bhfáth nach mór d'úsáid IS a bheith inbhuanaithe agus eiticiúil;

2. á chreidiúint go bhfuil buarthaí bunaithe ar réasún ar oibrithe go dtiocfaidh caillteanas post de bharr IS a ghlacadh, agus gur gá, dá réir sin, go leanfar prionsabail an aistrithe chóir sa ghlacadh, go háirithe an cuspóir maidir le fostaíocht nua a chruthú, seachas dífhostaíocht a bheith ann mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíoch;

3. á iarraidh ar na húdaráis atá freagrach sna Ballstáit anailísí ar thionchar thabhairt isteach theicneolaíochtaí IS ar an áit oibre agus ar oibrithe sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a ullmhú agus a fhoilsiú, agus é mar aidhm leo aistriú rianúil chuig aon samhail talmhaíochta nua atá bunaithe ar IS, i gcomhpháirtíocht shóisialta agus idirphlé le fostóirí, fostaithe agus a gcuid ceardchumann nó ionadaithe, a ullmhú agus a chur chun feidhme trí bheartais agus réitigh atá freagrach go sóisialta agus cóir a chur san áireamh d'oibrithe san earnáil agus é mar aidhm leo cabhrú leis an margadh saothair coigeartú a dhéanamh dá réir sin agus eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch a sheachaint;

4. á chreidiúint go láidir gur cheart na tairbhí a bhaineann le IS agus leis an digiteáil a bheith inrochtana do tháirgeoirí talmhaíochta agus póraitheoirí go léir gan beann ar mhéid nó suíomh a bhfeirme nó a saoráide; á chur i bhfáth gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do FBManna agraibhia ina gclaochlú digiteach i ngeall ar na hacmhainní teoranta atá acu;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún, a mhéid is féidir faoina shainchúram, cistiú cóir agus cothrom a éascú agus a ráthú do thairbhí IS i measc earnálacha éagsúla, mar aon le rochtain agus leithdháileadh na dtairbhí sin, a chumhdóidh réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear limistéir thuaithe, iargúlta agus oileánacha, agus é mar aidhm leis go seachnófar deighiltí nua agus dhá luas faoin Aontas maidir le saincheisteanna amhail IS; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le hacmhainneachtaí agus bonneagar digiteach a neartú agus é mar aidhm leis go seachnófar deighiltí nua agus dhá luas faoin Aontas maidir le saincheisteanna amhail IS;

6. á chur i bhfáth gur earnáil í an talmhaíocht ina mbeidh ról lárnach ag IS maidir le saincheisteanna agus dúshláin táirgthe agus soláthair bia a réiteach, agus dá bhrí sin, chun bheith iomaíoch i réimse na teicneolaíochta digití agus IS, go háirithe teicneolaíocht a bhaineann leis an talmhaíocht, gur cheart infheistíochtaí níos spriocdhírithe le tosaíocht níos airde a dhéanamh sa digiteáil, sa nascacht i limistéir thuaithe, san intleacht shaorga, in uirlisí nuálacha agus éifeachtúla, sa taighde, in anailísí

eolaíocha agus socheacnamaíocha atá beartaithe le feabhas a chur ar cháilíocht agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha amhail ithir agus uisce i dtáirgeadh talmhaíochta agus foraoiseachta san Aontas, agus i mbearta maidir le caomhnú na hithreach agus cosaint na bithéagsúlachta, agus i maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, agus aird á tabhairt ar thábhacht mhéadaitheach réiteach digiteach in aimsir phaindéim COVID-19 agus an suntas a bhaineann le hearnáil talmhaíochta agus bia dhea-fheidhmiúil san Aontas a ráthú;

7. á dhearbhú gur cheart go mbeadh an prionsabal maidir le 'hairgead poiblí, sonraí poiblí' ina threoir do thaighde, forbairt agus cur chun feidhme na hintleachta saorga, nuair atá baint acu le cistí poiblí; á chur i bhfáth gur cheart aon mhaoiniú poiblí don intleacht shaorga sa talmhaíocht a dhíriú ar réitigh iomlánaíocha ar dhúshláin choiteanna maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus le slándáil an tsoláthair bia, agus an tionchar socheacnamaíoch a ghabhann léi a chur san áireamh ag an am céanna, chun an nuálaíocht a chur ar fáil ar mhaithe leis an leas coiteann;

8. á chur i bhfáth gur mór an deis do nuachóiriú, uathoibriú agus éifeachtúlacht agus inbhuanaithe feabhsaithe na hearnála agraibhia agus don fhorbairt áitiúil i limistéir thuaithe iad teicneolaíochtaí IoT agus go háirithe IS;

9. á mheas go bhfuil an bhearna dhigiteach ina bac ar thairbhí earnáil IS a chomhroinnt agus go bhfuil go leor feirmeacha ar fud na hEorpa nach bhfuil ullmhaithe a ndóthain chun nuálaíochtaí nó IS a chur i bhfeidhm;

10. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé feidhmchláir theicneolaíocha a fhorbairt a fhreagraíonn d'fhíor-riachtanais na bhfeirmeoirí, i bpróiseas rannpháirtíochta ón mbun aníos; á chur i bhfáth nach mór oiliúint iomchuí lena gcuirfear na scileanna digiteacha agus an saineolas riachtanach ar fáil d'fheirmeoirí a thabhairt ar an leibhéal réigiúnach/áitiúil, mar shampla ag comhairleoirí feirmeoireachta digití, go háirithe d'fheirmeacha beaga agus meánmhéide, i gcás nach mbreathnaítear i gcónaí ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a bheith brabúsach, chun cuidiú leo na feidhmchláir chearta a fháil, a chur chun feidhme, a úsáid agus tairbhe a bhaint astu, ar rud é atá riachtanach chun tairbhí a bhaint amach san earnáil agraibhia;

11. á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhreis oiliúna agus cúrsaí ar an intleachta saorga a chur san áireamh mar chuid dá n-ardoideachas ginearálta agus speisialaithe atá dírithe ar agraibhia, agus mar chuid den oideachas neamhfhoirmiúil freisin;

12. ag tabhairt chun suntais gur cheart gur faoi úinéireacht na bhfeirmeoirí a bheadh na sonraí ó fheirmeoirí a bhailítear le teicneolaíochtaí IS; á chur i bhfáth nach bhfuil creat dlíthiúil AE ann faoi láthair chun rialú a dhéanamh ar úsáid na sonraí a bhailíonn agus a ndéanann cuideachtaí agraghnó measúnú orthu agus go bhféadfadh cleachtais fhrithiomaíocha a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid sonraí feirme, lena n-áirítear idirdhealú praghais agus amhantraíocht i margaí tráchtearraí a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar ioncam feirmeoirí;

13. ag tabhairt chun suntais go bhféadfaí cabhrú le feirmeoirí cinntí a dhéanamh maidir le bainistiú uisce agus ionchuir trí níos mó taighde a dhéanamh ar conas is féidir leas a bhaint as comharthaí ó shatailítí Galileo chun léarscáileanna ardtaifigh de thaise nó d'ábhar carbóin na hithreach a tháirgeadh, agus go bhféadfaí iad a úsáid freisin chun

faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAECanna) maidir le cosaint na dtailte portaigh agus na bhféarthailte;

14. á chur i bhfáth gur gá tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh sa bhonneagar sonraí don earnáil talmhaíochta agus don nascacht i limistéir thuaithe;

15. ag tabhairt dá haire go bhféadfaidh táirgeadh méadaithe barr agus cáilíocht fheabhsaithe barr a bheith mar thoradh ar theicneolaíochtaí IoT atá ann cheana san earnáil talmhaíochta a chur i bhfeidhm; á mheas go bhfuil gá le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na hintleachta saorga san earnáil agraibhia chun inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht, cruinneas agus táirgiúlacht a fheabhsú;

16. á chur i bhfáth an acmhainneacht a bhaineann le IoT sa talmhaíocht bheacht, go háirithe maidir le dálaí aimsire, cothaithigh ithreach agus riachtanais uisce a bhrath, chomh maith le foirgeacht le lotnaidí agus galair plandaí a shainaithint; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí a bheith mar thoradh ar fhaireachán a dhéanamh trí uirlisí uathoibrithe agus digiteacha, agus ar an gcaoi sin lorg comhshaoil agus lorg aeráide na talmhaíochta a íoslaghdú tuilleadh;

17. á chur i bhfáth gur riosca mór airgeadais í an infheistíocht in IS agus gur féidir léi cur le rófhéichiúnas feirmeoirí, rud a mhéadaíonn a spleáchas ar ghníomhaithe eile san earnáil talmhaíochta agus a rannchuidíonn leis an luach a tháirgeann feirmeacha a aistriú go soláthróirí agra-threalaimh;

18. á chur i bhfáth go bhfuil idir-inoibritheacht chórais IS ríthábhachtach maidir le saor-rogha a thairiscint d’fheirmeoirí nuair a úsáideann siad feidhmchláir agus gléasanna digiteacha;

19. á chur i bhfáth gur gá tacú le feirmeacha beaga agus meánmhéide go háirithe san aistriú chuig teicneolaíocht dhigiteach agus IS agus ina cur chun feidhme ós rud é gurb ionann iad agus samhail teaghlaigh thalmhaíocht na hEorpa, nach mór a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt di, agus go bhféadfadh an tabhairt isteach de theicneolaíochtaí nua inrochtana digiteacha agus IS a bheith ina gcabhair chun an tsamhail táirgeachta sin go háirithe a stiúradh agus cabhrú le cothabháil na gcleachtas traidisiúnta a neartú agus a choinneáil, ar cleachtais iad a ghineann brabúsacht íseal anois, agus, chun go mairfidh siad amach anseo, chun na glúine óga a mhealladh isteach san fheirmeoireacht, chun margaí áitiúla agus ciorcaid soláthair ghearra a fhorbairt, agus chun oidhreacht áitiúil chultúrtha agus bhitheolaíoch a choimirciú, agus réitigh inbhuanaithe ar chosaint sonraí agus ar shaincheisteanna slándála sonraí á n-aimsiú ag an am céanna;

20. á chur i bhfáth gur gá na sineirgí idir na cistí struchtúracha agus infheistíochta éagsúla a threisiú chun cabhrú leis na hearnálacha agraibhia feabhas a chur ar a n-athléimneacht eacnamaíoch agus ar a n-inbhuanaitheacht chomhshaoil;

21. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an bhearna dhigiteach agus idir glúine atá ann i roinnt mhaith réigiún talmhaíochta san Aontas a líonadh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú cobhsaí agus leormhaith chun bonneagar digiteach don earnáil talmhaíochta a thógáil;

22. á iarraidh ar na Ballstáit go léir cistiú an Aontais a shlógadh chun inbhuanaitheacht agus fás an éiceachórais uile-Eorpaigh de mhoil nuálaíochta digití a bhaineann leis an

talmhaíocht a áirithiú, mar shásraí chun glacadh theicneolaíochta IoT agus IS sa talmhaíocht a chur chun cinn agus dlús a chur leis;

23. á chur i bhfios, chun go mbainfidh an talmhaíocht tairbhe as teicneolaíochtaí nua digiteacha agus IS, i measc nithe eile, gur gá leathanbhanda uilíoch a thabhairt chun críche a luaithe is féidir;

24. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar mór ag cáilíocht an bhailithe sonraí agus na dtacar sonraí a úsáidtear ar na héifeachtúlachtaí is féidir a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún caighdeánú na dtacar sonraí agus athbhreithniú ar ardchaighdeán a áirithiú a mbeidh sé d'aidhm aige claontachtaí a dhíothú agus luachanna an Chomhaontaithe Ghlais a ionchorprú i dtáirgí IS; á chur i bhfáth nach mór go bhfillfeadh an luach breise sa slabhra a ghintear leis na sonraí sin ar fheirmeoirí;

25. á thabhairt chun suntais gur féidir le teicneolaíochtaí IS, trí optamú an tslabhra iomláin, rannchuidiú freisin le caillteanas bia a laghdú;

26. á chur i bhfáth nár cheart go ndéanfadh an t-aistriú digiteach agus an cur chuige digiteach, ná soláthar agus cur chun feidhme theicneolaíochtaí IS, idirdhealú i measc oibrithe talmhaíochta, lena n-áirítear oibrithe sealadacha agus oibrithe féinfhostaithe, agus gur cheart go gcuirfí tacaíocht chuí spriocdhírithe ar fáil maidir le hathoiliúint agus uasoiliúint i bpoist agus i ngairmeacha ar ardchaighdeán;

27. á chreidiúint gur féidir agus gur cheart acmhainneacht na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí gaolmhara a úsáid chun feabhas a chur ar inrianaitheacht agus lipéadú táirgí agraibhia agus foraoiseachta agus chun ardchaighdeáin slándála bia a ráthú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna amhail tionscnamh nó modhanna táirgthe, chomh maith le gnéithe amhail inbhuanaitheacht táirgí, sláine, barántúlacht agus cosc calaoise a bhaineann le bia, agus bearta chun iomaíocht chothrom a áirithiú idir na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann agus ar asraonta margaidh, agus ar an gcaoi sin níos mó trédhearcachta a chur ar fáil do thomhaltóirí Eorpacha; á thabhairt dá haire gur cheart féachaint ar réitigh a chuirtear ar fáil le córais bhlocshlabhra i ndáil leis an méid sin;

28. á mheas gur cheart IS a chur chun cinn chun táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta a chothabháil agus a fheabhsú, agus i ndáil le tionchar an athraithe aeráide ar chleachtais talmhaíochta freisin;

29. á iarraidh ar na húdaráis faoi seach sna Ballstáit gan ach teicneolaíochtaí agus stáidéir na hintleachta saorga atá go hiomlán feidhmiúil agus curtha i gcrích a chur i láthair agus a chur chun cinn, ionas gur féidir leis an bpobal agraibhia tairbhe a bhaint as na buntáistí is mó a bhaineann leo gan dochar ná tuairimí maidir le IS ar scála níos mó;

30. á mheas gur féidir leis an nuálaíocht dhigiteach sa talmhaíocht a bheith ina himthosca a rannchuidíonn le hathnuachan glúine san earnáil agus daoine óga a mhealladh chuig an tionscal, rud a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar bhánú na tuaithe agus ar imirce daoine oilte;

31 á iarraidh ar na Ballstáit go léir bearta a áireamh ina gcuid pleananna straitéiseacha agus pleananna forbartha tuaithe maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta chun tacú leis na deiseanna arna gcur ar fáil trí thaighde agus forbairt talmhaíochta, mar aon le IS agus uirlisí nuálacha atá sábháilte agus iontaofa a thabhairt isteach agus a úsáid ar bhonn níos

leithne ar rátaí inacmhainne do thairbhithe;

32. á iarraidh ar na Ballstáit laghdú a dhéanamh ar ualaí riaracháin agus aon bhaic ar infheistíochtaí IS a chur chun feidhme trí chaighdeáin chóra agus éifeachtacha a fhorbairt agus saineolas, faisnéis agus oiliúint a bhfuil gá leo a sholáthair, lena n-áirítear d'fheirmeoirí óga agus ar mhionscála agus d'fheirmeoirí i réigiúin ar lú a mbuntáistí;

33. á iarraidh ar an gCoimisiún an leibhéal éagsúil ullmhachta atá ag Ballstáit a chur san áireamh go hiomlán trí mheastóireacht a dhéanamh ar na pleananna straitéiseacha faoi CBT;

34. á iarraidh ar na Ballstáit acmhainní a sholáthar d'uasghrádú agus athnuachan teicneolaíoch agus ábharach sna bunáiteanna eolaíochta, a oibríonn ar IS nó le IS, amhail institiúidí talmhaíochta, ollscoileanna nó comhlachtaí speisialaithe eile, agus é mar aidhm leo níos mó sonraí cruinne agus cothrom le dáta a bhailiú faoi éifeacht IS ar phlandaí, ainmhithe, ithreacha agus uisce, i measc nithe eile;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún an fheirmeoireacht bheacht a chomhtháthú mar phríomhghné sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' chun gur féidir leas iomlán a bhaint as a hacmhainneacht le haghaidh bainistiú inbhuanaithe acmhainní agus táirgeadh éifeachtúil bia;

36. á iarraidh ar na Ballstáit uirlisí sonracha anailíse sonraí a fhorbairt, agus aird ar leith a thabhairt ar chostais/tairbhí, chun an fhaisnéis ar theicneolaíochtaí digiteacha a theastaíonn ó fheirmeoirí a chur ar fáil dóibh;

37. á chreidiúint gur cheart don Aontas tuilleadh infheistíochtaí a chumasú chun bheith iomaíoch i réimse na teicneolaíochta digití agus IS, go sonrach teicneolaíocht a bhaineann leis an talmhaíocht;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun comhairliúcháin chuimsitheacha leis na Ballstáit, an tionscal agus an lucht léinn maidir le tograí nithiúla le haghaidh cur chuige chun IS a fhorbairt agus imscaradh;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún beirt ionadaithe a bhfuil cúlra talmhaíochta acu agus ionadaí amháin a bhfuil cúlra foraoiseachta acu, ar a laghad, a áireamh sa Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga (HLEG AI);

40. á iarraidh ar na Ballstáit go léir saineolaí amháin ar a laghad a áireamh ó na hearnálacha seo a leanas: an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus bainistiú talún sna moil nuálaíochta ag a bhfuil leibhéal ard speisialtóireachta in IS, mar a mhol an Coimisiún i bPáipéar Bán uaidh an 19 Feabhra 2020 dar teideal *On Artificial Intelligence – A European Approach to excellence and trust* [Maidir leis an Intleacht Shaorga – Cur Chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe] (COM(2020)0065);

41. á iarraidh ar an gCoimisiún na hacmhainní is gá a chur ar fáil chun bunachar sonraí a chur ar bun agus a chothabháil, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, de dhea-chleachtais a bhaineann le IS sa talmhaíocht, ionas go gcumasófar malartú taithí níos gasta agus níos cuimsithí agus chun próisis sa réimse sin a fheabhsú;

42. á iarraidh ar na Ballstáit ag a bhfuil limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu acmhainní

leordhóthanacha a chur ar fáil maidir le taighde ar úsáid IS sna limistéir sin chun na feirmeoirí lena mbaineann a éascú chun úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil;

43. á iarraidh ar an gCoimisiún ardán digiteach nó suíomh gréasáin a dhearadh agus a chur ar fáil a bheidh tiomnaithe d'fhorbairtí IS in earnáil agraibhia an Aontais;

44. ag tabhairt dá haire an iomaíocht theoranta sa mhargadh talmhaíochta do sheirbhísí digiteacha ardleibhéil lena n-úsáidtear teicneolaíocht IS; á chreidiúint gur gá teicneolaíocht agus eolas talmhaíochta a chomhroinnt laistigh de na Ballstáit chun dul i ngleic go comhpháirteach leis na dúshláin atá romhainn;

45. á iarraidh ar an gCoimisiún anailísí críochnúla a dhéanamh ar úsáid na ngléasanna bailithe agus tomhais sonraí, agus gléasanna maighnéadbhunaithe agus tonnbhunaithe i ndáil leis na hainmhithe talmhaíochta is coitianta a phóraítear, amhail eallaí, caoirigh, gabhair, muca, éanlaith chlóis agus beacha, a bheidh ríthábhachtach chun IS a dhearadh agus a úsáid ar leibhéal an Aontais; á chur i bhfáth gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do FBManna agraibhia ina gclaochlú digiteach i ngeall ar na hacmhainní teoranta atá acu, éagothromaí digiteacha a laghdú ó thaobh acmhainneachtaí agus bonneagair de, go háirithe i gcathracha níos lú agus i limistéir thuaithe agus iargúlta;

46. á iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit cuidiú le moil dhigiteacha don talmhaíocht a thionscnamh go náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, go réigiúnach agus go háitiúil;

47. ag tarraingt aird ar chostas as cuimse na réiteach digiteach éagsúil atá ar fáil ar an margadh don fheirmeoireacht; ag tabhairt dá haire a bhuí le hardáin foinse oscailte go ndéantar na réitigh sin níos inacmhainne, agus go mbíonn glacadh gasta agus leibhéal níos airde géarchúise i measc feirmeoirí mar thoradh air sin; á iarraidh go n-áireofar ceanglais maidir le rochtain ar shonraí oscailte i bpróisis soláthair phoiblí uile an Aontais agus i gcláir chistiúcháin uile an Aontais, agus go ndéanfar úsáid bogearraí agus crua-earraí foinse oscailte a chur chun cinn leo.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 40<br>–: 5<br>0: 0 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Pär Holmgren, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Alin Mituța, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Petros Kokkalis |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 40 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Ivan David, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas |
| NI | Dino Giarrusso |
| EPP | Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Petros Kokkalis, Chris MacManus |

| 5 | - |
|---|---|
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Martin Häusling, Pär Holmgren, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 0 | 0 |
|---|---|

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

30.3.2021

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Maria da Graça Carvalho

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhféadfaí rannchuidiú go suntasach le borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa trí acmhainneacht iomlán scileanna digiteacha na mban a úsáid, go háirithe ós rud é go bhfuil thart ar mhilliún folúntas san Eoraip le haghaidh saineolaithe digiteacha, go bhfuil moill á cur ar infheistíochtaí ag 70 % de na cuideachtaí toisc nach bhfuil siad in ann daoine a aimsiú a bhfuil na scileanna digiteacha cearta acu[1] agus toisc go mbíonn cineálacha sonracha scileanna digiteacha ag teastáil le haghaidh breis is 90 % de na poist i roinnt catagóirí post[2];

1. á mheabhrú go bhfuil mná in earnáil na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) faoi ghannionadaíocht agus go bhfuil bearna inscne dhigiteach sna teicneolaíochtaí digiteacha go léir, rud a chuireann mná faoi mhíbhuntáiste; á mheabhrú, thairis sin, gurb ionann mná agus 36% de na céimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), 30% den fhórsa saothair teicneolaíochta, lena n-áirítear 22 % i réimse IS, agus 17 %[3] de na speisialtóirí TFC san Eoraip, agus go gcuirfí borradh EUR 16 bhilliún[4] in aghaidh na bliana faoi gheilleagar AE dá leanfadh céimithe teicneolaíochta ban ar aghaidh go poist dhigiteacha ar an ráta céanna le fir, agus, chun aghaidh a thabhairt ar na steiréitíopaí inscne a mbíonn tionchar mór acu ar roghanna staidéir agus gairme agus an claontacht inscne in IS agus i dtáirgí, rud a léirítear le dearadh, ionchur agus úsáid chórais IS, go rannchuideoidh cur chun cinn an chomhionannais inscne laistigh den mhargadh aonair digiteach leis an mbearna dhigiteach inscne a dhúnadh;

2. ag tabhairt dá haire gur mná iad 30 % de na fiontraithe san Aontas, ach nach bhfaigheann siad ach 2 % den airgeadais neamhbhainc atá ar fáil[5], rud a fhágann go mbíonn sé níos deacra dóibh a bheith rannpháirteach sa gheilleagar digiteach;

3. á mheabhrú gurb í earnáil TFC an earnáil ina bhfuil an céatadán is airde de bhoird cuideachtaí ar fir ar fad atá orthu, agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún spreagadh a thabhairt chun go nglacfar togra 2012 le haghaidh Treoir maidir leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara (an Treoir maidir le Mná ar Bhoird);

4. á chur i bhfáth go léirítear sa suirbhé ar fhoréigean in aghaidh na mban ón

---

[1] Tuarascáil ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh (COM(2020)0241).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 maidir leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (COM(2020)0274).

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne, 2020-2025] (COM(2020)0152).

[4] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/women-digital-0

[5] Fackelmann, S. agus De Concini, A., *Funding women entrepreneurs: How to empower growth,* Innovation Finance Advisory don Choimisiún Eorpach agus don Bhanc Eorpach Infheistíochta, an 29 Meitheamh 2020.

nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha gur tuairiscíodh rátaí arda gnéaschiaptha in ionaid oideachais ETIM, lena n-áirítear i scoileanna, in ollscoileanna agus áiteanna oibre, rud a dhéanann mná a eisiamh tuilleadh ón earnáil;

5. á thabhairt chun suntais gur croíphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhionannas inscne agus gur cheart é a léiriú i mbeartais uile an Aontais; á iarraidh go dtabharfar aitheantas do ról bunúsach na mban i ngnóthú spriocanna maidir leis an straitéis Eorpach dhigiteach i gcomhréir le cuspóirí comhionannais inscne; á mheabhrú go bhfuil rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar digiteach ríthábhachtach chun sochaí dhigiteach rathúil a mhúnlú agus chun borradh a chur faoi mhargadh inmheánach digiteach an Aontais; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé príomhshruthú inscne a áirithiú agus táscairí san oideachas digiteach a fhorbairt ar gach leibhéal, sa Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach agus i dtionscal IS agus feasacht a mhúscailt i measc na mban faoi oiliúint, faoi phoist a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach agus faoi na deiseanna a thugann siad;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne trí chur chuige il-leibhéil laistigh d'earnáil TFC agus beartais a bhunú chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na cúiseanna agus na tosca leis na feiniméin sin amhail steiréitíopaí inscne, idirdhealú nó timpeallachtaí oiriúnacha oibre agus foghlama a chruthú, chun cur le rannpháirtíocht na mban in ETIM agus IS agus bearta a mholadh ar gach leibhéal oideachais agus fostaíochta san earnáil dhigiteach, go háirithe trí scéimeanna meantóireachta a chur ar bun ina mbeadh mná mar eiseamláirí ó aois óg ar aghaidh, trí thacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, le hoiliúint agus le scéimeanna chun cur lena scileanna digiteacha, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná scothaosta, tríd an rochtain ar sheirbhísí a éascú, chomh maith leis an rochtain ar chistiú taighde, ar shaoráidí taighde agus ar an teilea-oibriú, go háirithe i gceantair thuaithe áirithe ina bhfuil béim curtha ag paindéim COVID-19 ar an easpa rochtana ar an idirlíon, ar theicneolaíochtaí agus ar bhonneagair dhigiteacha; á iarraidh go ndéanfar IS a chur san áireamh ó thaobh na hinscne de agus beartas agus reachtaíocht á bhforbairt, agus, más gá, reachtaíocht atá ann cheana, lena n-áirítear cláir AE, a oiriúnú;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na deiseanna airgeadais d'fhiontraithe ban a mhéadú ionas go mbeidh comhdheiseanna acu dul san iomaíocht sa mhargadh aonair digiteach, go mbeidh beartais ann a scaoileann agus a thacaíonn le hacmhainneacht fiontraíochta na mban, agus go ndéanfar an Líonra Eorpach d'Aingil Ghnó agus Gréasán Eorpach na Meantóirí d'Fhiontraithe Ban a leathnú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an Dearbhú Gealltanais aireachta maidir le 'Mná san Earnáil Dhigiteach' a chur chun feidhme ina iomláine;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh mná in ann tairbhiú de na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an teilea-oibriú trí chead a thabhairt dóibh a bheith ag obair ón mbaile agus cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir freagrachtaí gairmiúla a mbeidh íocaíocht ag gabháil leo agus freagrachtaí mar chúramóirí, trína áirithiú go ndéanfar an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil[6] a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh dáileadh níos cothroime ar na

[6] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

freagrachtaí mar chúramóirí i dteaghlaigh, agus chun a áirithiú freisin go mbeidh rochtain ag mná ar na córais chosanta sóisialta riachtanacha agus ar chúram leanaí; á iarraidh go ndéanfar meastóireacht ar thionchar an teilea-oibrithe, go háirithe maidir le huaireanta oibre, imeallú sóisialta, an deighilt idir obair agus an saol príobháideach agus brú síceolaíoch;

9. á iarraidh, i ndáil le bearta fostaíochta, go ndéanfaidh an Chomhairle an Treoir maidir le Mná ar Bhoird a dhíbhlocáil agus a ghlacadh; ag tathant ar na Ballstáit an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a thrasuí agus a chur chun feidhme go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhearna inscne sa gheilleagar digiteach a laghdú trí bhearta spriocdhírithe, lena n-áirítear cistí ón Eoraip chun maoiniú a thabhairt do thionscadail atá á dtreorú ag mná san earnáil dhigiteach, íoslíon taighdeoirí ban atá rannpháirteach i dtionscadail TFC a chur chun cinn, cúrsaí oiliúna do rannóga acmhainní daonna maidir le 'claontacht neamh-chomhfhiosach atá idirdhealaitheach ó thaobh inscne de' chun earcú atá cothrom ó thaobh na hinscne de a chur chun cinn, beartais soláthair phoiblí agus/nó treoirlínte a ghlacadh i ndáil le seirbhísí TFC a cheannach ó sholáthraithe a chuireann cothromaíocht inscne i bhfeidhm ina gcuideachtaí agus ina mboird, agus dáileadh cistí Eorpacha a éascú ar chuideachtaí lena ndéantar critéir chothromaíochta inscne a chur san áireamh;

10. ag tacú go láidir le tionscnaimh an Choimisiúin chun feasacht a mhúscailt maidir le deiseanna digiteacha amhail an cur chuige 'ní painéal go mná', Seachtain Chódúcháin an Aontais, na Comhghuaillíochtaí Scileanna Digiteacha agus Post, Duais an AE do Nuálaithe Ban, tionscnaimh maidir le #SaferInternet4EU ar fud na hEorpa, Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip agus dearcthaí maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil;

11. á mheas gur féidir le IS rannchuidiú go mór chun an t-idirdhealú ar bhonn gnéis a shárú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn roimh mhná chun an comhionannas inscne a chur chun cinn, ar choinníoll go bhforbraítear creat dlíthiúil eiticiúil iomchuí, go ndíothaítear claontachtaí comhfhiosacha agus neamh-chomhfhiosacha agus go n-urramaítear prionsabail an chomhionannais inscne; á chur i bhfáth gurb ann d'easpa éagsúlachta laistigh d'fhoirne forbróirí agus innealtóirí in earnáil IS, agus a thábhachtaí atá sé sonraí a imdhealaítear de réir inscne a úsáid agus táirgí, caighdeáin IS, algartaim agus feidhmchláir á bhforbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar IS a fhorbairt ar bhealach lena ndéantar an comhionannas a urramú agus a chur chun cinn; ag spreagadh na ngníomhaithe ábhartha chun obair a dhéanamh maidir le claontachtaí agus steiréitíopaí inscne agus cultúrtha a chosc, chun oiliúint a chur ar fáil d'fhostóirí, d'oibrithe agus do mhúinteoirí, agus rannpháirtíocht na mban, mar aon le foirne ilchineálacha príomhghníomhaithe sochaíocha, a chur chun cinn i ndearadh, i bhforbairt agus i gcur chun feidhme algartam, meaisínfhoghlama, próiseála teanga nadúrtha agus fheidhmchláir IS;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála a chur ar aghaidh chun dul i ngleic leis an gclaontacht, an idirdhealú gan chúis agus na neamhionannais ar dlúthchuid de chórais ardriosca IS iad, lena n-áirítear córais bhithmhéadracha; á iarraidh go mbeidh breis éagsúlachta ann trí chur chuige trasnach agus cothromaíocht inscne i measc dhearthóirí IS agus go dtabharfar oiliúint leordhóthanach agus ardcháilíochta do dhearthóirí IS maidir le trédhearcacht, idirdhealú, steiréitíopaí inscne, bunadh ciníoch agus eitneach agus claontacht chultúrtha;

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil mná faoi mhíbhuntáiste sna margaí digiteacha atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an mbearna inscne ó thaobh scileanna digiteacha de; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tomhaltóirí a chumhachtú, go háirithe mná, trí bhunscileanna TFC a theagasc agus trí fheachtais múscailte feasachta a sheoladh chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis an margadh aonair digiteach;

14. á thabhairt chun suntais go gcuireann an chlaontacht inscne struchtúrach sa saol acadúil, i dtaighde agus i ngnó sna hearnálacha digiteacha moill ar dhul chun cinn gairme na mban, go laghdaíonn an chlaontacht sin na deiseanna gairme a bhíonn ann dóibh agus go leanann tearcionadaíocht na mban sa gheilleagar digiteach as sin; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear i gcoinne na gclaontachtaí sin, a mhéid is féidir, sna próisis chistithe, iarratais agus chinnteoireachta trína ndearadh, agus á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin cistiú breise a leithdháileadh chun tacú le hacadóirí, le taighdeoirí agus le fiontraithe, ar mná iad;

15. á thabhairt chun suntais go mbíonn ardleibhéal scileanna ETIM criticiúil do phróiseas na nuálaíochta i réimsí ceannródaíocha TFC amhail IS nó cibearshlándáil, agus dá bhrí sin go mbeidh siad níos tábhachtaí amach anseo d'iomaíocht an Aontais Eorpaigh ar mhargaí domhanda;

16. á iarraidh go dtabharfar aird ar leith ar riachtanais na mban agus na gcailíní mar íospartaigh ciaptha agus ar an méadú atá tagtha ar an gcibearchoireacht agus ar an gcibearfhoréigean sa saol digiteach, ar rud é, dá réir sin, atá ina bhac freisin ar rannpháirtíocht chuimsitheach na mban, na gcailíní agus na mionlach i margaí digiteacha, agus á iarraidh go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin sa togra ón gCoimisiún maidir leis an ngníomh um sheirbhísí digiteacha (COM(2020)0825); á iarraidh go mbeidh feachtais ann chun feasacht a mhúscailt agus oideachas a chur ar mhná maidir le conas a bhféadfaidh siad iad féin a chosaint ar líne chun foréigean inscnebhunaithe agus steiréitíopaí inscne a chomhrac; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uirlisí oiliúna a fhorbairt le haghaidh seirbhísí digiteacha agus thionscal IS, ceart na n-oibrithe chun dícheangail a aithint agus oibriú go dlúth le heagraíochtaí sochaí sibhialta ban agus iad a rannpháirtiú chun gur fearr a bheifear in ann freagairt do na hábhair imní i ngnáthshaol ban agus cailíní agus iad a mhaolú agus beartais tomhaltóirí agus teicneolaíochta poiblí á gceapadh agus á gcur chun feidhme, agus aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha, amhail mná agus cailíní ó mhionlaigh;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as an gClár Oibre Digiteach agus as an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach agus díriú orthu ar bhealach níos fearr d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbearna mhór inscne laistigh d'earnáil TFC agus lánpháirtiú iomlán na mban san earnáil a chothú, go háirithe maidir le gairmeacha teicniúla agus teileachumarsáide, agus oideachas agus oiliúint ban agus cailíní a chothú in ábhair TFC agus ETIM;

18. á mheas, chun comhionannas inscne a bhaint amach i bhforbairt, táirgeadh, margaíocht agus úsáid na seirbhísí digiteacha agus na dtáirgí tomhaltais, na bhfeidhmchlár agus na n-ardán ar líne i réimse IS, go bhfuil sé riachtanach go gcruthófaí oideachas cuimsitheach i scoileanna agus in áiteanna oibre, agus go ndéanfaidís claontachtaí inscne ina n-iompraíocht féin agus ina gcuid oibre féin a aithint agus a dhíothú;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an ciapadh ar líne a dhéantar ar fhiontraithe aonair ar mná iad a aithint agus gníomhú chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 2<br>0: 4 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Andżelika Anna Możdżanowska, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek, Jessica Stegrud, Isabella Tovaglieri, Ernest Urtasun, Hilde Vautmans, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Aušra Maldeikienė, Irène Tolleret |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| ECR | Andżelika Anna Możdżanowska |
| EPP | Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Arba Kokalari, Aušra Maldeikienė, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| Renew | Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Irène Tolleret, Hilde Vautmans, Marco Zullo |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| The Left | Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Ernest Urtasun |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Simona Baldassarre, Isabella Tovaglieri |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jessica Stegrud, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Annika Bruna |
| The Left | Sandra Pereira |

Eochair do na siombailí:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.4.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0: 5 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Alexandra Geese, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Jean-Lin Lacapelle, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Dan-Ştefan Motreanu, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Jordi Cañas, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume, Jiří Pospíšil, Barbara Thaler |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 39 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Carlo Fidanza, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek |
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| NI | Miroslav Radačovský |
| EPP | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Arba Kokalari, Antonius Manders, Dan-Ştefan Motreanu, Jiří Pospíšil, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Barbara Thaler, Róża Thun und Hohenstein, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Jordi Cañas, Dita Charanzová, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard, Marco Zullo |
| S&D | Clara Aguilera, Biljana Borzan, Evelyne Gebhardt, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, Alexandra Geese, Claude Gruffat, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh